ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 24

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

13.06.2012

Tithe Solais na hÉireann agus na fir agus na mná a choinníonn na soilse lasta
L. 8 agus 9

'Croí a Mhúscailt – Awakening a Heart'
L. 24

www.gaelsceal.ie

Cá bhfuil airgead an Údaráis ag dul?

€74m do Chatagóir **A**

€11m do Chatagóir **B**

€59m do Chatagóir **C**

Buaicphointí d'iniúchadh Ghaelscéal ar infheistíocht Údarás na Gaeltachta;

- **41% d'infheistíocht an Údaráis caite sna Gaeltachtaí is laige.**
- Níos mó caite i gCatagóir C ná i gCatagóir A i nDún na nGall.
- **Níos mó caite i Maigh Eo & Corcaigh ná i gCiarraí.**
- 95% d'infheistíocht Mhaigh Eo i gCatagóir C.
- **€5.8m do Bhéal an Mhuirthead, €3.8m don Daingean.**
- 83% d'infheistíocht na Gaillimhe i gCatagóir A.

Léiríonn anailís atá déanta ag Gaelscéal gur caitheadh 41% d'infheistíocht Údarás na Gaeltacht sna Gaeltachtaí is laige.

Thug an tÚdarás €59 milliún do chomhlachtaí i gceantair a rangaíodh i gCatagóir C sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Caitheadh €74 milliún, nó 51%, sna Gaeltachtaí i gCatagóir A. Chaith an tÚdarás €22 milliún ar chomhlachtaí i gCatagóir A i nDún na nGall, ach chaith siad €23 milliún ar chomhlachtaí i gCatagóir C.

Tuairisc iomlán L. 6-7

Rialú Díreach an Aire

Tromlach de chomhaltaí nua Bhord Údarás na Gaeltacht le n-ainmniú go díreach ó bhord an Aire

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil anois gur de bharr a n-ainmnithe go díreach a chuirfear tromlach na gcomhaltaí ar an mBord nua a bheidh i gceannas ar Údarás na Gaeltachta níos deireanaí i mbliana.

Tuigtear go roghnóidh Comhairlí Contae cúigear ach gur ar chrann an Aire Gaeltachta a thitfidh sé i ndeireadh báire an seachtar eile a ainmniú. Ceaptar gur 12 chomhalta Boird a luafar san reachtaíocht atá le theacht os comhair Thithe an Oireachtais go gairid - ach níl deichniúr curtha as an áirimh ach an oiread.

De réir an eolais atá ar fáil, roghnóidh Comhairlí Contae Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí baill ar an mbord nua -sin ceathrar.

Bheadh duine eile eatarthu ag Comhairlí Contae Chorcaí, Phort Láirge agus na Mí, contaetha a bhfuil ceantracha Gaeltachta iontu; is cosúil go bhfaighidh gach aon chontae acu seo duine ar a seal ar Bhord an Údaráis.

Tá ceist ann freisin faoi stádas Chomhairle Chathair na Gaillimh, údarás áitiúil eile a bhfuil ceantar Gaeltachta istigh faoina scáth.

Ach a mbeidh a gcuid ainmniúcháin déanta ag na Comhairlí Contae (cúigear) beidh seachtar eile- is cosúil - le roghnú. Cuirfear fógraí amach go poiblí sna nuachtáin faoi seo agus tabharfar deis do dhaoine ar suim leo a bheith ar Bhord an Údaráis a gcuid ainmneacha a chur isteach. Níl sé soiléir fós ar grúpa saineolaithe, lucht na Státseirbhíse nó Coiste Oireachtais a dhéanfaidh breithniú ar cháilíochtaí agus ar thaithí na ndaoine seo. Cibé córas a bheidh ann, cuirfear moltaí faoi bhráid an Aire agus eisean sa deireadh a ainmneoidh na comhaltaí breise ar an mbord - an Cathaoirleach ina measc.

Ar lean ar leathanach 2

Bille Gaeltachta faofa ag an rialtas

Colm Ó Broin

D'FHAOBHAIGH an rialtas an Bille Gaeltachta inné ach ní fhoilseofar é go dtí an tseachtain seo chugainn.

Dúirt an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Dinny McGinley, go raibh dhá phríomhaidhm leis an mBille - sainmhíniú nua a leagan síos don Ghaeltacht agus leasuithe a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmeanna Údarás na Gaeltachta.

Tá sé i gceist, faoin reachtaíocht, go mbeidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir thíreolaíocha mar a bhí go dtí seo. Ní bheidh na critéir sa bhille, áfach.

Dúirt urlabhraí na Roinne go mbeadh siad mar chuid den rialacháin a eiseoidh an tAire tar éis don Bhille a bheith rite sa Dáil.

Beidh na critéir chun aitheantas reachtúil a bhronnadh ar cheantair a bhfuil pobal láidir Gaeilge iontu lasmuigh den Ghaeltacht sna rialacháin chomh maith.

Bhí sé i gceist 'Gaeltachtaí Ghréasáin' a ghlaoch ar na ceantair seo ach tá grúpaí pobail atá i mbun plé leis an Roinn den tuairim nár cheart an téarma 'Gaeltacht' a úsáid leo.

NUACHT NÁISIÚNTA

Comhairle Contae agus Taoiseach tarraingthe isteach sa 'gcraic' faoi dhabhchanna séarachais

Máirtín Ó Catháin

TÁ an chonspóid a tharraing agallamh an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, faoi cheist na ndabhchanna séarachais – foilsithe i nGaelscéal an tseachtain seo caite – dulta chomh fada le bord an Taoisigh.

I litir a chuir sé chuig an Taoiseach an tseachtain seo, d'iarr Pádraig Pheaitín an Táilliúra, ceannasaí an ghrúpa 'Glór na Tuaithe', go ngabhfaí leithscéal leis an ngrúpa de bharr 'maslaan Aire Comhshaol', mar a thug sé air.

Chuir Pádraig litir freisin chuig an Aire Phil Hogan ag iarraidh leithscéil agus ag meabhrú dó nach raibh baint ná páirt ag "Glór na Tuaithe" le scéal a bhain le carr a bhí ceaptha a bheith in úsáid mar 'dhabhach séarachais'.

Labhair an tAire Hogan faoi seo san agallamh a thug sé i gConamara an tseachtain seo caite agus luaigh sé go mba cosúil go raibh lucht an fheachtais ag glacadh leis an ábhar uilig mar "chraic".

Dúirt sé freisin go rabhadar mífhreagrach faoi chúrsaí glaineachta uisce.

An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig, Neamhspleach

Tarraingíodh an t-ábhar anuas freisin ag cruinniú Chomhairle Contae na Gaillimhe an tseachtain seo nuair a thriail an Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig an cheist a phlé.

Níor tugadh cead dó sin a dhéanamh; dúradh nach ábhar é a bhain le gnó an chruinnithe. Bhí Méara nua á thoghadh ag cruinniú an Luain.

Ach dúirt Ó Cuaig go raibh an Méara nua é féin, Thomas Welby as Uachtar Ard, maslaithe go hindíreach ag an Aire Hogan. Bhí an Comhairleoir Welby bainteach le hagóidí "Ghlór na Tuaithe".

Bhí sé ar dhuine den dream a bhí go fisiciúil ag stiúradh "cathaoir ghluaiste" Phádraig an Táilliúra ag in agóid ar shráideanna Bhaile Átha Cliath cúpla mí ó shin.

Dúirt an Comhairleoir Ó Cuaig go raibh an ghluaiseacht maslaithe go héagórach ag an Aire Phil Hogan.

"Tá muide ag iarraidh go mbeadh uisce glan agus uisce den scoth sa tír seo," arsa Ó Cuaig. "Tá muid ag iarraidh go mbeadh togha na ndabhchanna séarachais ann ach tá muid ag iarraidh go n-íocfadh an Stát as caoi a chur orthu má tá sin ag teastáil in áiteacha," a dúirt sé. "Cuireann an Stát seirbhísí séarachais ar fáil i mbailte móra agus i gcathracha".

Dúirt Ó Cuaig go mba ait an rud é go raibh an tAire Hogan ag tarraingt anuas an scéil seo faoin gcarr – scéal a raibh sé deacair meabhair ar bith a fháil air, a dúirt Ó Cuaig.

Beidh an Comhairleoir Ó Cuaig ag tarraingt na ceist anuas ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Contae agus beidh gleo ann mura dtabharfar cead an t-ábhar a phlé, a dúirt sé. Dúirt sé freisin go mbeidh agóid á heagrú amach anseo in éadan an Aire Hogan agus na dtáillí séarachais.

Tar ar Éirinn! Meirge ag guí ráth ar fhoireann sacair Phoblacht na hÉireann i Rialto, Baile Átha Cliath. As na samplaí ar fad de Ghaeilge 'Google Translate' atá feicthe ag Gaelscéal, seo an ceann 'is fearr' gan amhras! [PIC : SEÁN Ó MURCHADHA]

Rialú Díreach an Aire

Ar lean ó leathanach a haon

Íoctar €11,970 mar tháille bliantúil le comhaltaí Bhord Údarás na Gaeltachta faoi láthair – sin mura bhfuil seisean/sise ag fáil tuarastail nó iocaíocht áiríthe ón Stát. Faigheann chuile bhall costais taistil agus cothabhála.

Níl a fhios an mbeidh aon athruithe ar na socruithe sin faoin leagan amach nua a bheidh ann, ach is ar éigin go mbeidh coistí réigiúnacha ann mar a bhíodh de bharr an laghdaithe atá á dhéanamh ar líon na gcomhaltaí ar an mBord.

Tá rún ag an Aire Jimmy Deenihan, agus ag an Aire Stáit Gaeltachta, Donncha Mac Fhionnlaoich, an reachtaíocht a bhaineann leis an leagan amach nua ar Bhord Údarás na Gaeltachta a bheith curtha trí Thithe an Oireachtais roimh shaoire an tsamhraidh, sin lár na míosa seo chugainn.

D'fhéadfadh go mbeidh an cruinniú ar an 29 Iúil ar an gceann deiridh ag an mBord atá ann anois. Cé go raibh tréimhse níos faide tugtha don triúr comhaltaí ainmnithe ar an mbord – 20 uilig atá ann anois – is cosúil go gcríochnófar a dtréimhse siúd ag an tráth sin freisin. Athrú an-mhór é an leagan amach nua atá á chur i bhfeidhm ach dúirt an tAire Stáit, Donncha Mac Fhionnlaoich, go neamhbhalbh le comhaltaí an Bhoird i nGaoith Dobhair an tseachtain seo caite go bhfuil na hathruithe le cur i bhfeidhm gan mhoill.

Gaelscéal

European Newspaper AWARD

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar, *Eagarthóir*, ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin, *Iriseoir*, colm.obroin@gaelsceal.ie

Katie McGreal, *Iriseoir*, katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin, *Oideachais*, scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain, *Spóirt*, grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile, *Comhordaitheoir Táirgíochta*, patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Buille Eile don 'Samhail Nua Mhaoinithe'

'Samhail Nua Mhaoinithe' Fhoras na Gaeilge cáinte ag Comhchoiste Oireachtais ach ní thugann siad tacaíocht don dóigh a maoinítear eagraíochtaí faoi láthair

Anton Mac Cába

CHÁIN tuarascáil nua ó Comhchoiste Oireachtais (Dáil agus Seanad) an tSamhail Nua Mhaoinithe, agus dúirt gur cheart d'Fhoras na Gaeilge gan cuid de na príomh-moltaí a chur i bhfeidhm.

Is buille nua é seo don tSamhail, an t-athrú ar mhaoiniú eagraíochtaí a mholann Foras na Gaeilge, i ndiaidh gur dhiúltaigh an Tionól ó Thuaidh dó an mhí seo caite.

Tugann an Comhchoiste 'leasú' ar a mholann siad, ach molann siad bunmhaoiniú: beart a ndiúltaíonn an tSamhail Nua dó. Bhí tacaíocht traspháirtí do thuarascáil an Chomhchoiste, agus cúigear ó Fhianna Fáil ina measc, páirtí Éamoinn Uí Chuív a mhol an tSamhail an chéad lá riamh.

Dúirt foinsí ar an gComhchoiste gurb é an Cathaoirleach, Ciarán Lynch (Lucht Oibre), a bhrúigh an tuarascáil.

Níl Gaeilge aige, ach tá aneolas aige ar an earnáil dheonach agus cuid mhór dá shaol curtha isteach aige mar oibrí pobail.

In ainneoin a bheith ag diúltú don tSamhail Nua Mhaoinithe, ní thugann an Comhchoiste tacaíocht don dóigh ina maoinítear eagraíochtaí faoi láthair. Cuireann siad "míéifeachtacht acmhannaí" agus "dúbailt oibre" i leith seónna Samhla in amanna.

Dar leis an gComhchoiste go bhfuil ceisteanna ann ó thaobh fostaíochta de. "Tá scálaí agus leibhéil tuarastail sna heagraíochtaí éagsúla neamhchothrom. Tá difríochtaí suntasacha idir tuarastail in eagraíochtaí éagsúla do phostanna atá cosúil lena chéile."

Ní réitíonn an tSamhail Nua Mhaoinithe na fadhbanna seo. Ní ghlacann an Comhchoiste le ceann de na príomhchúiseanna a thugann an An Foras - gur gá caiteachas ar thuarastail a laghdú :

"... tá an dóchúlacht ann go mbeidh costais iomarcaíochta le n-íoc de thairbhe na samhla nua; cuireann sé luach taithí agus saineolas foirne, eagrais, agus oibrithe deonacha fadbhunaithe i mbaol; agus tá an priacal ann go gcuirfidh sé foinsí eile maoinithe na n-eagras bunmhaoinithe i mbaol." Dar leis an gComhchoiste gur gá "luach na n-oibrithe fadbhunaithe a aithint agus an earnáil mar ghairm beatha a spreagadh. Níl sé sásúil go n-ísleofar oibrithe le taithí na mblianta go dtí caighdeán tosaigh tuarastail."

Nuair a cuirtear é seo le gearrthéarmachas, ó thaobh conarthaí de, tugann sé "dreasacht d'fhostaithe imeacht ón earnáil. Tá easpa buaine fostaíochta mar dhídhreasú chun fostaíochta do dhaoine gairmiúla óga."

Dúirt Ciarán Lynch le Gaelscéal gurb í an fhadhb atá le leithéidí na Samhla Nua Maoinithe go mbíonn "an fócas ar mhaoiniú don chéad bliain eile, in ionad seirbhísí a chur ar fáil."

Ní cuid de stráitéis í an tSamhail Nua Mhaoinithe, dar leis an gComhchoiste. Cothaíonn seo fadhbanna: "Tá an bhuairt ann nach dtagann córas iomaíoch agus conarthaí neamhbhuana, mar aon le gnéithe eile den tsamhail nua le dea-chleachtas na pleanála teanga agus nach ndearna an (Foras) athbhreithniú sochtheangeolaíoch ar impleachtaí na samhla nua."

Níl An tSamhail Nua Mhaoinithe ag freastal ar an Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge, ná ar an straitéis atá le theacht ón bhFeidhmeannas ó Thuaidh.

Tá athrú ó bhunmhaoiniú go dtí conarthaí a bheadh iomaíoch ag croílár na Samhla Nua Maoinithe. Dar leis an tuarascáil gur cheart bunmhaoiniú a choinneáil "chun go gcoimeádfar tacaíocht agus seirbhísí criticiúla do phobal na Gaeilge ar bhonn leanúnach." Míbhuntáiste mór a feictear le conarthaí ná "go mbeadh an iomarca d'acmhainní eagrais á chaitheamh ar mhaoiniú a lorg."

Dar leis an Chomhchoiste gur cheart don Fhoras dul ar ais go dtí an tús agus Plean Straitéiseach a ullmhú. Ba cheart dó sin riachtanais an phobail dheonaigh a chur san áireamh, chomh maith le polasaí Gaeilge a bheadh fréamhaithe sna pobail.

Tríd is tríd, tá eagraíochtaí Gaeilge sásta leis an tuarascáil. Dúirt Aodán Mac Póilin ó Iontaobhas Ultach go raibh siad "thar a bheith sásta gur aithin an Comhchoiste fiúntas na hearnála, agus gur mhol siad cur chuige ina mbeadh ionchur fiúntach ag na heagrais Ghaeilge. Mar sin féin, b'ábhar imní dúinn an moladh gur chóir do na heagrais bhunmhaoinithe feidhmiú ar fud an oileáin 'má tá sé indéanta sin a dhéanamh'"

Dúirt Ciarán Lynch le Gaelscéal gurb í an fhadhb atá le leithéidí na Samhla Nua Maoinithe go mbíonn "an fócas ar mhaoiniú don chéad bliain eile, in ionad seirbhísí a chur ar fáil."

Dar leis gur cheart don Fhoras "a bheith ina suí síos leis na heagras chun na haidhmeanna agus na spriocanna a oibriú amach. Tá sé iontach tábhachtach go n-oibrítear amach na spriocanna leis an soláthraí seirbhisí. Bíonn sin níos uileghabhálaí, bíonn úinéireacht ag an soláthraí seirbhísí."

Leis, sa Tionól dúirt an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Carál Ní Chuilín, go bhfuil an Foras ag íoc €78,408 ar chonradh bliana le Stillwater Communications, comhlacht caidrimh phoiblí.

Dúirt sí nár inis an Foras faoin gconradh le ceachtar den bheirt Airí, mar gur gnáthchleachtas é gan eolas a thabhairt d'Airí faoi cheisteanna oibriúcháin. Ba é an Comhalta den Tionól Reachtach, Ross Hussey, a chuir an cheist.

Daoine ag baint suilt as an dea-aimsir le linn Fhéile Lá an Phátrúin i gCois Fharraige, Conamara, an deireadh seachtaine seo caite.

NUI Galway
OÉ Gaillimh

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Iarrtar iarratais ar na poist seo a leanas:

Coláiste an Leighis, an Altranais & na nEolaíochtaí Sláinte

- **Léachtóir** (Téarma Socraithe) le Paiteolaíocht
  Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012

Oifig Margaíochta agus Cumarsáide

- **Anailíseoir Margaidh**
  Spriocdháta: Déardaoin, 28 Meitheamh, 2012.
- **Oifigeach Cumarsáide Inmheánaí**
  Spriocdháta: Déardaoin, 28 Meitheamh, 2012.

Leabharlann Shéamais Uí Argadáin

- **Bainisteoir na Deisce Comhtháite** (Post ar chonradh dhá bhliain)
  Spriocdháta: Déardaoin, 14 Meitheamh 2012
- **Catalógaí na mBailiúchán Speisialta** (Post ar chonradh dhá bhliain)
  Spriocdháta: Déardaoin, 14 Meitheamh 2012

Sonraí/nós imeachta Iarratais:

Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar na poist thuas téigh chuig www.publicjobs.ie



www.nuigalway.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

Saoiste Oráisteach le labhairt sa Seanad

Colm Ó Broin

NÍ bheidh drogall ar Ardrúnaí an Oird Oráistigh 'ceisteanna deacra' a fhreagairt nuair a labhróidh sé sa Seanad an mhí seo chugainn de réir an eagrais.

Drew Nelson, Saoiste de chuid an Oird Oráistigh

Beidh Drew Nelson ag caint sa Seanad ar an 3 Iúil, an chéad uair do cheannaire an Oird labhairt os comhar an Oireachtais.

Thug an Seanad cuireadh dó a theacht go Teach Laighean an tseachtain seo caite agus dúirt cathaoirleach an tSeanaid, Paddy Burke, gur "cuairt stairiúil" a bheadh ann.

"Creidim go láidir gur céim eile é ar an mbóthar chun síocháin agus athmhuintearais inmharthana ar an oileán seo," ar seisean.

"Tugann sé deis dár bpobal chomh maith foghlaim faoin Ord Oráisteach."

Dúirt urlabhraí an Oird le Gaelscéal go mbeadh Drew Nelson ag déanamh ionadaíochta ar son bhaill an eagrais sa Phoblacht go príomha. "Tá 50 lóiste againn sa Phoblacht agus beidh Drew ag labhairt faoi cheisteanna a bhaineann leo. "An príomhcheann ná na ciorruithe atá déanta ar mhaoiniú do scoileanna Protastúnacha le blianta beaga anuas.

"Mar aon leis sin, beidh sé ag labhairt faoi na deiseanna turasóireachta a bhaineann leis an Ord, mar shampla an mórshiúl a tharlaíonn i Ros Neamhlach agus ag Ionad Chath na Bóinne." Dúirt an t-urlabhraí nach mbeadh drogall ar Nelson "ceisteanna deacra" ó Sheanadóirí a fhreagairt, ina measc, mórshiúlta conspóideacha agus an cosc atá ar bhaill den Ord freastal ar sheirbhísí Caitliceacha.

Idirnáisiúnta

Fear de bhunadh Chonamara i lár báire i gcás na Siria

Máirtín Ó Catháin

TÁ fear de bhunadh Chonamara i measc na ndaoine sinsearacha i Washington atá i gceartlár na n-iarrachtaí le headrascán a dhéanamh sa tSiria. Is é Denis McDonough, atá ina Leaschomhairleoir Slándála Náisiúnta i rialtas an Uachtaráin Obama an té atá i gceist.

B'as an Aird Thiar i gCarna d'athair mór Denis McDonough agus b'as an gCeathrú Rua a mháthair mhór.

Ba é Denis McDonough príomhthoscaire na Stáit Aontaithe ag fóram domhanda na nIoslamach in Doha sa gCatar an tseachtain seo caite agus ba é a thug an phríomhóráid ag an ócáid.

Labhair McDonough faoi chorraíl agus faoi chonspóidí sa Meánoirthear ag an bhfóram ach ba ar an ngéarchéim sa tSiria ba mhó a bhí aird. Dúirt an Leaschomhairleoir Slándála go bhfuil "Plean A" i bhfeidhm i gcónaí ag Stáit Aontaithe Mheiriceá i leith na dtrioblóidí sa tSiria. "Coinneoidh muid orainn ag féachaint le réiteach shíochánta a fháil ar an ngéarchéim," a dúirt McDonough. "Tá muid ag obair i gcomhar le tíortha eile le smachtbhannaí níos géire a chur i bhfeidhm in aghaidh na Siria."

Príomhaire agus Aire Gnóthaí Eachtrachta Chatar - Sheikh Hammad bin Jassem Al Thani i gcuideachta Leas Chomhairleoir Slándála Stáit Aontaíthe Mheiricea, Denis McDonough, in Doha an tseachtain seo caite. De bhunadh Chonamara é Denis McDonough agus tá ceist na Siria ar cheann de na hábhair mhóra a bhfuil lámh aige iontú.

Dúirt Denis McDonough freisin nach raibh sé de cheart anois ag rialtas an Uachtaráin Assad a bheith i gceannas na Siria i bhfianaise marú ban agus gasúir sa tír sin.

Dúirt Denis McDonough in Doha gur cheart triail leis an tSiria a thabhairt i dtreo an daonlathais mórán mar atá á dhéanamh san Éimin.

Leagadh amach roinnt céimeanna sa tír sin faoi scáth na Náisiún Aontaithe le theacht i dtreo bealaí daonlathacha. Tá cuid den obair sin déanta agus bhí toghchán uachtaránachta daonlathach ansin san earrach.

Tá Denis McDonough i measc na ndaoine is minicí a ndéanann an tUachtarán Obama teagbháil leis faoi chúrsaí idirnáisiúnta de réir na dtuairiscí anall. Chomh maith leis sin, tuigtear go bhfuil cairdeas pearsanta idir an bheirt. I Stillwater i Minnisota a rugadh agus a tógadh Denis McDonough.

D'aistrigh a theaghlach ansin as Bostún nuair a fuair a athair ardú céime sa gcomhlacht a raibh sé ag obair ann. Bhí McDonough ina chomhairleoir ar chúrsaí idirnáisiúnta ag Barack Obama le linn an fheachtais Uachtaránachta agus ceapadh i bpostanna sinsearacha rialtais é ina dhiaidh sin.

Bhí Denis McDonough i measc an bheagáin daoine a bhí i gcuideachta an Uachtaráin Obama sa bpictiúir cáiliúil a tógadh sa Teach Bán an oíche ar mharaigh fórsaí Mheiriceá Osama Bin Ladin san Afganastáin.

Deontas faighte ag 18 naíonra

Katie McGreal

GHEOBHAIDH 18 naíonra sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht deontais chaipitil ón eagraíocht Pobal agus ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoin gClár Caipitiúil Cúraim Leanaí 2012.

Sin 6.2% de na hionaid réamhscolaíochta uilig a gheobhaidh deontais faoin gclár.

290 ionad san iomlán a bheidh ag fáil airgid.

Chuir 2,343 ionad réamhscolaíochta isteach ar an deontas.

€62.3 milliún a bheadh riachtanach leis an mhéad sin iarratais a chlúdach ach ní raibh ach €6 milliún ar fáil.

Cabhraigh Forbairt Naíonraí Teoranta le 26 naíonra taobh amuigh den Ghaeltacht na hiarratais a líonadh isteach i mí an Mhárta seo caite.

D'éirigh le 11 dóibh an deontas a fháil ar chúiseanna éagsúla.

B'iad sin, Naíonra Dhroichead na Bandan i gContae Chorcaí, Naíonra Chrónáin, Cluain Dolcáin agus Naíonra 'Home from Home' i Rath Éanaigh i mBaile Átha Cliath; Naíonra Ghaelscoil Dara i nGaillimh, Naíonra na Lorgan, Baile na Lorgan agus Páistí Eois, Cúil Darach i Muineachán, Naíonra Bhaile Chruaich i gContae Mhaigh Eo, Naíonra Chill Mhantáin i Rath Naoi agus Naíonra Phádraig sna Clocha Liatha i gContae Chill Mhantáin, Naíonra Bhoisíní, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara agus Naíonra Bhun Cranncha, Co. Dhún na nGall.

"Guímid gach rath ar na Naíonraí seo leis an obair thógála agus athchóirithe atá le déanamh anois," a deir Clíona Frost, Príomhoifigeach Fhorbairt Naíonraí Teoranta.

Deir sí go leanfaidh siad ar aghaidh ag obair leis na naíonraí nach bhfuair deontas.

"Ní raibh ach €6 milliún ar fáil," a deir sí, "Agus bhí anéileamh go deo air."

Bainfidh lucht Naíonra Chrónáin úsáid as an t-airgead chun an bealach isteach go dtí an naíonra a dheisiú.

Ní fuair siad an t-airgead uilig a bhí uathu, ach fuair siad cuid de.

Chuireadar an t-airgead ar fáil ionas gur féidir obair tógála, athchóirithe agus uasdátaithe a dhéanamh ar a n-ionaid.

D'oibrigh Comhar Naíonra na Gaeltachta Teo leis na naíonraí sa Ghaeltacht agus d'éirigh le sé cinn díobh deontas a fháil.

Fuair 4 naíonra i dTír Chonaill an deontas; Naíonra Anagaire agus Naíonra Chnoc Fola i Leitir Ceanainn, Naíonra Ghleann Cholm Cille i nGleann Cholm Cille agus Naíonra Loch an Iúir. Fuair Naíonra na Fairche sa bhFairche i nGaillimh agus Coiste Naíonra CNNG Bhaile Bhuirne i mBaile Bhuirne i gContae Chorcaí.

"Tá sé iontach," a deir urlabhraí ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, "tá muid ansásta don dream a fuair deontais, is trua é nach fuair níos mó é."

Scoileanna le druidim i nGaeltacht na hAlban

Anton Mac Cába

RIALAIGH Cúirt an tSeisin i nDún Éideann na hAlban go raibh cead ag Comhairle nan Eilean Siar ceithre scoil i gceantair láidre Gaeltachta a dhruid.

B'shin ainneoin gur chuir Aire Oideachais na hAlban, Mike Russell, stop leis.

Is ar Eilean Leòdhais atá na ceithre scoil seo, iad uilig i gceantair láidre Gaeltachta. Is meánscoileanna Lìonal agus Siabost, agus bunscoileanna Siabost agus Càrlabhagh, atá le druid.

Tá aonad Gaeilge na hAlban mar chuid de bhunscoil Càrlabhagh. Tá Gaeilge na hAlban ag níos mó ná 80% de bhunadh Siabost agus Líonal, agus beagnach 80% de bhunadh Càrlabhagh.

Dúirt Alastair Allan, Ball Pàrlamaid na h-Alba do Na h-Eileanan an Iar, gur dream taobh istigh den Chomhairle a bhí á bhrú seo.

Alasdair Allan, Ball Parlaiminte na hAlban d'Na h-Eileanan an Iar. Is é seo an tAire atá freagrach as teangacha na hAlban

Ní raibh a fhios aige arbh oifigigh, comhairleoirí, nó daoine i measc an dá dream, iad.

"Is dócha go gciallaíonn seo go gcuirfear na páistí i dtimpeallacht nach mbeidh chomh Gaelach," arsa Allan.

"Ba mhaith liomsa pobail a choinneáil inmharthana. Ní chuirfidh daoine fúthu iontu mura mbíonn scoileanna iontu."

Déanann meánscoil Lìonal freastal ar dhaltaí sa chéad dá bhliain den mheánscolaíocht.

Dúirt Allan gur turas uair an chloig atá anois roimh na daltaí don mheánscoil is cóngaraí; beart a fhágfaidh go mbeidh siad ag taisteal dhá uair sa lá.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Mick Wallace le fanacht sa Dáil

IS cosúil nach bhfuil sé i gceist ag Mick Wallace éirí as a shuíochán Dála. Tá brú aisteach air le seachtain anuas ó d'inis sé do Morning Ireland gur chuir sé ráiteas bréagach CBL chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Tá sé in aghaidh an dlí é seo a dhéanamh gan amhras.

De réir dealraimh is fear lách é Wallace. Thug sé tacaíocht d'fhorbairt an tsacair i Loch Garman. Bhunaigh sé Wexford Youths agus thóg a chomhlacht áiseanna sacair ar luach €6 mhilliún i gCaladh na Carraige.

Thóg a chomhlacht an Ceathrú Iodálach i mBaile Átha Cliath, ceann de na forbairtí is deise a rinneadh le linn an Tíogair Cheiltigh.

Thóg sé foirgnimh i gceantair bhochta sa chathair, mar aon le hardoifig d'Amnesty International. Is léir go raibh níos mó ar intinn aige agus é i mbun gnó ná airgead a thuilleamh.

Deir sé gur theip ar a chomhlacht toisc gur laghdaigh luach a chuid sócmhainní ó €70 milliún go dtí €20 milliún, agus nach raibh sé in ann na fiacha €40 milliún a bhí ag an gcomhlacht, a chlúdach.

D'iarr clár maidine ar South East Radio ar a lucht éisteachta Dé Luain ar cheart dó éirí as, agus dúirt 53% acu nár cheart, cé go bhfuil seans ann go raibh roinnt den tacaíocht sin bunaithe ar an dearcadh amaideach nár cheart géilleadh do dhaoine 'thuas i mBaile Átha Cliath' atá ag cáineadh fir áitiúil.

Ar cheart dearmad a dhéanamh faoin méid a rinne sé leis na Coimisinéirí Ioncaim mar sin? Ar cheart go mbeadh drogall ar dhaoine é a cháineadh, mar a bhí ar go leor sa Ghrúpa Teicniúil sa Dáil, daoine a bhíonn ag caint go minic faoi chaimiléireacht agus caighdeáin? Níor cheart, ná baol air.

Thóg comhlacht Mick Wallace an Ceathrú Iodálach i mBaile Átha Cliath.
GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND.

Shéan sé €1.4 milliún ar an Stát d'aon ghnó. Deir sé go ndearna sé é seo chun an comhlacht a shábháil agus go raibh sé ar intinn aige é a íoc ar ais níos déanaí.

Dá ndéanfadh gach duine gnó sa tír é sin bheadh muid i bponc.

Is cinnte go bhfuil rudaí maithe déanta ag Wallace, ach ní féidir beag is fiú a dhéanamh den eachtra seo.

Dá ndéanfaí neamhaird den chinneadh a rinne sé gan an CBL a íoc, thabharfadh sé teachtaireacht láidir do pholaiteoirí go mbeidh siad in ann an dlí a bhriseadh nó dul i mbun caimiléireachta fad is a dhéanann siad corr-rud maith anseo is ansiúd.

Thuigfeadh siad go dtabharfaidh vótóirí maithiúnas dóibh dá mbeidís cam fad is go n-éireodh leo airgead a fháil do na bóithre, na háiseanna nó na togra áitiúla a bheadh ag na vótóirí sin.

Freagra ar bith faoin gCoimisinéir Teanga

BHÍ an tAire Stáit Ghaeltachta, Dinny McGinley, ag freagairt ceisteanna sa Dáil an tseachtain seo caite faoi chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta. Bhuel, 'ag freagairt' a ba cheart dom a rá.

D'iarr Mary Lou McDonald ó Shinn Féin air an raibh aon phlé aige leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin airgead a shábhálfaí dá ndéanfaí Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh le hOifig an Ombudsman. Ní raibh freagra ag an Aire McGinley ar cheist an airgid, áfach.

An Coimisinéar Teanga, Seán O Cuirreáin

"Tá sé ráite go soiléir ag an Rialtas nach sábháil airgid amháin atá á lorg sna cúrsaí seo," ar seisean. "Mar atá ráite i bPlean Athchóirithe an Rialtais don tSeirbhís Phoiblí, tiocfaidh na buntáistí is suntasaí as timpeallacht riaracháin níos simplí agus níos éifeachtaí a bheith ann, rud a thabharfaidh cuntasacht dhaonlathach níos fearr, níos lú dúblála agus línte freagrachta níos soiléire don saoránach."

Is cinnte gur buille a bheadh ann don Ghaeilge dá mbrúfaí an Coimisinéir Teanga isteach in Oifig an Ombudsman, oifig nár ullmhaigh an dara scéim teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ó iarradh orthu é sin a dhéanamh in 2007.

Is cosúil nach sábhálfadh an beart seo mórán airgid ar chor ar bith dá dtarlódh sé, ach go dtabharfadh sé deis bholscaireachta don rialtas a rá go bhfuil líon na neagras Stáit laghdaithe acu. Tá an cleas céanna ar bun acu leis an Leabharlann Náisiúnta agus leis an gCartlann Náisiúnta, atá le cónascadh gan mórán fianaise go sábhálfar airgead.

Airgead ar bith do Ché Inis Oírr

THUG an tAire McGinley le fios nach bhfuil airgead ar fáil chun cé a thógáil in Inis Oírr.

Dúirt sé gur cé de chuid Chomhairle Contae na Gaillimhe an ché seo, agus mar aon le céanna Árann agus Inis Meáin, "ar cheadaigh mo Roinnse deontais de luach €58m ina n-iomláine dóibh le blianta beaga anuas, aithníonn mo Roinnse an tábhacht a bhaineann leis an gcé seo do phobal Inis Oírr."

Chuir an Roinn €784,000 ar fáil don Chomhairle idir 2004 agus 2007 le haghaidh réamhstaidéir agus gnéithe eile a bhain le hullmhúchán an togra.

Tá cead pleanála faighte ag an gcé, ach measann an Roinn go mbeidh costas de €8.5m ar an obair atá beartaithe.

Dúirt an tAire McGinley nach bhfuil acmhainní airgeadais den chineál sin ag a Roinnse, ná ag an gComhairle Contae, i láthair na huaire, agus mar sin nach raibh sé beartaithe dul i mbun tairisceana don togra sa ghearrthéarma.

Níl airgead ar fáil chun cé a thógáil in Inis Oírr.

Cúrsa Dioplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) 2012 – 2014

Mar adeir ár gcuid mac léinn: 'cúrsa thar barr ... spreagúil ... nuálaíoch ... ceannródaíoch ... scileanna tábhachtacha i gcomhthéacsaí oibre ... teastaíonn an Ghaeilge ghairmiúil'

Tá Roinn na Nua-Ghaeilge ag tairiscint Cúrsa Dioplóma páirtaimseartha sa Ghaeilge Fheidhmeach (Leibhéal 7) a mhairfidh ar feadh dhá bhliain. Is é príomhaidhm an chúrsa oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na mac léinn a fhreastalóidh ar an gcúrsa a ngnó gairmiúil a chur i gcrích go héifeachtach agus go tuisceanach trí mheán na Gaeilge. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 curtha i bhfeidhm go hiomlán agus is tábhachtaí ná riamh an dioplóma seo sa chomhthéacs sin. Cuirfear an cúrsa ar siúl ar an gcoinníoll go gcuirfidh dóthain iarratasóirí isteach air.

Caighdeán Iontrála: Ní mór caighdeán iontrála nach lú ná caighdeán ghrád D/D3 sa Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta ardleibhéil a bheith bainte amach ag iarratasóirí. D'fhéadfadh an Chomhairle Acadúil glacadh leis le daoine lánfhásta a mbeadh cothrom chaighdeán an mháithreánaigh bainte amach acu. Fáilteofar roimh mhic léinn fochéime chomh maith.

Costas: Is í an **táille laghdaithe don chéad bhliain (12/13) €900.**

Eolas Breise: **Oifig na Gaeilge Labhartha,**
Seomra G02, Áras Uí Rathaille, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Guthán: **021-4902314**, Facs : **021-4903329**
Ríomhphost : g.labh@ucc.ie

Ná dein a thuilleadh moille! Cuir isteach air inniu!
Bainfidh tú taitneamh agus tairbhe as.

Is é an dáta deireanach ar a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe

Déardaoin, 28 Meitheamh (June) 2012

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

41% d'airgead an Údaráis

Anailís le **Colm Ó Broin** ar cá háit a bhfuil infheistíocht Údarás na Gaeltachta á caitheamh

Léiríonn anailís atá déanta ag Gaelscéal gur caitheadh 41% d'infheistíocht Údarás na Gaeltacht sna ceantair Ghaeltachtaí is laige.

De réir na bhfigiúirí as an tuarascáil bhliantúil is déanaí ón Údarás, tá €144 milliún tugtha ag an ngníomhaireacht go comhlachtaí atá fós ag trádáil i bhfoirm deontais nó infheistíocht.

Tugadh 51% den airgead seo, €74 milliún, do chomhlachtaí atá lonnaithe sna ceantair Ghaeltachta is láidre, cinn atá i gCatagóir A mar atá san Staidéar Cuimsitheach Theangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Fuair comhlachtaí atá lonnaithe i gCatagóir B 8% den airgead, sin €11 milliún, agus fuair comhlachtaí i gCatagóir C 41%, nó €59 milliún.

Tá an-éagsúlacht idir an méid infheistíochta a rinneadh sna catagóirí éagsúla sna contaetha Gaeltachta.

Tugadh 83% den airgead a chaitheadh i nGaillimh do chomhlachtaí atá lonnaithe i gCatagóir A, ach ní bhfuair a gcomhghleacaithe i Maigh Eo ach 5% den airgead sa chontae sin.

Tugadh €23 milliún do chomhlachtaí i gCatagóir C i nDún na nGall, níos ná an €22 milliún a fuair comhlachtaí sna Gaeltachtaí is láidre.

Rinneadh níos mó infheistíochta i Maigh Eo agus i gCorcaigh ná mar a rinneadh i gCiarraí, agus fuair an Daingean dhá oiread níos mó infheistíochta ná na ceantair i gCatagóir A sa chontae.

Ó thaobh na gceantar de, fuair na Doirí Beaga níos mó infheistíochta ná aon cheantar eile, €16 milliún.

Fuair comhlachtaí i bhFánaid (Cionn Droma) €6.2 milliún ón Údarás, formhór acu ar feirmeacha éisc iad.

Ag caint faoi na torthaí dúirt iarUachtarán Chonradh na Gaeilge, Daithí Mac Cárthaigh:

"Is deacair seasamh le hinfheistíocht ar bith sna ceantair C, áiteanna atá iompaithe ar an mBéarla, seachas infheistíocht i gcursaí teanga chun na scoileanna a iompú ina nGaelscoileanna agus ina nGaelcholáistí, na cruinnithe poiblí uile a bheith á reáchtáil as Gaeilge, Cumann Lúthchleas Gael a bheith ag feidhmiú trí Ghaeilge, chun cur le líon na dteaghlach Gaelach agus araile.

"Murar spéis le pobail i gceantar C clár oibre mar sin, ní fiú plé leo mar chineál ar bith Gaeltachta.

"Ní foláir fiú sna ceantair A agus B, díriú ar thionscnaimh theangalárnaithe. Ní fiú Béarlóirí a fhostú ar airgead na Gaeilge. Is gá suirbhé a dhéanamh ina thaobh seo ar a bhfuil ar siúl faoi láthair," ar seisean.

Dúirt Dónall Ó Cnáimhsí ó Ghuth na Gaeltachta le Gaelscéal nár chuir sé "aon iontas orainn go bhfuil an tÚdarás ag caitheamh an oiread sin airgid sna breac-Ghaeltachtaí gan mórán de thoradh le feiceáil ar thaobh chaomhnú na Gaeilge de, atá le feiceáil go soiléir sna torthaí ó Scéim Labhairt na Gaeilge.

"Ní dhéanfaidh sé aon mhaitheas dúinne a bheith ag caitheamh anuas ar an dáileadh seo," a dúirt sé, áfach, mar go gcuirfidh muid olc ar na dreamanna sin sna ceantair bhreac-Ghaeltachta atá ag streachailt chun leas na teanga gan mórán cúnaimh nó treoir ó aon eagras eile."

"Tá sé deacair breithiúnas a thabhairt ar dháileadh an chaiteachais sin nuair nach bhfuil aon spriocanna nó coinníollacha teanga leagtha síos ag an Roinn ná ag an rialtas dóibh," ar seisean.

"Beidh le feiceáil an mbeidh aon athrú ar an scéal nuair a foilseofar an Bille Gaeltachta, atá geallta dúinn le bliain.

Tá muidne i nGuth na Gaeltachta ag brath go mbeidh caomhnú na Gaeilge sa phobal lárnach i ngach scéim nó tionscnamh a dtacaíonn an tÚdarás leo as seo amach. Cén fáth eile a bhfuil Údarás Gaeltachta againn?"

D'fhógair Údarás na Gaeltachta i mí Aibreáin go raibh an comhlacht Mylan chun 220 post a chruthú in ionad Bioniche Pharma in Indreabhán, Co na Gaillimhe. Ag an bhfógairt oifigiúil bhí na comhairleoirí contae Seosamh Ó Laoi agus Eileen Mannion; Arshad Majeed, Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta, Bioniche Pharma; an tAire Stáit, Dinny McGinley; Séamas Mac Eochaidh, Bainisteoir Fiontraíochta & Fostaíochta, Údarás na Gaeltachta; Michael Laffin, Leas-Uachtarán, Cumarsáid Chorporáideach, Mylan agus Seán Ó Tuairisg, comhalta Bhord Údarás na Gaeltachta. PIC: SEAN O MAINNIN.

Infheistíocht an Údaráis

Ceantar	Airgead	Catagóir
1 Doirí Beaga	€16m	A
2 An Spidéal	€10.5m	A
3 Leitir Móir	€9.3m	A
4 Indreabhán	€9.1m	A
5 Fánaid	€6.2m	C
6 Béal an Mhuir.	€5.8m	C
7 Baile Bhuirne	€5.6m	C
8 Cill Chiaráin	€5.5m	A
9 Ard an Rátha	€4.4m	C
10 An Daingean	€3.8m	C

1 Infheistíocht iomlán i ngach catagóir

Iomlán: €144,109,787

A	€73,858,134	51%
B	€10,921,252	8%
C	€59,330,401	41%

2 Infheistíocht i ngach catagóir in 2010

Iomlán: €13,401,883

A	€7,055,608	53%
B	€949,291	7%
C	€5,396,984	40%

3 Infheistíocht i ngach contae agus catagóir

Gaillimh: €59,433,243

A	€49,441,133	83%
B	€4,001,096	6%
C	€6,491,014	11%

Dún na nGall: €49,638,079

A	€22,327,283	44%
B	€4,056,132	8%
C	€23,254,664	48%

Maigh Eo: €12,414,995

A	€604,061	5%
B	€0	0%
C	€11,810,934	95%

Corcaigh: €10,168,264

A	€0	0%
B	€3,045,117	30%
C	€7,123,147	70%

Ciarraí: €7,562,863

A	€1,485,657	20%
B	€4,107	0.05%
C	€6,072,999	80%

An Mhí: €3,984,927

A	€0	0%
B	€2,438,777	61%
C	€1,546,150	39%

Port Láirge: €407,416

A	€0	0%
B	€407,416	100%
C	€0	0%

ag dul go 'Catagóir C'

"Beidh le feiceáil an mbeidh aon athrú ar an scéal nuair a foilseofar an Bille Gaeltachta, atá geallta dúinn le bliain. Tá muidne i nGuth na Gaeltachta ag brath go mbeidh caomhnú na Gaeilge sa phobal lárnach i ngach scéim nó tionscnamh a dtacaíonn an tÚdarás leo as seo amach. Cén fáth eile a bhfuil Údarás Gaeltachta againn?"

Fuair comhlachtaí sa Daingean €3.8 milliún ó Údarás na Gaeltachta.

Freagra an Údaráis

Dúirt Údarás na Gaeltachta féin, áfach, nach raibh sé "bailí go heolaíoch" anailís a dhéanamh ar an méid infheistíochta a rinneadh sna catagóirí teanga éagsúla.

"Caithfear breathnú ar an bpictiúr iomlán," arsa urlabhraí na gníomhaireachta.

"Ní féidir an chomparáid shimplí sin a dhéanamh, caithfear go leor rudaí eile a chur san áireamh nuair atá tú ag amharc ar cén áit a rinneadh an infheistíocht.

" Mar shampla an bhfuil daonra mór go leor chun infheistíocht a mhealladh agus an bhfuil infrastruchtúr - bóithre, leathanbhanda agus araile, maith go leor sa cheantar.

"Caithfear an tírdreach agus na hacmhainní nádúrtha sa cheantar a chur san áireamh chomh maith, bíonn acmhainní ag ceantracha ar an gcósta le haghaidh feirmeacha éisc, mar shampla nach bhfuil ag ceantracha eile."

"Má amharcann tú ar fhigiúirí do cheantracha tuaithe timpeall na tíre, ar nós Liatroim, an Cábhán agus tuaisceart Chiarraí, feicfidh tú nach ndéanann an IDA nó Fiontraíocht Éireann, mórán infheistíochta iontu i gcomparáid le ceantracha le daonra níos mó."

Dúirt an tÚdarás nach bhfaigheann comhlachtaí sa Ghaeltacht níos mó tacaíochta ná comhlachtaí sa chuid eile den tír agus nach féidir leo idirdhealú a dhéanamh idir comhlachtaí i gcatagóirí éagsúla sa Ghaeltacht.

Dúirt an t-urlabhraí chomh maith nach raibh na catagóirí sa Staidéar Cuimsitheach go hiomlán cruinn toisc go raibh siad bunaithe ar thoghranna.

"Tá ceantair i gcatagóirí éagsúla sa staidéar nach bhfuil fíor, mar shampla, Rann na Feirste, atá aitheanta mar cheann de na Gaeltachtaí is láidre, ach atá i gcatagóir B toisc go bhfuil sé mar chuid de thoghroinn Anagaire."

Chosain an tÚdarás an méid infheistíochta a rinneadh sna ceantair i gcatagóir C i Maigh Eo.

"Is i mBéal an Mhuirthead atá an t-infreastruchtúr agus an tionsclaíocht agus tá go leor daoine ó na ceantair Ghaeltachta láidre i Maigh Eo ag taisteal chun obair a dhéanamh ann, mar a tharlaíonn i gcontaetha eile."

Ranganna ceoil traidisúnta ar fáil ar líne

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ an suíomh OAIM (*Online Academy of Irish Music*) ag reáchtáil cúrsaí ceoil i réimse leathan d'uirlisí ceoil agus iad ar fad ar líne agus ar chostas réasúnta.

Bhunaigh Kirsten Allstaff, arbh as Alban di ó dhúchas, agus a páirtí, Mathew Curley, an suíomh OAIM sa bhfómhair 2010. Suíomh gréasáin a chuireann ranganna ceoil ar fáil ar líne i réimse uirlisí.

Tá Kirsten Allstaff ag múineadh in Ollscoil Luimnigh le deich mbliana anuas agus ise a bhí taobh thiar den chéad mhodúil ar líne sa Dámh Chruinne Éireann - Rince agus Ceol i Luimneach.

"Rinne mé neart taighde ar cheol an lucht taistil. Mhothaigh mé go raibh a lán féidearthachtaí ann maidir le ceol a fhoghlaim ar líne agus ní raibh mórán den chineál foghlamtha sin ag dul ar aghaidh san ollscoil. Bhí fáil orm ceoltóirí den scoth a tharraingt atá ag teagasc san ollscoil féin mar theagascóirí ar an suíomh," a deir Kirsten Allstaff.

"Sheolamar an suíomh sa bhfómhair 2010 agus tá sé ag fás i rith an ama. Tá ranganna ag dul in airde i gcaitheamh an ama agus cuireann gach cúrsa go mór leis an suíomh, " a deir sí.

Tá sé dírithe ar gach duine, idir fhoghlaimeoirí agus thosaitheoirí agus cheoltóirí cumasacha atá ag iarraidh tiúineanna a fhoghlaim.

"Bheadh sé feiliúnach do dhaoine atá thar lear nach féidir leo dul chuig ranganna, nó daoine atá ag tosú amach ar uirlis cheoil den chéad uair, nó ar cheoltóirí atá ag iarraidh breis tiúineanna a fhoghlaim agus cur lena gcumas ceoil, " a deir bunaitheoir an tsuímh.

Tá Kirsten Allstaff ag teagasc ar an suíomh sna cúrsaí a bhaineann leis an bhfeadóg mhór. I measc na dteagascóirí tá an fidléir Tola Custy, an t-amhránaí Muireann Nic Amhlaoibh, fear an bhasúcaí, Billy Mag Fhlionn, agus go leor sárcheoltóirí eile.

"Sílim go bhfuil éileamh ann don suíomh, tógfaidh sé am ar ndóigh ach is amhlaidh is fíor do ghach uile gnó. Níl muid ar an fhód ach ar feadh seal gairid ach tá mé cinnte go bhfuil an t-éileamh ann dó. Tá cuid mhór daoine a bhfuil spéis acu sa cheol traidisiúnta nach bhfuil in ann a theacht ar mhúinteoirí nó ar ranganna, go háirithe agus iad thar lear," a deir Allstaff.

Tá an suíomh an-éasca le n-úsáid. Is féidir blaisín a fháil agus tú féin a chlárú leis an suíomh. Tá suas le 30 rang ar fáil láithreach, saor in aisce, i réimse leathan d'uirlisí ceoil. Cosnaíonn sé €19.95 don mhí ionas go mbeidh teacht agat ar na ranganna ar fad. Tá dosaen ranganna i ngach cúrsa agus tá suas le 25 cúrsa in airde cheana féin. Is féidir teagmháil a dhéanamh le daoine eile atá ag dul don chúrsa céanna agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis an teagascóir chomh maith.

"Gach mí cuirtear físeán nua in airde, an mhí seo tá cúrsa le hAidan O'Donnell ón ghrúpa Fidil ag cur cúrsa i láthair ar stíl fidléireachta Thír Chonaill," a deir sí.

"Beidh muid ag cur leis an suíomh i gcónaí; an mhí seo chugainn, mar shampla, beidh cúrsa in amhránaíocht sa Ghaeilge againn," a dúirt Allstaff.

http://www.oaim.ie/

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Iarrtar iarratais ar an bpost seo a leanas:

Seirbhísí do Mhic Léinn

- **Oifigeach um Míchumas**

Spriocdháta: Déardaoin, 21 Meitheamh 2012

Sonraí/nós imeachta Iarratais:
Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar an bpost thuas téigh chuig www.publicjobs.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



www.nuigalway.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

Tithe Solais na hÉireann agus na fir agus na mná a choinníonn na soilse lasta

Labhraíonn **Treasa Bhreathnach** le **Vincent Sweeney**, maor theach solais an Fhóid Duibh i gContae Mhaigh Eo atá ag obair le 'Coimisinéirí Soilse na hÉireann' le 38 bliain agus a d'airigh a chéad chrith talún le seachtain anuas.

Teach Solais an Fhóid Duibh

Is as an bhFód Dubh i gContae Mhaigh Eo é Vincent Sweeney ó dhúchas, agus is ann a chríochnaigh sé suas mar mhaor ar an teach solais, ach ní bóthar díreach a bhí i ann dó.

Cén chaoi ar tharla sé gur shocraigh sé a bheith ina mhaor ar thithe solais an chéad lá riamh?

"Bhí mé mar mhaor lánaimseartha ar fud na tíre, ó 1974 go dtí 1980," a deir Vincent Sweeney, "ach is dóigh go raibh sé sa bhfuil agam i ndáiríre. Bhí m'athair mar mhaor ar an teach solais ar an bhFód Dubh chomh maith go dtí gur éirigh sé as, sna 80í."

"Bhí mo dhearthair, Teddy, sa gcabhlach trádala agus é ag obair ar an long 'Granuaile' de chuid Choimisinéirí Soilse na hÉireann, agus bhí mo dhearthair eile, Gerry, atá 13 bliana níos sine ná mé, ag obair mar mhaor ar na tithe solais chomh maith. Bhí mise ag obair i Roinn na Mara ag an am agus mé ag fáil tuarastail de thimpeall punt amháin sa tseachtain nó rud éigin mar sin. Is cuimhin liom casadh le mo chuid deartháireacha agus iad ag teacht i dtír tar éis dóibh mí a chaitheamh ag obair amach ón gcósta agus neart airgid acu dá bharr. Agus, chuimhnigh mé orm féin, ba cheart domsa a bheith á déanamh sin!," arsa Vincent agus gáire mór uaidh.

Bhíodh maoir ar thithe solais ag obair leo féin go minic agus iad ina gcónaí ar phíosa de chloch amuigh i lár na farraige. Mar sin, ar thaitnigh an saol seo le Vincent?

"Bhí an saol uaigneach in amanna agus é sách deacair, ag braith ar an áit ina raibh tú. Bhí roinnt tithe solais a bhí iontach uaigneach; Oileán sa Tuaidh (*Eagle Island*) amach ó Bhéal an Mhuirthead, áit a mbíodh triúir maor i gcónaí ach bhí sé an-uaigneach fós fhéin. Bhí an tOileán Iarthach (*Eragh Island*) amach ó chósta Inis Mór uaigneach chomh maith - ceapaim gur amhlaidh a bhí mar go raibh sé ina luí go híseal sa bhfarraige agus tú scoite amach dá bharr. Bhí na haillte a bhí níos airde níos éasca le bheith ag obair orthu i ndáiríre."

Tar éis dó a bheith mar mhaor ar na tithe solais ar fud na tíre, tá Vincent anois lonnaithe sa bhFód Dubh le 32 bliain, agus is ann atá a dhearthár, Gerry Sweeney, chomh maith agus é ag obair mar chúntóir maoir agus an bheirt acu ag obair as lámh a chéile.

Rinneadh na tithe solais ar fad uathoibritheach (*automated*) sna 90í, agus tá roinnt acu anois ag oscailt a gcuid doirse mar ionaid do chuairteoirí.

Síleann Vincent go raibh sé soiléir gurb shin an bealach a rabhadar ag dul, de bharr na "gciorruithe a bhí i ndán do Choimisinéirí Soilse na hÉireann. Thug mé cúirt ar theach solais Róncharraig Mhór amach ó Bá Bheanntraí i gCiarraí le déanaí, áit ina mbíodh teach solais, túr agus laindéarléas (*lantern light*) i bhfearas. Anois, níl ann ach cuaille de chruach dhosmálta (*stainless steel*), a bhfuil solas ar a bharr agus grianphainéal (solar panel) leis. Ní theastaíonn go dtabharfadh duine cúirt ar an áit mórán ar chor ar bith. Sílim go mbeidh an chuid is mó de na tithe solais in Éirinn ag dul an bealach seo, ach is scéal difriúil atá ann don bhFód Dubh."

Tá nasc láidir ag teach solas an Fhóid Duibh leis an Roinn Iompar, Turasóireachta agus Spórt, mar go n-úsáideann an Garda Cósta an suíomh le haghaidh athbhreoslú. Bíonn héileacaptair de chuid an Gharda Cósta ó Chontae Shligigh, an tSionainn agus Contae Dhún na nGall á úsáid go minic. Mar gheall air seo, tá na maor ann ar glao-dhualgas 24 uair an chloig, 7 lá in aghaidh na seachtaine.

Tar éis do Vincent a bheith ag obair mar mhaor ar na tithe solais ar feadh cuid mhaith dá shaol, cén chaoi a n-airíonn sé anois go bhfuil siad ar fad uathoibritheach?

"Bhuel, bhíodh na n-iascairí i gcónaí ag rá gur thug sé suaimhneas dóibh go raibh a fhios acu go raibh duine éigin sna tithe solais. Is cuimhin liom féin a bheith ag iascach i gcurrach, 10 míle amach ón gcósta, agus thugadh sé suaimhneas dom go raibh a fhios agam go raibh maor sa dteach solais i ngar dom. Tá sé cineáil brónach i ndáiríre."

Bhí gach cineáil aimsir feicthe ag na maoir sna tithe solais, ach an raibh aon eachtra faoi leith a sheas amach in intinn Vincent?

"Bhíodh muid inár gcónaí sa teach solais ar an bhFód Dubh agus is cuimhin liom gur bhog muid amach as ar an 30 Meitheamh 1990. Timpeall sé mhí ina dhiadh sin, ar an 5ú Eanáir 1991, bhuail stoirm ollmhór an Fód Dubh - dhírigh sé na ballaí, leag sé an stóras, le cumhacht na stoirme bhris clocha isteach tríd an doras, agus bhí suas le méadar d'uisce sa teach rud a chiallaigh go raibh an cuisneoir agus an t-oigheann ag luí ar bharr an uisce. Bhí triúr páistí óga agamsa ag an am agus ba mhaith an rud é nach raibh muid inár gcónaí sa teach nuair a tharla an méid sin. Tháinig lagar ormsa nuair a chonaic mé an damáiste an mhaidin dár gcionn agus bheadh siadsan sínte le faitíos dá mbeadh muid ann an oíche

Teach Solais an Fhóid Duibh tar éis na stoirme in 1991

úd. Ní bheadh muid in ann aon ní a dhéanamh ach airde a bhaint amach agus fanacht ar lagú na stoirme."

Mar aon leis na heachtraí uile atá feicthe ag Vincent thar na blianta, tháinig ceann eile aniar aduaidh air i mbliana. Ar an 6 Meitheamh seo caite bhí crith talún amach ó chósta Mhaigh Eo, agus is é Vincent Sweeney duine de na daoine a d'airigh é. Mar a tharlaíonn sé, tá tábhacht ar leith ag baint leis an dáta sin do mhaoir theach solais an Fhóid Duibh.

Bhí athair Vincent, Ted Sweeney, ag obair mar mhaor sa teach solais le linn an dara cogaidh domhanda agus mar chuid dá gcuid dualgas bhí air féin agus a bhean, máthair Vincent, tuar na haimsire a thógáil agus é a sheoladh ar ais chuig Seirbhís Mheitéareolaíochta na hÉireann (Met Éireann). Bhí tábhacht faoi leith ag an ról seo le linn Operation Overlord, nó D-Day. Seo a deir Vincent, "Cé go raibh Éire ceaptha a bheith neodrach le linn an dara cogaidh dhomhanda, ní raibh i ndáiríre. Bhí na Comhghuaillithe ag tógáil thuar na haimsire ó Met Éireann, agus bhí Met Éireann ag fáil thuar na haimsire ón bhFód Dubh mar gheall gurb é an pointe ab iartharaigh atá ann é.

Bhídís ag iarraidh thuar na haimsire gach uair an chloig agus gach leathuair an chloig nuair a bhí siad ag tarraingt ar D-Day agus iad a rá le m'athair, 'Please check, Please repeat', arís agus arís eile. Bhí lagrach os cionn na hÍoslainne, agus bhíodar ag fáil thuar na haimsire faoin gcaoi a raibh sé ag titim amach thart ar Alba agus Shasana. Ach mar gheall ar thuar na haimsire a thug m'athair féin, cuireadh Operation Overlord ar ceal ar an 5 Meitheamh de bharr na haimsire agus thug siad faoi ar an 6ú lá de Mheitheamh ina áit."

Mar aon leis na heachtraí uile atá feicthe ag Vincent thar na blianta, tháinig ceann eile aniar aduaidh air i mbliana. Ar an 6 Meitheamh seo caite bhí crith talún amach ó chósta Mhaigh Eo, agus is é Vincent Sweeney duine de na daoine a d'airigh é. Mar a tharlaíonn sé, tá tábhacht ar leith ag baint leis an dáta sin do mhaoir theach solais an Fhóid Duibh.

"Is áit an scéal é, ach thug mé an dáta faoi deara inné, agus ar an lá céanna a tharla an crith talún amach ón gcósta ba é 70 bliain ón dáta a thugadar faoi Operation Overlord. Ní raibh a fhios agam céard a bhí ag tarlú i ndáiríre. Cheap mé go mbfhéidir gur trucail mhór a bhí ann, ach bhí an doras ag crith cé go raibh sé faoi ghlas. Is é an chéad rud a rinne mé ná a chinntiú go raibh gach rud i gceart leis an tancaer eitlíocht atá lonnaithe anseo, áit a bhfuil ná mílte lítear breosla do scairdchiorcad an Gharda Cósta."

Dhá ghlúin : Ted Sweeny, Vincent Sweeny agus a dheartháir.

Cé go bhfuil teach solas an Fhóid Duibh ceaptha a bheith uathoibritheach, is léir go bhfuil sé mar fhócas go fóill don phobal.

Tar éis dó a shaol a chaitheamh ag obair ar chósta na hÉireann, agus a chlann a thógáil taobh leis na tonnta, an raibh aiféala riamh ar Vincent gur ghlac sé le post mar mhaor ar theach solas?

"Ní raibh aiféala orm riamh, cé gur post uaigneach a bhí ann in amanna, ach ní raibh aiféala orm riamh gur ghlac mé an post mar mhaor ar an teach solais."

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

Dhá Scéim Nua Sparánachta Tríú Leibhéal do Scoláirí na hArdteiste 2012 do mhic léinn ó scoileanna DEIS

Patricia Uí Fhlaithearta, Comhairleoir Gairmtreoir

Níl ach beagán le cois seachtaine fágtha anois sula mbeidh scrúdaithe na hArdteiste críochnaithe. Tá mé cinnte go bhfuil go leor mic léinn nach bhfuil a n-intinn socraithe fós acu faoi na cúrsaí 3ú leibhéal a bheas siad ag cur isteach orthu agus go mbeidh siad ag breathnú siar ar na roghanna atá déanta acu suas go dtí seo agus ag déanamh athruithe ar na roghanna sin.

Tá suas go dtí 5.15in ar an 1ú lá de mhí Iúil agaibh chun é seo a dhéanamh agus níl aon chostas i gceist. Ar ndóigh, má tá tú ag smaoineamh ar chúrsaí teoranta a dhéanamh tá sé ródheireanach anois cur isteach ar na cúrsaí sin mar ba é 1 Feabhra, 2012, an spriocdhátaí dó sin.

Rinne os cionn 57,000 mhic léinn an Ardteist i mbliana agus beidh tusa i gcomórtas leo sin chun spás a fháil i gColáiste. Tá muid uilig ag tabhairt amach faoin gcaoi atá an tír seo faoi láthair ach ceann de na láidreachtaí atá againn ná go bhfuil an oiread sin daoine sa tír seo a bhfuil oideachas triú leibhéal acu.

Tá a fhios agam nach bhfuil dóthain postanna ann dóibh faoi láthair i ngach earnáil, ach beidh amach anseo tá siúl agam. Má tá súim agat sa teicneolaíocht tá go leor postanna nach bhfuil dóthain Éireannach cáilithe dóibh chun iad a fhostú i gcomhlachtaí cosúil le Microsoft, Google agus Amazon atá lonnaithe in Éireann.

Tá tóir ar chúrsaí i Ríomhaireacht & Innealtóireacht Bogearraí freisin. Bíonn go leor scileanna cosúil lé grúpobair, réiteach fadhbanna, scileanna eagraithe, cumarsáid agus fiontraíocht ag teastáil, sa chineál seo oibre.

An Scéim Sparánachta Triú Leibhéal 2012. Tá an Roinn Oideachas agus Scileanna tar éis sparánachtaí ar bhonn réigiúnach a fhógairt do scoileanna DEIS. Is fiú €2000 sa bhliain an sparánacht seo do mhac léinn. Beidh siad roinnte amach mar seo leanas, Baile Átha Cliath, Laighean, Mumhan agus Connacht/Ulaidh. Tá an Roinn Oideachas agus Scileanna ag súil go mbeidh thart ar 60 sparánacht ar fáil in 2012. Ní gá iarratas a dhéanamh ar na sparánachtaí seo toisc go mbronnfar iad bunaithe ar thorthaí na hArdteiste amháin. Níl siad bunaithe ar rogha cúrsaí don tríú leibhéal.

Is iad na critéir atá leagtha síos le haghaidh na sparánachtaí seo ná:

- A bheith ag freastal ar scoil DEIS
- A bheith ag tabhairt faoin Ardteist den chéad uair
- A bheith i dteideal deontais 3ú leibhéal a fháil
- A bheith ag freastal ar chúrsa tríú leibhéal atá ar a laghad dhá bhliain ar fhad i gcoláiste/institiúid atá maoinithe go poiblí.

Scéim Sparánachta Ernest Walton STEM 2012

Tá na sparánachtaí seo bunaithe ar torthaí na Ardteiste agus ar rogha cúrsaí don tríú leibhéal

Tá breis agus 115,000 dalta ag déanamh scrúduithe Ardteiste i láthair na huaire [PIC : SASKO LAZAROV /PHOTOCALL IRELAND]

Caithfidh na mhic léinn a bheas i dteideal cur isteach ar na sparánachtaí seo a bheith ag staidéar ar chúrsaí ag an tríú leibhéal sna réimsí Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta nó Matamaitice (STEM). Tá ocht sparánacht ar bhonn réigiúnach le fáil, i mBaile Átha Cliath, Laighean, Mumhan agus Connacht/Ulaidh.

Is iad na coinníollacha eile atá leagtha síos ná:

- A bheith ag freastal ar scoil DEIS
- A bheith ag tabhairt faoin Ardteist den chéad uair
- A bheith i dteideal deontais 3ú leibhéal a fháil
- Cúrsa STEM a bheith mar chéad rogha agat ar an iarratas CAO

Mar sin ní mhór do gach iarratasóir foirm iarratais a líonadh, beidh fianaise i dtaobh do rogha cúrsaí ón CAO le chur ar ais le d'iarratas roimh 5.15in ar 3 Lúnasa 2012, mar shampla, cruthúnas gur chur tú cúrsa/í STEM síos. Ní ghlacfar le hiarratasóirí tar éis an dáta deiridh. Mura bhfuil cúrsa/cúrsaí STEM mar cheann de na chéad roghanna atá fós agat ar d'iarratas CAO, tá an seans agat é a dhéanamh anois roimh an 1 Iúil (an dáta deiridh le haghaidh gach cursaí 3ú leibhéal a roghnú) má tá suim agat sa Sparánacht seo. Déanfar measúnú ar chúrsaí tríú leibhéal atá dhá bhliana ar fhad nó níos mó ach caithfidh siad a bheith liostaithe ar shuíomh gréasáin an CAO mar chúrsaí STEM agus a bheith in institiúidí atá maoinithe go poiblí.

Má éirionn leat aon cheann de na sparánachtaí seo a fháil, íocfar é mar íocaíocht singil ag tús na bliana acadúla. Is iontach an cúnamh é seo mar go mbeidh tú i dteideal cur isteach ar an deontas 3ú leibhéal a labhair mé faoi an tseachtain seo caite chomh maith. Tá na foirmeacha iarratais le fáil i do scoil nó ón seoladh thíos. Is féidir an fhoirm atá líonta isteach agat a sheoladh ar ais chuig;

Ardoideachas - Cothromas Rochtana, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bóthar Phort Laoise, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí Uimhir Guthán 057-9325344/4482/4381

Ní thacaíonn an CAO le haon chúrsa ar leith ná ní mholann an CAO aon chúrsa ar leith. Tá freagracht ar an iarratasóir féin maidir le stádas agus oiriúnacht aon chúrsa a roghnaítear. Is ceart d'iarratasóirí a chinntiú nach seolann siad iarratas isteach róghar don sprioclá atá leagtha síos. Ní féidir dul thar an sprioc-lá sin.

Beatha an Scoláire

NUS-USI : 40 Bliain ar an bhFód

Peadar de Bhlúit

Ceannródaithe, ceannairí na todhchaí, ábhar spreagaidh don aicme pholaitíochta - frásaí ar fad a úsáideadh ag síniú an conradh tríthaobhach, agus comóradh 40 bliain NUS-USI, le déanaí. Comhaontú a bhí ansin idir Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ), Aontas Náisiúnta na Mac Léinn sa Bhreatain (NUS), agus an tAontas ó thuaidh (NUS-USI).

Tá sé tábhachtach breathnú ar an gconradh seo, agus cuimhneamh ar an am a síníodh é. Tháinig AMLÉ, agus NUS le chéile chun gluaiseacht a sholáthar do na mic léinn, saor ó chlaontacht cine agus creidimh, Aontas a dhíreodh ar chúiseanna na mac léinn, in ionad an cúlra a bhí acu.

An Tánaiste Eamon Gilmore, iar-uachtarán Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Conradh déthaobhach a bhí ann ag an tús, le AMLÉ agus NUS ag déanamh comh-riaradh ar an Aontas nua. 40 bliain níos déanaí, tá conradh nua ann agus socrú déanta go mbeidh comh-riaradh á dhéanamh ag AMLÉ, NUS, agus NUS-USI, ar mhianta na mac léinn ollscoile, ardoideachais, agus breisoideachais.

Nuair a cuireadh tús le NUS-USI, Aontas de thart ar 40,000, a bhí ann, anois tá níos mó ná 200,000 san Aontas céanna agus iad ag comóradh 40 bliain a mbunaithe i mBéal Feirste amárach.

An chúis go luaim é seo ar fad ná toisc na n-aoichainteoirí a bhí i láthair ag síneadh an conartha tríthaobhaigh, an Tánaiste, Eamonn Gilmore, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness, beirt a bhí ansin agus iad breá gníomhach mar dhaoine óga.

Bhí an Tánaiste féin mar Uachtarán ar AMLÉ, ó 1976 go 1978. Fear ag an am a bhí lárnach i blianta tosaigh NUS-USI. Anois, áfach, tá Gilmore ag suí ag an bord tosaigh ag déanamh cinntí atá ag teacht salach ar gheallúintí a dhein sé le mic léinn agus le teaghlaigh sa tír seo, rudaí ar throid sé féin chomh fiáin dóibh agus é i mbun ghluaiseacht na mac léinn.

Coicís ó shin, d'fhógair Ceannasaí an Údaráis um Ard-Oideachas, go rabhadar ag súil go dtiocfadh ardú súntasach ar thaillí tríú-leibhéal. Tháinig an méid seo chun cinn de dheasca an phlean oibre atá ag an rialtas agus na srianta atá ann ón Eoraip. Caithfidh an rialtas cuimheamh, áfach, go bhfuil siad ag cur brú ar na daoine céanna a bhfuil siad ag impí orthu cáin a íoc as a dtalamh féin, íoc as uisce, gan trácht ar mhodhanna eile cánach atá tagtha chun cinn le cúpla bliain anuas.

Tá sé in am do dhaoine seasamh le chéile agus ní amháin sin ach a rá leis an rialtas cúlú ón mbrú ar fad atá á leagan ar gnáth-theaghlaigh.

Tá sé thar am do theaghlaigh a thabhairt le fios don rialtas nach bhfuil siad sásta tuilleadh iallaigh a thógáil orthu féin.

D'fhéadfaí ceacht a fhoghlaim ó na ceannródaithe a bhí i mbun bhunú NUS-USI. A rá nach leor a bheith ag glacadh leis an status quo, go bhfuil a mhalairt de slí ann chun deighleáil le fadhbanna, is cuma cé chomh mór is a cheaptar atá siad.

Caithfidh daoine seasamh suas agus an teachtaireacht seo a thabhairt don rialtas - a chur in iúl dóibh nach bhfuil sé sásúil leanúint ar aghaidh mar atá.

Agus is fearr é a dhéanamh luath ná mall.

Ag seachaint chuing an bháis i bhFianna Fáil

Máirtín Ó Catháin

Fianna Fáil - tá obair rompu : An Seanadóir Darragh O'Brien, Micheál Martin, Ceannaire an Pháirtí, Eamon Ó Cuív TD, agus príomhaoire an pháirtí, Seán Ó Fearghail TD, taobh amuigh den Dáil in 2011. [PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

Samhlaigh a leithéid seo de rud: reáchtáiltear Olltoghchán gar do dheireadh 2015 nó i dtús 2016. Ní thagann an Lucht Oibre go maith as. Tá ardú beag ar an líon suíochán atá ag Fianna Fáil - 27. Tá Fine Gael tite siar roinnt ach fós féin tá 57 acu.

Níl an oiread ag an Lucht Oibre agus ag Fine Gael in éineacht agus a thabharfadh móramh dóibh sa Dáil agus ní cosúil go bhfuil aon ghrúpa neamhspleáigh ann a bhféadfaí ceangal sásúil Rialtais a dhéanamh leo.

Ach dá dtiocfadh Fine Gael agus Fianna Fáil in éineacht bheadh 84 acu -tromlach glan agus Teachta Dála as an Lucht Oibre sásta a bheith ina Cheann Comhairle.

Ní bheadh aon cheisteanna móra fealsúnachta ná polasaithe le réiteach. Ní cosúil go mbeadh aon drogall ar Fhine Gael a leithéid de Rialtas a bhunú.

Bheadh post an Taoisigh acu agus tromlach na nAirí. B'fhearr go mór é sin ná a bheith ar an trá fholamh. Lena chois sin bheidís ag glacadh ceannais ar Fhianna Fáil dáiríre.

Cén dearcadh a bheadh ag Fianna Fáil air seo? Mura mbeadh Fianna Fáil sásta a bheith páirteach sa gceangal seo chaithfí Olltoghchán eile a reáchtáil. Céard a déarfadh an pobal faoi sin?

Cén cheist ba mhó a chuirfí ar Fhianna Fáil sa bhfeachtas don dara holltoghchán: an bhfuil sibh sásta comhoibriú a thabhairt le Rialtas a chur ar fáil sa tír seo má thugann muid vóta daoibh?

Bheadh Fianna Fáil i ladhar an chasúir agus an páirtí i mbaol a scriosta de bharr a mbeadh de shárú agus de chonspóid idir na baill.

Is cosúil go bhfuil go leor daoine i bhFianna Fáil, agus cuid acu ceangailte go dlúth leis an bpáirtí, nach bhfuil ag tabhairt airde ar an tsamhail sin fós. Níor chuimhnigh siad i gceart air fós, sin nó níl siad á ligean i ngar dóibh féin.

Ó Cuív ag tuiscint na contúirte

Tá an Teachta Dála Éamon Ó Cuív chun tosaigh ar chuimse daoine i bhFianna Fáil agus é ag feiceáil roimhe sa gcás seo.

Tuigeann seisean go mbeadh an toradh ar thoghchán, mar atá luaite thuas, ina chaidhp bháis ar Fhianna Fáil. Tuigeann sé freisin go bhfuil seans sách maith ann go bhféadfadh a leithéid de thoradh a bheith ann amach anseo.

Cén chaoi ar féidir le Fianna Fáil éalú as an gcontúirt sin?

Thug an Teachta Éamon Ó Cuív iarraidh faoi nuair a tharraing sé anuas gurbh fhearr a thiocfadh sé le traidisiúin agus le fealsúnacht Fhianna Fáil go mbeadh ceangal acu le Sinn Féin i gcleamhnas Rialtais sna blianta romhainn.

Dúirt sé freisin go mba comhghleacaithe nádúrtha Rialtais iad Fine Gael agus an Lucht Oibre. Tubaist a bhí ann, a deir sé, nuair a bhí Fianna Fáil agus an Lucht Oibre i gcomhrialtas sna 1990aidí.

Ba léir go raibh Ó Cuív ag iarraidh sruth smaointeoireachta a thosú i bhFianna Fáil. An aidhm a bheadh ag an iarracht seo: an oiread de bhearna a oscailt idir Fianna Fáil agus Fine Gael agus go mbeadh glacadh leis nach mbeifeá ag súil go bhféadfadh an dá pháirtí sin a theacht le chéile i gComhrialtas ar bith.

Níor chuir an Teachta Ó Cuív feoil ar na cnámha nuair a labhair sé faoi sin - bheadh go leor oibre ag baint leis sin. Ach dúirt sé go raibh fealsúnacht thraidisiúnta phoblachtach agus náisiúnach Fhianna Fáil níos gaire do Shinn Féin ná do leagan amach pháirtí ar bith eile.

Maith go leor, a deir tú, ach tá - ar a laghad - dhá cheist mhóra phraiticiúla anseo fiú agus dá nglacfadh Fianna Fáil le smaointe Uí Chuív. Baineann ceann acu le ceisteanna polasaithe; is cosúil go bhfuil difríocht mhór idir an dá dhream - má tá. Creideann Éamon Ó Cuív go múnlófar polasaithe Shinn Féin ar bhealaí eile de réir a chéile.

Dá gcuirfeá leagan eile ar (mo chuid focla féin) - ní hé an Sinn Féin atá ann anois a bheadh ann nuair a bheidís ar tháirseach an Rialtais. B'fhéidir.

An cheist mhór uilig, ar ndóigh, i dtéarmaí na polaitíochta, ná an mbeidh Fianna Fáil in ann a dhul chun tosaigh ar Shinn Féin ó thaobh suíocháin Dála de?

Fiú agus dá nglacfaí le smaointe Uí Chuív faoi cheangal le Sinn Féin, is ar éigin go mbeadh baill an pháirtí a cheapadh go mbeadh Fianna Fáil sa mionlach dá dtiocfadh an lá nuair a bheidís istigh le Sinn Féin.

Ní cluiche ríomhaireachta polaitíochta é seo

An cineál cluiche '*fantasy politics*' é seo uilig?

Is é an chontúirt atá ann do chuid mhaith daoine i bhFianna Fáil go gcreideann siad gurb ea.

D'fhéadfadh na roghanna atá luaite anseo - go háiríthe an ceangal le Fine Gael - a beith i bhfoisceacht trí bliana dóibh. Roimhe sin beidh toghchán áitiúil ann agus caithfidh Fianna Fáil an réiteach is fearr ariamh a dhéanamh don toghchán sin.

Beidh Sinn Féin ag ithe agus ag gearradh ar an Rialtas sa bhfeachtas sin agus chuile chosúlacht ar an scéal go n-éireoidh leo go leor suíochán breise a thabhairt leo.

Saothróidh iarrthóirí Fhianna Fáil é mar go gcuirfear ina leith go bhfuil a bpolasaí siúd - bunaithe ar an socrú leis an 'Troika' - ar aon dul le polasaithe an Rialtais. An bhfuil Fianna Fáil faoi réir, nó an bhfuil siad ag spaisteoireacht i dtreo na dtoghchán áitiúil?

Reáchtáladh cruinnithe chinn bhliana de Chomhairlí Ceantair Fhianna Fáil i gConamara le gairid - cúig cinn acu ar fad. Reáchtáileadh cruinniú chinn bhliana Chomhairle Dháilcheantar Ghaillimh Thiar freisin. Níor toghadh oifigigh nua ar bith. Theastaigh cisteoir i gComhairle Ceantair Chonamara Thiar agus ba dheacair duine a fháil a thógfadh an post sin.

Fadó an lá, a rinne Tip O'Neill, duine de na polaiteoirí ba chumhachtaí i dtír mhór Mheiriceá, an ráiteas "*all politics is local*".

Is beag duine a thuigeann é sin níos fearr ná Teachta Dála Fhianna Fáil i nGaillimh Thiar, Éamon Ó Cuív.

Ach an bhfuil saighdiúirí Fhianna Fáil ar an talamh sách réitithe le haghaidh an chéad chath eile in 2014? Sin gan trácht ar an láimhsiú atá le déanamh ar an soitheach sna farraigí móra amach anseo.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

'Is don Stát seachas don Pháirtí atá dílseacht gach TD dlite'

Bhí sé cosúil le Triú Rún Fatima ar feadh i bhfad. Cé mhéid den 'ghnáththuarastal tionsclaíoch' a bhfaigheann Teachtaí Dála agus Baill Tionóil Shinn Féin mar chúiteamh ar a saothar ar son a dtoghthóirí agus cé mhéid a choinníonn an páirtí?

Is iomaí uair a chuir mé an cheist - ach ní raibh urlabhraí an pháirtí sásta aon fhreagra beacht a thabhairt dom. Ach anois, de bharr sciorradh teanga, b'fhéidir, ó Theachta Dála nua, tá an teolas sa réimse poiblí. Faigheann gach TD de chuid Shinn Féin isteach agus amach le €34,000, dar leis an méid a thug Sandra McClellan, TD SF in Oirthear Chorcaí, le fios don Irish Mail on Sunday.

Ar éigean go bhfuil dóthain ansan, a ghearáin sí, chun íoc as an smideadh agus an ghruagaireacht bhreise a bhíonn de dhíth ar Bhan-Teachtaí Dála.

Scéal tharam costas an smididh agus a leithéid ach, tá a fhios agam an méid seo:

Más cáiníocóir thú, ná bí róbhuíoch nó ní hé go dtéann an farasbarr ar n-ais go dtí an Státchiste mar coimeádann an pháirtí é chun cur leis an ngréasán náisiúnta d'oifigí i ngach Dáilcheantar agus a leithéid.

Mary Lou McDonald, TD, Sinn Féin : Cur i gcéill ar bun aici? [PIC : PHOTOCALL]

Mar sin, faigheann an páirtí isteach is amach le €58,000 ar son gach TD atá aige sa Dáil.

Níl cáin san áireamh ansan agus, mar sin, níl sé soiléir cé a íocann an cháin? An íocann an TD cáin ar an €92,672 agus an dtugann sé/sí an farasbarr thar €34,000 tar éis cáin a bheith íoctha ar an bpáirtí?

Nó an é an páirtí a íocann an cháin agus a thugann an €34,000 don TD bocht?

Cheapfá gur ceist shuarach í sin - agus glacaim leis gur ábhar cineál suarach é tuarastal ár dTeachtaí Dála, ceist a chuireann díospóireacht meánscoile i gcuimhne dhom - ach ceapaim féin go bhfuil sé tábhachtach a bheith cinnte gurb é an Stát - tusa agus mise - a fhostaíonn TD Shinn Féin seachas an pháirtí. Is don Stát seachas don Pháirtí atá dílseacht gach TD dlite.

Ar ndóigh, is é bun agus barr an scéil go gcosnaíonn gach TD ó Shinn Féin an oiread céanna agus a chosnaíonn Teachtaí Dála ó pháirtithe eile, seachas, b'fhéidir, Mick Wallace agus corr TD eile a bhfuil 'ceisteanna' le freagairt acu maidir lena gcuid iompar cánach.

Ní miste liom an chostas atá ar Theachtaí Dála SF, fiú mura n-aontaím leo. Is é sin costas an daonlathais. Is fuath liom, áfach, an cur i gcéill agus ceilt na fírinne a bhíonn ar bun ag an bpáirtí, go háirithe leithéidí Mary Lou McDonald.

Chuala mé í ag maíomh faoi na tuarastail laghdaithe an tseachtain seo chaite arís. Bhí trath ann nuair ná bíodh idir Shinn Féin agus na páirtithe 'móra' ó dheas ach 50 bliain.

Tá an bearna sin cúngaithe go mór de réir mar atá fás tagtha ar Shinn Féin agus iad ag druidim isteach i lár an bhóthair go mall ach go cinnte.

Bhí díospóireacht agam le fear ó Chúil Aodha le déanaí mar gheall ar Shinn Féin, tráth na hArd-Fheise a bheith ar siúl i gCill Áirne.

Dar leis an bhfear seo, bheadh sé go maith dá dtabharfaí seans do Shinn Féin teacht i gcumhacht ó dheas mar go raibh an oiread san de chacstaí déanta ag na páirtithe eile den tír. Ar éigean go bhféadfainn argóint leis an dara cuid den ráiteas sin.

"B'fhéidir go bhfuil an cheart agat," a dúirt mé le mo dhuine, "ach ná bí ag súil le difríocht dá laghad má thagann siad i gcumhacht.

"Is léir don dall go bhfuil siad, de réir a chéile, ag cur cuma na measarthachta agus na measúlachta orthu féin - agus ní féidir a bheith radacach agus measúil ag aon am amháin."

Dar le hEoghan Ó Néill (Gaelscéal) agus go leor tráchtairí eile atá ag scríobh faoi Shinn Féin agus an reifreann, tá an páirtí ag dul ó neart go neart mar gheall ar an fhreasúra ceannasach atá léirithe acu don 'status quo'.

Fiú dúirt Eoghan Harris (*'Sunday Independent'*) go mbeadh na páirtí ag súil le 40 suíochán sa chéad Olltoghchán eile - bíodh is nach mbeidh sin ann go dtí 2016.

Más é sin breith na vótóirí, maith go leor. Ach beidh fanacht fada ar gach éinne má tá siad ag súil le hathrú polasaí an uair sin ó Shinn Féin thar an dream a bheidh istigh rompu.

Is mó gearán a chloistear ó urlabhraithe Shinn Féin faoin mbealach críochdheighilteach atá ag an pháirtí a bheith ag cáineadh ciorruithe ó Dheas agus á gcur i bhfeidhm thar teorainn ó Thuaidh. "Tá ár lámha ceangailte de bharr gur ó Westminster a thagann an deontas," a bíonn siad a chaoineadh.

Dá dtiocfadh Sinn Féin i gcumhacht amárach ó Dheas, cé chomh fada a ghlacfadh sé ar urlabhraithe an pháirtí a bheith ag caoineadh mar gheall ar a lámha a bheith ceangailte ag coinníollacha na hEorpa agus ná raibh ar a gcumas na hathruithe a bhí á bheartú acu a chur i bhfeidhm mar gheall ar chúinsí chostais?

Caochadh na súl. Sin chomh fada. Nó b'fhéidir 'dhá mheandar' Eimear Ní Chonghaile ó Nuacht TG4!

Ar ábhar eile ar fad, d'ullmhaíos póstaer 'Éire Abú' atá ar fáil ar www.igaeilge.ie chun deis a thabhairt do lucht leanta Euro 2012 na scóranna a líonadh isteach do gach cluiche. Bhíos ana shásta le mo shaothar - ach má bhí, is fearr arís an jab atá déanta ag Aodhán Ó Deá ó Chlub Chonradh na Gaeilge. Tá a phóstaer sin ar fáil ag http://www.anclub.ie/ClubChonradhEuro2012beag.pdf

Éire agus Corcaigh abú!

Buíochas le Dia nach bhfuil ár

Eoin Ó Murchú

Tá sé chomh maith, is dócha, gur neartaigh muid ár lámh - mar a dúirt an Tánaiste Éamon Gilmore - sa vótáil faoin gConradh Fioscach, mar céard a bheadh in ann dúinn as na cainteanna reatha dá mbeadh lámh lag againn?

Mar a tharla, ní bhfuaireamar tada ón mBruiséil ná ón nGearmáin, seachas focal beag molta. Agus ní hé amháin nach bhfuaireamar aon fheabhsú maidir leis na híocaíochtaí atá le déanamh againn i dtaobh na bhfiacha baincéireachta, ní bhfuair muid ach an oiread an margadh céanna is a fuair an Spáinn!

Sea, níl aon choinníollacha ag baint leis an airgead tarrthála a tugadh don Spáinn, cé go raibh - agus go bhfuil - coinníollacha diana ag baint leis an airgead tarrthála atá againne. Caithfidh muide gearradh siar ar sheirbhísí agus muirir nua a thabhairt isteach chun a chinntiú nach dteipfidh ar na bainc Ghearmánacha ná ar an gcorás baincéireachta Eorpaigh.

Sa gcomhthéacs sin nach brontanas ó Dhia é scéal Mhick Wallace. Tá sé deacair a shamhlú go mbeidh sé in ann seasamh arís agus cúrsaí airgeadais na tíre a cháineadh gan gáire a spreagadh ar gach aon taobh.

Mar sin fhéin, cé hé Éamon Maloney seo a labhair leis an oiread sin nimhe faoin scéal sa Dáil. Is cosúil nár labhair sé amach in aghaidh aon chinneadh rialtais a ghoill an oiread sin ar a lucht tacaíochta i dTamhlacht: míniú ar an droch-vóta don Chonradh Fioscach sa gceantar sin. Agus is cosúil gur ghlac sé an deis go fonnmhar le ciceáil a thabhairt don dream atá á chéasadh.

Tá an chiceáil tuillte ag Wallace sa gcaoi chéanna go mbeadh sé tuillte ag polaiteoir ar bith ar bhfuarthas amach faoi gur cheil sé nó sí cáin ar an stát.

Ach ní athraíonn sé na fíricí go bhfuil an tír seo á bá faoi ualach na bhfiacha baincéireachta a cuireadh orainn, agus gur chuma lenár "gcairde" san Eoraip faoi sin.

Cén fáth mar sin ar léirigh an tAontas Eorpach an oiread sin dímheasa dúinn? Ní féidir é a shéanadh ach vótáil muid ar son na déine sa gConradh; tá oibrithe amuigh ar na sráideanna sa nGréig agus sa Spáinn ag déanamh agóide in aghaidh na déine.

Is é sin má tá muide toilteanach glacadh le déine, tuige an dtabharfadh na Eorpaigh (na Gearmánaigh i ndáiríre) aon rud dúinn. Tuigim cén fáth nár theastaigh ón Taoiseach, Enda Kenny, aon eolas a thabhairt faoina chomhrá teileafóin le hAngela Merkel.

Ach is é an rud is amaidí faoin scéal ar fad ná go gcreideann na saineolaithe nach ndéanfaidh margadh na hEopra leis an Spáinn aon difir, go bhufil seans maith ann go dteipfidh ar an bplean nua seo taobh istigh de chúpla seachtain, de bharr nach bhfuil na fiacha baincéireachta (a raibh páirt lárnach ag na nGearmáin iontu) inaisíoctha ag na tíortha imeallacha atá faoi bhrú.

Ach is é an rud is amaidí faoin scéal ar fad ná go gcreideann na saineolaithe nach ndéanfaidh margadh na hEopra leis an Spáinn aon difir, go bhufil seans maith ann go dteipfidh ar an bplean nua seo taobh istigh de chúpla seachtain, de bharr nach bhfuil na fiacha baincéireachta (a raibh páirt lárnach ag na nGearmáin iontu) inaisíoctha ag na tíortha imeallacha atá faoi bhrú.

Mar chomparáid, tá an Íoslainn tagtha slán as an ngéarchéim: tá an tír in ann airgead a fháil ar rátaí réasúnacha ar na margaí idirnáisiúnta, tá an eacnamaíocht ag fás ag ráta os cionn trí faoin gcéad go bliantúil, tá dífhostaíocht agus boilsciú ag dul i laghad. Is féidir leo a bheith ag súil

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Mick Wallace

SCIGDHRÁMA. Magadh. Seafóid. Léann scéal Mick Wallace mar dhrama ó pheann John B. Keane agus bheadh sé chomh greannmhar céanna dá mbeadh sé cumtha - ach níl sé cumtha, fíorscéal atá ann.

Baineann an cás seo le cúrsaí canach, le cáin nár íoc an tUasal Wallace

D'fhalsaigh sé tuairisceán cánach.

Falcaire cánach atá ann a bhfuil bille de €2.1m le n-íoc aige leis an Stát.

Roghnaigh sé gan an bille a íoc ag an am cuí. Samhlaigh 'na daoine beaga' ag déanamh an rogha céanna, nó an é go bhfuil cáin ann 'do na daoine beaga amháin'.

Is ionann TD agus duine a dhéanann dlíthe. Sa chás seo, bhris an TD Wallace an dlí. Uime sin, níl sé fóirsteanach mar TD.

A Mhick, tá an magadh thart, imigh leat agus b'fhiú duit léine úr a cheannach - tá go leor airgid fós agat, fara-or. Ar ndóigh, i ndeireadh na dála, is ceist í seo do mhuintir Loch Garman. Caithfidh meas a bheith againn ar an rogha daonlathach atá déanta acu.

Ar an drochuair, tá gach seans go mbeidh sé ar ais arís sa Dáil tar éis an chéad toghcháin eile nó an bhfuil seans ann gur féidir le muintir Loch Garman tús a chur le haibíocht nua i bpolaitíocht na hÉireann?

An tÚdarás agus an Ghaeilge

INA alt míosúil ar an iris ar líne Gaeilge beo.ie, tá sé ráite ag an tráchtaire, Breandán Delap, atá ina Chlár-Eagarthóir le Nuacht RTÉ-TG4 :

"De thairbhe a leochailí is atá an Ghaeilge sa Ghaeltacht san am i láthair, áfach, ba cheart go mbeadh caomhnú na teanga lárnach in aon mhaoiniú a dhéantar ar chomhlachtaí ann. An ar leas na teanga a bheadh sé, mar shampla, dá mbeadh an 220 post úd in Indreabhán líonta ag daoine a bheadh ag teacht anoir ó chathair na Gaillimhe, a bheadh ag Béarlóireacht go tréan agus gan de bhuntáiste le fáil ag an gheilleagar áitiúil uathu ach corrcheapaire agus líotair artola i Siopa an Phobail?"

Ba mhaith le Gaelscéal aontú go tréan leis an tuairim sin, atá láidir go cinnte ach iomlán beacht agus ciallmhar.

Ba cheart go mbeadh caomhnú na teanga lárnach in aon mhaoiniú a dhéantar ar chomhlachtaí sa Ghaeltacht, bun agus barr an scéil.

Ní gá leithscéal a ghabháil as seasamh ar an bpointe sin. Tá an ceart bunúsach ag Éire cultúr na hÉireann agus na nGael a chaomhnú.

Táthar ag argóint go bhfuil sé sin i gcoinne cheartaiseacht pholaitiúil.

Más fíor sin, is ideolaíocht an cheartaiseacht pholaitiúil a dhéanann dochar do mhaireachtáil chultúrtha na hÉireann agus ní ceart go mbeadh muid ag déanamh ár mbuaireamh faoina leithéid.

Ná déanaimis dearmad nach mbeadh Sasanach, Francach, Polannach, Gearmánach nó duine ar bith eile san Eoraip ar dhóigh ar bith buartha faoina gcultúir féin a chaomhnú.

Is sinne, mar Éireannaigh, atá chomh néaróiseach sin.

Cad a dhéanfaimis le 'Catagóir C'?

De réir na hanailíse atá déanta ag Gaelscéal, tá 41% d'infheistíocht an Údaráis á chaitheamh i gceantair a rangaíodh mar 'Chatagóir C' sa STAIDÉAR CUIMSITHEACH TEANGEOLAÍOCH AR ÚSÁID NA GAEILGE SA GHAELTACHT. Bímis ionraic ar feadh soicindín, nuair a deir muid 'Catagóir C' i dtaca le roinnt de na ceantair seo, tá muid an-fhlaithiúil amach is amach, ach níor luadh aon 'chatagóir D' ann.

Tuigtear, ar ndóigh, go bhfuil infrastruchtúr ar leith sna ceantair sin a éascaíonn infheistíocht agus nárbh fhéidir a leithéid a mhealladh chuig ceantair níos iargúlta agus atá neamhfhorbartha ó thaobh bóithre agus mar sin de.

Lena chois sin, is ceart an teanga a chothú sna ceantair seo, is ceart go mbeadh spreagadh ann do dhaoine chun a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge, is ceart go mbeadh tacaíocht ann d'oideachas trí mheán na Gaeilge sna ceantair seo agus mar sin de.

Mar sin féin, tá 41% i bhfad ró-ard.

Lámh níos Laige fós

le todhchaí rathúnais.

Agus cén chaoi ar éirigh leo é sin a bhaint amach, mar bhí géarchéim níos géire acu ná mar a bhí againne? Sea, dhiúltaigh siad fiacha na mbanc a ghlacadh ar an stát, thug siad dhá mhéar do bhainc na hÍsiltíre agus Shasana, agus níor thit an spéir isteach orthu.

Abhus, níl ag éirí le déine ar fud na hEorpa aon réiteach a chur ar fáil agus is cosúil go mbeidh airgead tarrthála eile ag teastáil ón Spáinn gan moill.

Nach bhfuil sé in am stop a chur le polasaí nach bhfuil ag éirí leis, fiú má tá leithéid Mhick Wallace ag rá 'stop' freisin?

Ach ní bheidh aon stop leis an bpolasaí seo. Tá trí pháirtí sa Dáil céad faoin gcéad taobh thiar den pholasaí Eorpach seo: Fine Gael atá i gceannas ar an rialtas, agus an dá pháirtí eile a bhíonn ag sodar ina ndiaidh, Páirtí an Lucht Oibre (a bhfuil suíocháin rialtais acu) agus Fianna Fáil (nach bhfuil).

Ar an taobh eile tá Sinn Féin, a tháinig go maith agus treisithe as an bhfeachtas reifrinn, na neamhspleáigh clé ar buaileadh buille orthu mar gheall ar scéal Wallace, agus Ó Cuív.

Agus sin í an cheist: céard atá in ann d'Fhianna Fáil má leanann siad leis an bpolasaí gur leor cloí le seanpholaitíocht an pháirtí ach daoine nua óga a thabhairt isteach; agus ceard atá in ann do Ó Cuív má fhanann sé i bpáirtí nach féidir a shábháil?

Is ar éigean go mbeidh Sinn Féin in ann an jab a dhéanamh leo féin ach an mbeidh neamhspleáigh clé agus FF Cuíveach ann le cabhrú leo?

Is ea, bronntanas ó Dhia é scéal Mhick Wallace don rialtas agus do Pháirtí an Lucht Oibre ach go háirithe.

LITREACHA
chuig an Eagarthóir

Scéim Labhairt na Gaeilge

A Eagarthóir,
Cad faoi todhchaí na Gaeilge i gceantair Gaeltachta?

Bhí ionadh orm cloisint nach bhfuil ach 8 dteaghlach ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt in Eachréidh na Gaillimhe, dar le 'Gaelscéal' 6ú Meitheamh.

Bím ag smaoineamh ar na teaghlaigh lasmuigh den Ghaeltacht atá 'togtha' le Gaeilge agus ní bhfuair siad aitheantas riamh.

B'iontach an dul-chun-cinn é na teaghlaigh sin a ghríosadh agus a mhealladh chun Gaeilge a scaipeadh agus ina theannta sin ba bhreá dá mbeadh Gaeilge scaipthe níos fairsinge agus níos suntasaí i measc an phobail, maidir le seirbhísí phoiblí agus lucht Ghnó.

Eilís Uí Bhriain
Caisleán Uí Liatháin

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

Wallace ag imirt don fhoireann mhícheart

Eoghan Ó Néill

Ba bhreá liom a bheith chomh bancbhriste is atá Seanie Fitzpatrick! Nó chomh dona as agus atá Mick Wallace. Níl ar Theachta Dála Loch Garman ach glacadh leis an gcáineadh agus an mbrú go gceann tamaill eile, bogfaidh na meáin agus an pobal a n-aird chuig an gcéad scannal eile agus thig le Mick a ioncam de €100,000 sa bhliain a fháil ón gcáiníocóir caoin idir seo agus 2016.

Ní amháin sin , ach ag dul ar taithí Michael Lowry, tá sé ionann is cinnte go mbeidh Mick ag ceiliúradh vóta méadaithe in ionad comhairimh Loch Garman ag an gcéad olltoghchán eile.

Tá fiche argóint ag a lucht leanta a thacaíonn le Mick Wallace.

Tá an ceart ar fad acu nuair a mheabhraíonn siad dúinn nach bhfuil duine ar bith de na polaiteoirí ná na baincéirí ná na rialaitheoirí airgeadais ná na cuntasóirí sin a d'fhág an stát bancbhriste i ndiaidh a bheith thíos leis.

Amharc an méid acu a bhfuil pinsin mhóra ina bpócaí tónach acu chun iad a choinneáil sa stíl a raibh siad cleachtaithe leis tráth.

Gan amhras rinne Mick Wallace rudaí maithe do phobal Loch Garman, go háirithe más sa sacar is mó ata suim agat.

Lena chois sin ar fad, is cinnte gur bhris Mick an mhúnla beagán nuair a d'admhaigh sé a mhí-ionracas go poiblí seachas á bheith a séanadh de ló is d'oíche, faoi mar a dhéanann iad sin a bhronn Éire Teo ar an IMF.

Ach thig labhairt as seo go Lá Sheoin Dic faoi na coinníollacha ar leith a bhaineann le cás Mick Wallace.

Duine deas cothrom é, más fíor, agus an clú air go ndearna sé iarracht fostaíocht a chur ar fáil agus a bheith cothrom i gcúrsaí gnó.

Ach ceileann sin an fhírinne.

D' fhógair Mick Wallace go raibh sé ag dul isteach i nDáil Éireann féachaint leis an seanréimeas agus an seanchleachtas a bhriseadh.

Ach anois níl sé ar dhuine acu sin atá ag iarraidh na seanluachanna a bhriseadh. Tá sé ar aon taobh leo sin atá ag iarraidh na seanluachanna agus an seanréimeas a chosaint.

I ndeireadh na dála is é an pobal (sinne) a chaithfidh a bhille de €2.1m a ghlanadh.

I ndeireadh na dála is é an pobal a chaithfidh éisteacht le Mick Wallace ag déanamh an dlí do saoránaigh maidir le híoc cánach agus fios ag an domhan a chleachtas féin faoin cheist céanna.

Agus i ndeireadh na dála tá an pobal i ndiaidh a shocrú ina n-intinn féin nach bhfuil chreidiúint dá laghad fágtha ag Mick Wallace mar dhuine atá ar thaobh na bhFíréin.

Tá Mick ag imirt don fhoireann mícheart agus ba cheart dó, ar bhonn morálta, imeacht ón Dáil gan mhoill.

Lena himeacht leagfadh sé síos caighdeán a do Dháil Éireann nár leag aon duine eile síos le fada an lá.

Agus bheadh sé i measc na bhFíréin go deo.

Ach tá sé deacair ag duine ar bith i dTeach Laighean ná in Stormont ach oiread, an stíl beatha a chleachtaíonn polaiteoirí a chur uathu.

Cén iontas drochchlú a bheith ar pholaiteoirí i gcoitinne?

Nach iontach go dtosaíonn buaiteoir ar Dhuais Síochána Nobel a sheachtain ag leagan méar ar ghriangrafanna na ndaoine sin atá le feallmharú?

Is é sin go díreach an rud a dhéanann Barack Obama.

Coicís ó shin d'admhaigh oifigigh sinsearacha an Tí Bháin sa New York Times gurb é an tArdCheannasaí é féin a roghnaíonn targaidí na n-eitleáin gan phiólóta sula dtéann siad ag sleachtú leo san Éimin, sa tSomáil, agus sa Phacastáin.

Go fiú má chuireann muid ar leataobh a dochosanta is atá sé daoine a mharú ar fhocal an CIA i dtíortha thar lear, cad faoi na sibhialtaigh a tharlaíonn a bheith sa chóngar nuair a bhrúann saighdiúir óg i bhfásach Nevada an cnaipe chun diúracáin a scaoileadh ar fheirm in iarthuaisceart na Pacastáinte?

Tá réiteach nua faighte ag na húdaráis Meiriceánacha ar an fhadbh áirithe sin dar leis an New York Times.

'It, in effect, counts all military-age males in a strike zone as combatants, according to several administration officials, unless there is explicit intelligence posthumously proving them innocent.'

Bhí an t-am ann nuair a bhainfeadh an tOllamh Obama, an dlídóir óg sin a bhí lán paisean do chearta an duine agus do riail an dlí, bhainfeadh sé úsáid as a thallanna agus a éirimiúlacht chun troid i gcoinne maruithe seachbhreithiúnacha.

A mhalairt scéal anois aige.

Cad é mar a dtig meas ar bith a bheith againn ar bhuaiteoir Duais Síochána Nobel arbh é targaidiú agus marú daoine ar an dóigh seo ghnáthcuid dá oibre?

Dúirt mé roimhe é, deirim arís é, tá Obama ag déanamh ceap magaidh de chinneadh Coiste Nobel chun an Duais Síochána a bhronnadh air agus ba cheart é a bhaint de.

Fear briste dlí : Mick Wallace, TD, Neamhspleach do Loch Garmán.

Níos mó deacrachtaí ag RTÉ

Conall Ó Móráin

Leis na blianta ba é an clár raidió '*This Week*', a chraoltar ag 1in gach Domhnach ar RTÉ Raidió 1, an príomhchlár raidió nuachta ag an stáisiún. Nuair a bhí an clár faoi stiúir an eagarthóra Gerald Barry, nach maireann, ba é '*This Week*' an áit a dtéadh polaiteoirí na tíre chun faoistine.

Is cuimhin liom féin é, agus mé anóg, go mbíodh orainn mar chlann a bheith inár dtost i rith an uair an chloig a mhair an clár, bhí sé chomh tábhachtach sin.

Ach féach mar atá cúrsaí athraithe. An Domhnach seo caite, trí lá ó shin, ní raibh ach trí scéal sa bhunrán roimh na hagallaimh a thagann i ndiadh an bhunráin. An chéad scéal ná go raibh 20,000 ag freastal (bhí cinnteacht ag baint leis an méid sin) ar an gComhdháil Eocairiste san RDS i mBaile Átha Cliath.

De réir na dtuairiscí san Irish Times ('*the newpaper of record*' mar is maith leo a thabhairt orthu féin) ní raibh ach 12,500 duine ann. Bhí an scéal iomlán míchruinn. Is amhlaidh go raibh clár oibre folaigh ag duine éigin sa seomra nuachta faoina leithéid nó, mura raibh, nach bhfuil ábaltacht cruinneas nuachta iontu.

An dara scéal a bhí acu ná scéal faoin 100 Éireannach gan dídean in Poznan sa Pholainn mar go raibh suíomh campála tar éis dúnadh. Gach lá, go mór mór i rith amanna laethanta saoire, teipeann ar dhaoine dul ar saoire mar go gcailleann siad an eitilt, de bharr iad bheith deireaneach nó a leithéid. Sin gach lá. Mura mbeadh faic eile ag tarlú sa domhain b'fhéidir go mbeadh an scéal seo ceart go leor mar scéal deiridh - saghas scéal 'dála an scéil' - an sórt scéil gur Cuma le daoine faoi, seachas an chéad duine gan dídean ar ndóigh.

Agus seo pointe mo scéil-sa. An tríú scéal, an scéal deireanach ar an mbunrán, ná go raibh an Spáinn tar éis €100 billiúin a ghlacadh i bhfoirm tarrthála dá cuid banc. Ní shé amháin gur fíorscéal a bhí sa scéal sin, is fíor scéal i dtéarmaí nuacht 'crua' é, ach bhí agus tá impleachtaí díreacha ag an scéal seo ar gheilleagar na tíre seo. Ach de réir luachanna nuachta RTÉ ní cheapfá a leithéid. Ar ndóigh is féidir a rá go raibh an bunrán ar an Domh-

Caipitleach le coinsias sóisialach nó sóisialach le coinsias caipitleach?

Páidí Ó Lionáird

Idir dhá chomhairle a bhíos ag suí síos le dul i mbun an cholúin seo - rogha i ndiaidh rogha de scéalta idir mhagadh agus dáiríre. Bhí fonn orm le seachtain anuas (nó mí, fiú) scríobh faoin mhagadh a bhíonn á ndéanamh ag lucht tuartha na haimsire i Met Éireann gach lá fúinn agus iad ag faire le ceamara, lán-dáiríre agus iad ag spalpadh buillí faoi thuairim linn - miotais ó na spéartha in airde.

Díle báistí anocht, ar maidin, i gcaitheamh an lae amárach, agus ar feadh na seachtaine amach romhainn!

Le meangadh agus le caoch súl agus le húdarás a bhronann na blianta ag staidéar a gceirde orthu - agus bíonn siad iomlán... mícheart. Is iomaí cinneadh a ghlactar ag braith ar an saineolas agus ar an bhfaisnéis a thugann Met Éireann dúinn.

An ndéanfaimid an níochán éadaí sin nó nach ndéanfaidh ionas go bhféadfaimid iad a chrochadh ar an líne? An dtógfaidh mé an bearbaiciú amach nó nach dtógfaidh? An ordóidh mé an phéint sin do thosach an tí nó don sconsa chun tosaigh? Cuirtear go leor ar an méar fhada go minic dá bharr.

Agus is cinnte gur chuir Mick Wallace, TD, go leor ar an méar fhada freisin ach ní dóigh liom go bhféadfaidh seisean an mhilleán a chur ar Mhet Éireann.

Ní haon fhear gnó mise agus um an dtaca seo, ar éigin go ndéanfar ceann díom. Bíonn orm CBL (Cáin Breisluacha) a bhailiú don Choimisinéir Canach cosúil le haon soláthróir seirbhíse eile agus is minic mé ag strachailt leis! É sin ráite, ceapann na Coimisinéirí nach 'seirbhís' a bhíonn á chur ar fáil agam le cláracha ar nós 7Lá ach gur táirge atá ann. Ciallaíonn sé sin go mbíonn orm ráta 23% a ghearradh (in áit 13.5% i gcás seirbhíse).

Ní thuigim cén fáth atá lena bhailiú i mo chás-sa ar an gcéad dul síos. Táim ag soláthar 'táirge' do chomhlacht stáit a fhaigheann a chuid maoinithe ón státchiste - mar sin cibé CBL a bhailímse don Choimisinéir, tá sé tugtha do TG4 ón státchiste céanna an chéad lá riamh ar aon chuma? Seafóid, ach sin scéal eile.

Agus tá go leor seafóide bainteach le cás Mhick Wallace freisin.

Ní hé seo an chéad uair dó a bheith faoi amhras agus faoi cheistiú ó na Coimisinéirí Cánach. Bhí ceisteanna tromchúiseacha le freagairt aige anuraidh faoi íocaíochtaí a bhí le dul do chiste pinsin a chuid oibrithe ach a bhí caite aige le fiachais eile ina ionad sin.

An tseachtain seo caite, chualamar faoi dóigh ar tháinig sé ar réiteach leis na Coimisinéirí le bille €2.1M (€1.4M mar bhunsuim fiachais, €289,000 úis agus €425,600 pionóis). Thógfadh sé breis agus 50 bliain ormsa an bille CBL sin a chnuasach ach ní mise Mick Wallace. Agus nach é a bhí sásta? "D'insíos an fhírinne do na Coimisinéirí agus chreid siad mo scéal," a dúirt sé, é ag filleadh ar a mhantra toghchánaíochta, "fírinne agus macántacht".

An cuimhin libh an chéad uair a chuala sibh trácht ar Mhick Wallace? An mavairic tógálaí a bhain leas as a chuid foirgintí lárchathrach chun meirgí éagsúla a chrochadh?

Cinn a bhí in aghaidh na cogaíochta san Iaráic na chéad chinn a crochadh. Ansan bhí cinn frith-rialtais de bharr úsáid na Sionainne a thabhairt d'iarracht chogaíochta Mheiriceá. Bhí cinn eile a bhí in aghaidh an FBI agus cinn fiú a bhí frith-rialtais mar gheall ar na ciorraithe atá i réim in aghaidh an 'ghnáthdhuine'.

Nach 'gnáthdhuine' é féin? Níl aon dabht ann ach gur fear é seo a bhfuil prionsabail aige. Prionsabail shóisialacha b'fhéidir agus ba bhreá leis go gceapfá-sa nach bhfuil ann ach 'gnáthdhuine'. Ach ní hionann 'gnáthdhuine' agus an té ar féidir leis bille CBL na méide thuas a chnuasach thar tréimhse dhá bhliain.

Nach 'gnáthdhuine' é féin?

Níl aon dabht ann ach gur fear é seo a bhfuil prionsabail aige. Prionsabail shóisialacha b'fhéidir agus ba bhreá leis go gceapfá-sa nach bhfuil ann ach 'gnáthdhuine'.

Ach ní hionann 'gnáthdhuine' agus an té ar féidir leis bille CBL na méide thuas a chnuasach thar tréimhse dhá bhliain. É sin agus árasán i Nice agus ceann eile i Turin? Má tá comhlacht agat atá in acmhainn suim CBL mar sin a chnuasach in achar dhá bhliain, ní gnáthdhuine thú.

Árdaíonn sé ceist faoi, áfach: An sóisialaí le coinsias caipitleach é nó, an caipitleach le coinsias sóisialach é? Nó an cuma le héinne?

Bhuel, ní cuma i ndáiríre. Mar Theachta Dála, is ball é Mick Wallace de ghrúpa atá faoi phribhléid, TD thar cheann mhuintir Loch Garman, a cheap go raibh sé maith go leor lena mianta a chur chun cinn i nDáil Éireann. Tá a fhios againn ar fad cad a dúradh faoi Mhichael Lowry i dtuairisc bhinse fiosraithe Mhoriarty.

Mar sin, an bhfuil sé ceart agus cóir go mbeadh cead ag duine a bheith ina Theachta Dála atá i mbun dlíthe agus reachtaíocht na tíre a nuair a admhaíonn sé féin go hoscailte gur dhein sé coir in aghaidh an stáit agus gur dhein sé an choir sin agus fios aige go raibh sé in aghaidh an dlí?

Níl agus Níl!

Tá Mick Wallace agus Met Éireann araon... ag magadh fúinn.

---

nach eisceachtúil, nach raibh an fhoireann nuachta sinsearach ag obair ar an lá, go raibh daoine ar a gcuid laethanta saoire, go raibh daoine ag réiteach don chluiche mór sacair...Is féidir aon mhéid leithscéalta a thabhairt, ach más é seo an cumas agus an tuiscint nuachta eacnamaíochta atá ag RTÉ, go bhfóire Dia orainn.

Ach an oiread leis sin, ní scéal é seo a tháinig orthu ag an nóiméad deireanach mar go raibh sé an lá go léir. Bhí mise ag craoladh ag a deich a chlog mé féin, bhí mé ag faire ar an scéal ó thart ar a naoi a chlog san oíche Dé Sathairn. Sin cúig huaire an chloig déag roimh an gclár '*This Week*'.

Deir mé arís go mb'fhéidir go raibh cúinsí speisialta ann ar an lá (cé go bhfuil sé seo deacair a thuiscint os rud é gur dóigh liom go bhfuil thart ar sheisear ag obair ar nuacht gnó agus eacnamaíochta sa seomra nuachta agus cheapfá go mbeadh duine acu in ann tuairisc chruinn a chur le chéile faoin scéal?

Ach an fáth go ndírím air sin in aon chor ná go bhfuil ceangal, i m'intinnse ar aon nós, idir míchruinneas agus easpa tráchtaireacht sa mbunrán sin, agus an mhéid atá fós ag titim amach maidir le clár Prime Time faoin tAthair Kevin Reynolds. Ag fágáil ar lár an chasadh is deireanaí faoi Chathaoirleach Bhoird RTÉ a deir nach raibh a fhios aige go raibh a chomhlacht comhairleoireachta cumarsáide ag cur comhairle ar dhream a bhí sáite go díreach i scéal an Ath. Reynolds, rud atá dochreidte i mo thuairim-se, is faoi mhíchruinneas sa tráchtaireacht atá an bunscéal.

Táthar tar éis na colúin agus na colúin a scríobh faoi chonas gur rud iomlán eisceachtúil a bhí sa chlár céanna, nár tharla sé ach an t-aon uair amháin agus de bharr na n-athruithe atá déanta nach bhféadfadh sé tarlú arís. Ach tá sé tar éis tarlú arís. Bhí an ceannlíne ar phríomhbhunrán nuachta raidió an lae iomlán míchruinn. Ní raibh 20,000 ag freastal ar chomhdháil nach raibh fiú aistear dhá chiliméadaír ó stiúideo nuachta RTÉ. Agus cén t-iontaoibh is féidir a bheith againn as foinse nuachta nach dtuigeann an tábhacht leis an mhéid a tharla thar oíche sa Spáinn?

Nuair a d'oibrigh mise in RTÉ sna hochtóidí ní tharlódh a leithéid. Ní shé de bharr go raibh mise agus mo chuid comhghleacaithe thar a bheith iontach ag ár gcuid obair. Ní hea, ach de bharr an chruinnis eagarthóireachta a lorg bainistíocht an tseomra nuachta.

Nuair a d'oibrigh mise in RTÉ sna hochtóidí ní tharlódh a leithéid. Ní shé de bharr go raibh mise agus mo chuid comhghleacaithe thar a bheith iontach ag ár gcuid obair. Ní hea, ach de bharr an chruinnis eagarthóireachta a lorg bainistíocht an tseomra nuachta. Ní thuigim cad atá tar éis tarlú. Tá tinneas éigin do shaghas éigin tar éis greim d'fháil ar mhian lucht nuachta RTÉ chun a bheith cruinn. Ní fios ar thug an tAire Pat Rabbitte aon aird ar bhunrán an Domhnaigh. B'fhéidir nár thug mar nach fear nuachta é agus os rud é nach raibh aon rud diúltach ar an mbunrán faoin Rialtas b'fhéidir gur cheap sé gur bunrán maith a bhí ann?

Tá gean mór agam fós ar RTÉ agus is fuath liom nuair nach ndéanann siad rudaí i gceart. Caitheann a leithéid droch-scáth ar gach duine a oibríonn san eagras. Ach níos tábhachtaí, tá áit speisialta ag RTÉ i saol na hÉireann mar fhoinse nuachta don scoth, foinse gur féidir braith air mar 'fhrithchaitheamh' (*reflection*) ar chúrsaí na tíre.

Tá sé ráite ag RTÉ go bhfuil athruithe déanta acu maidir le cruinneas a gcuid clár. Ní hamhlaidh é.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.gaelsceal.ie

Na cailíní a ghlac páirt i mbabhta ceannais an Chlocháin Léith den chomórtas Mháire an Chlocháin Léith in éineacht leis na breithimh agus buaiteoir nab liana seo caite, Debbie Rodgers. [PIC : EOIN MC GARVEY]

Mairidh Nic Cormaic ó Ghaelscoil Riabhach, Baile Locha Riach i nGaillimh, a bhí ar dhuine de bhuaiteoirí Chomórtas Léitheoireachta Gaeilge an tSamhraidh anuraidh. Tá an comórtas ar ais i mbliana agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó 091 870718.

John Feeley, an giotáraí a bheidh ag seinm ag Ceolchoirm James Joyce Bloomsweek i dTeach Newman i bhFaiche Staibhna i mBaile Átha Cliath amárach, ag 6.30in, in éineacht leis an Ollamh Fran O'Rourke. Seinnfidh Feeley ar ghiotár a bhí ag James Joyce tráth, agus a bhfuil athchóiriú déanta an Ollamh air.

Buaiteoir Bhanríon na Féile, Mairéad Bríd Ní Churraoin, as an mBánrainn, Baile na hAbhann ag Féile Lá an Phátrúin i gConamara ar an Satharn seo caite in éineacht le moltóirí an chomórtais, Pádraig Ó Conghaile, Bairbre Uí Choistealbha, Gráinne Ní Dhomhnaill agus fear an tí na hoíche, Máirtín Davy Ó Coistealbha.

An scríbhneoir Catherine Foley a léifidh saothar óna nóibhille 'An Cailín Rua' ag 'Read for the World' in Áras na Scríbhneoirí i mBaile Átha Cliath ar an Aoine seo.

Laochra Loch Lao as Béal Feirste ag imirt in aghaidh Na Gaeil Óga as Baile Átha Cliath i gcluiche ceannais sóisear na mban le linn Chomórtais Peile na Gaeltachta i nGaoth Dobhair le déanaí. PIC: PEADAR WHELAN

Comhghairdeas le foireann Ghaelscoil an Ghoirt Álainn, Corcaigh, a bhuaigh Chorn Ghael Linn don chéad uair ag Féile Peile na Mumhan sa Rinn, Co. Phort Láirge, le déanaí! Reáchtáladh an fhéile thar dhá lá, Dé Máirt 5/Dé Céadaoin 6 Meitheamh. Ba é seo an ócáid dheireannach sa tsraith d'fhéilte peile a d'eagraigh Gael Linn i mbliana do scoláirí bunscoile Gaeltachta agus Gaelscoileanna.

Liam Suipéil, Bainisteoir Choláiste na Rinne, an tAire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley agus an Dr Séamus Ó Diollúin, Riarthóir Chomhdháil na nDéise agus léachtóir le Gaeilge san Institiúid Teicneolaíochta i bPort Láirge, ag Comhdháil na nDéise i bPort Láirge le déanaí. PIC: GEORGE GOULDING

Ray Cullen ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL), An Dr Séamus Ó Diollúin ó ITPL, An Dr Ruaidhrí Neavyn, Uachtarán na hInstitiúide, an Dr Donie Ormonde (ITPL), an tAire Stáit, Dinny McGinley, Liam Brazil, Méara Chontae Phort Láirge, An Dr Michael Howlett, Ceann Roinn na nEalaíon Feidhmeach WIT, An Dr Colette Moloney ITPL agus Liam Suipéil, Bainisteoir Choláiste na Rinne, ag Comhdháil na nDéise san Institiúid le déanaí. PIC: GEORGE GOULDING

Peter Akerstrom, Juliana Erkonnen, Lord David Puttnam, an tAire Oideachais, Ruairi Quinn, Rod Goodall agus Darach Ó Tuairsg ón gcomhlacht amharclannaíochta, Fibín Teo, ag léiriú an tseó, 'An Rón Dall' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le déanaí.

Cuid den tslua ag éisteacht le léacht le linn Chomhdháil na nDéise san Institiúid Teicneolaíochta i bPort Láirge le déanaí. PIC: GEORGE GOULDING

Diarmuid Ó Mathúna agus Cian Mac Cárthaigh ag baint triail as aghaidhmhascanna le cabhair ó na láithreoirí, Helena King agus Tara Ní Mhóráin beo ar 'An Bricfeasta Blasta' a bhí ar Raidió na Life an tseachtain seo caite.

An t-ealaíontóir, Dara McGee, ag obair ar an bpíosa 'An Rón Dall' a rinne an comhlacht amharclannaíochta, Fibín Teo, a bhí le feiceáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath le déanaí.

Naoise agus Caoimhe Barry ag breathnú ar Joe Conlon, Annette Barry agus Tom Byrne ag cleachtadh a ndamhsa don Fhéile Féir i mBaile Átha Troim an Domhnach seo. PIC: PHOTOCALL IRELAND

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Geit bainte as fear gnó sa gClochán – tuairisc ríomhphoist go raibh sé robáilte sa Spáinn!

Máirtín Ó Catháin

THOSAIGH glaochanna teileafóin ag teacht isteach as éadan chuig fear sa gClochán go gairid tar éis uair an mheán lae Dé Luain agus daoine ag fiafraí dó an raibh sé ceart go leor. Níor thuig Gerry Gannon, a bhfuil siopa éadaí agus earraí spóirt aige sa mbaile mór, céard a bhí i gceist acu. Fear óg é Gerry agus imríonn sé peil Ghaelach i gcónaí don Chlochán.

Is é an rud nár thuig sé ná go raibh teachtaireacht ríomhphoist gaite thart chuig daoine agus an teachtaireacht sin tagtha óna sheoladh ríomhphoist féin. Seo í an teachtaireacht a bhí ag teacht chucu:

Hi

Just hoping this email reaches you well, I'm sorry for this emergency but I just have to let you know my present predicament. We made an urgent trip to Madrid, Spain. Everything was fine until we were attacked on our way back to the hotel, nobody was hurt but we lost money, bank cards, mobile phones and my bag in the course of this attack. I immediately contacted my bank in order to block my cards and also made a report at the nearest police station. I've been to the embassy and they are helping me with my documentation so i can fly out but I'm urgently in need of some money to pay for my hotel bills and my flight ticket home, will PAY BACK as soon as i get back home.

Kindly let me know if you would be able to help me out so I can forward you the details required for a wire transfer. I will expect your response soon.

Thanks,
Gerry.

Ní raibh Gerry i ngar ná i ngaobhar don Spáinn ar maidin Dé Luain. Sa gClochán a bhí sé i mbun a chuid oibre. Chuir sé teachtaireachtaí thart chomh luath agus a d'fhéad sé chuig chuile dhuine a bhí ar an gcóras ríomhaireachta ag inseacht dóibh go raibh sé ceart go leor agus nach raibh sé Maidrid. Is cosúil gur bhris duine/daoine éicínt isteach ina chóras ríomhaireachta. Rinne sé socrú láithreach faoi sheoladh agus faoi phasfhocal nua.

Tá Gerry Gannon ar dhuine de theaghlach as Rinn Mhaoile a bhfuil aithne mhaith orthu ar fud Chonamara.

Tá a athair, Paddy, gníomhach in imeachtaí pobail i gConamara le fada agus tá aithne mhaith ar a dhearthárachа chomh maith in imeachtaí spóirt agus i measc lucht na Gaeilge freisin.

Airgead bog is cosúil a bhí ar intinn ag an dream a bhris isteach i gcóras ríomhaireachta Gerry Gannon.

Gaillimh

Neart ar siúl i gClub Áras na nGael

BEIDH neart rudaí ar siúl i gClub Áras na nGael ar Shráid Dominic i gCathair na Gaillimhe le linn na míosa seo.

Bíonn Club 02 ar siúl gach oíche Aoine le beirt cheirneoirí (DJ) éagsúla ag seinm ceol dioscó agus nua-aimseartha. Bíonn saorchead isteach roimh 10.30in agus ina dhiaidh sin, bíonn costas €4 ar an doras.

Bíonn grúpaí agus ceoltóirí traidisiúnta éagsúla ag casadh chuile Shatharn ó 9.30in sa Chlub. Beidh Simon Delaney agus George Grasso, Seosamh Ó Gatharta, Maidhc Ó hÉanaigh agus neart ceoltóirí eile ann an mhí seo.

Tá Oíche na bhFoghlaimeoirí fós ag dul ar aghaidh sa Chlub gach Céadaoin ag 9.30in. Bíonn saorchead isteach chuig an ócáid neamhfhoirmiúil seo, fáilte roimh chách agus bíonn múinteoir i láthair chun cabhrú leis an gcomhrá.

Beidh an seó tallainne, Úr Dé Máirt, ar siúl ar an Máirt, 26 Meitheamh ag tosú ag 8in. Is féidir le daoine amhráin a chasadh, píosa grinn a dhéanamh, dán a aithris, agus aon rud eile a bheidh siad ag iarraidh a dhéanamh. Beidh costas €5 ar an doras don ócáid seo.

Beidh oíche Cheoil Spleodrach Ilchultúrtha ar siúl amárach, 14 Meitheamh, agus arís ar an Déardaoin dar gcionn, 21 Meitheamh. Cloisfear meascán de shean-cheol agus de cheol nuálach ón ngrúpa, The Rye, agus beidh cór ilchultúrtha na Gaillimhe, Sonke, ag ceol ann freisin. Casfaidh an grúpa samba Brasaíleach, Kalango, ann in éineacht le neart ceoltóirí éagsúla eile.

Beidh Seisiún Dub ar siúl ar an Domhnach seo ag 8in. Is oíche bunaithe ar cheol reggae atá ann. Beidh ceirneoirí le Gaeilge ag ceol ann chomh maith le bannaí beaga agus amhránaithe ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Beidh costas €4 ar an doras. *KMG*

Jacinta Ní Chonghaile agus a máthair, Máirín Uí Chonghaile, ag baint suilt as Féile Lá an Phátrún i gCois Fharraige an deireadh seachtaine seo caite.

'Skylight Poets'

TÁ an grúpa filí, 'Skylight Poets', ag lorg dánta ó fhilí proifisiúnta agus amaitéaracha i mBéarla agus i nGaeilge le cur san irisleabhar atáthar ag cur le chéile faoi láthair. Ní féidir le duine amháin níos mó ná 6 dhán a sheoladh isteach agus ní féidir leo a bheith curtha i gcló cheana.

Is é an 1 Meán Fómhair 2012 an spriocdháta do na dánta. Seol isteach iad go dtí skylightpoets47@gmail.com. Rachaidh an t-irisleabhar i gcló i mí Eanáir 2013.

Tá an grúpa ar an bhfód le thart ar 5 bliana agus seo an ceathrú bliain as a chéile a bhfuil siad ag cur dánta i gcló. Chuireadar trí leabhar dánta le chéile go dtí seo agus seo an chéad bhliain a bhfuil irisleabhar á dhéanamh acu.

Tá thart ar 20 ball sa ghrúpa agus casann siad le chéile in Ionad Ealaíon na Gaillimhe gach Déardaoin le ceardlann fhilíochta a dhéanamh. Tá na ceardlanna á reáchtáil ag an bhfile, Kevin Higgins. Tugann sé deis de na rannpháirtithe dánta a scríobh agus tugann sé comhairle dóibh má tá sé ag teastáil.

"Bímid ag cabhrú lena chéile," a deir Deirdre Kearney, duine de bhaill an ghrúpa, faoi na ceardlanna agus na rannpháirtithe.

Sprechen Sie Deutsch?

CUIRFIDH Ollscoil na hÉireann Gaillimh cúrsa Gearmáinise do ghasúir ar siúl i mí Iúil.

Beidh cúig sheisiún lae ar siúl, ón 16 Iúil go dtí an 20 Iúil le blas de chultúir agus de theanga an Ghearmáinise a thabhairt do ghasúir ó 5 bliana d'aois go dtí 14 bliana d'aois. Táthar ag iarraidh suim agus eolas na gasúr a mhéadú i gcultúr agus i dteanga na Gearmáinise leis na seisiúin seo.

Foghlaimeofar amhráin aitheanta i nGearmáinis, léireofar gearrscannán agus beidh tóraíocht taisce ar siúl, bunaithe ar rudaí Gearmáinise. Tá spás de 15 ghasúr sna seisiúin seo agus tá siad saor in aisce.

Beidh dianchúrsa Gearmáinise ar siúl an tseachtain dár gcionn, 23 Iúil go dtí an 27 Iúil, do pháistí idir 10 agus 12 bhliain d'aois.

Múinfear na rialacha bunúsacha a bhaineann leis an teanga le linn na seachtaine sin. Clúdófar gramadach, foclóir agus struchtúr na teanga. Beidh táille €7 in aghaidh an lae i gceist don chúrsa sin. Clúdóidh sé sin lón agus ábhair an chúrsa.

Gheobhaidh na gasúir scileanna bunúsacha labhartha, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus éisteachta i nGearmáinis leis na cúrsaí seo.

Tá tuilleadh eolais ar fáil agus is féidir clárú ar tina-karen.pusse@nuigalway.ie. *KMG*

Taispeántas Ealaíne in OÉ Gaillimh

BEIDH an taispeántas ealaíne, 'The Fall then Rise of Sleeping Finch' le feiceáil i nGailearaí Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ó amárach, 14 Meitheamh go dtí an Céadaoin, 27 Meitheamh. Is le healaíontóir cónaithe na hOllscoile, Marielle MacLeman, an taispeántas.

Breathnaíonn an taispeántas ar cheannairí músaem agus bailitheoirí éagsúla a rinne botúin agus cailleadh speiceasghrúpaí iomlána dá thoradh.

Tá roinnt de na speiceasghrúpaí sin atógtha ag MacLeman as cipíní manglaim (cocktail sticks), as páipéar athchúrsáilte agus as neart rudaí eile.

Osclóidh Rúnaí na hOllscoile, Gearóid Ó Conluain, an taispeántas go hoifigiúil inniu ag 5in.

Rinne Marielle staidéar ar tharraingt agus ar phéinteáil san Duncan of Jordanstone College i Dundee na hAlban. Tá sí ina healaíontóir cónaithe i Músaem Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ó 2011. *KMG*

Baint Chonamara le curiarracht na gCloigne Rua

Máirtín Ó Catháin

Ní raibh a fhios fós agus muid ag scríobh an mbeadh an toradh a bhí ar chruinniú na gcloigne rua ag Féile Éireannach i Massachusetts an deireadh seachtaine seo caite ina churiarracht.

Cuireadh scéal amach chuig pobal na gruaige rua ag iarraidh orthu a theacht ina gcéadta chuig an bhFéile a bhí ar bun san Ionad Cultúrtha Éireannach i mbaile mór Canton Dé hAoine, Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh seo caite. Bhíothas ag iarraidh an slua ba mhó riamh de lucht na gruaige rua a thabhairt le chéile in aon áit amháin.

"Níl muid in ann a rá fós ar éirigh linn a dhul isteach san Guinness Book of Records," arsa Coleen Griffen atá ag obair san Ionad in Canton. "Go cinnte, bhí na céadta acu ann. Bhí páistín ar an duine ab óige agus bhí bean a bhí ceithre scóir blianta ar an duine ba mhó a bhí gaite amach sna blianta". An raibh an ghruaig rua nádúrtha aice i gcónaí? "B'fhéidir - ní bheadh a fhios agat beo," a dúirt Coleen.

Dúirt Coleen, arbh as ceantar Scríbe i gConamara a hathair - Máirtín Ó Gríofa - nach rabhadar géar ar rialacha a bhain le gruaig nádúrtha nó gruaig a raibh dath curtha inti.

Bhí na céadta cloigne rua cruinnithe in Canton ach bhí dúshlán mór rompu. Is cosúil gur chruinnigh 901 daoine a raibh gruaig rua orthu in éineacht ag an Skyline High School in Sammamish i Stát Washington dhá bhliain go ham seo. De réir cosúlachta bhí gruaig nádúrtha rua ar 890 acu sin.

Beidh deis eile a theacht le chéile ag lucht na gruaige rua ar an gcúigiú lá de Lúnasa....i mBaile Átha Cliath. Ach ní hé Baile Átha Cliath na hÉireann a bheas i gceist ach Baile Átha Cliath...no Dublin...i Stát Ohio.

Reáchtáilfear Féile mhór Éireannach ansin ar an 3ú, 4ú agus 5ú lá de Lúnasa agus beidh cruinniú na gcloigne rua ar cheann de na himeachtaí ann. Ní cosúil go bhfuil socrú déanta acusan fós go dtabharfaidh siad faoi churiarracht Leabhair, ach cuirfidh na cloigne rua le hatmaisféar na Féile.

Idir an dá linn beidh an pictiúr as Canton á chuir faoi bhráid lucht an Ghuinness Book of Records go bhfeicfear an nglacfar leis mar churiarracht nua. I gCanton atá ceanncheathrú an Chumainn Lúthchleas Gael i Massachusetts agus tuairiscítear go raibh slua mór ag an bhFéile ansin an deireadh seachtaine seo caite.

Margaret Loughnane ó Chomhar Creidmheasa Naomh Breandáin agus Anne Callanan, Príomhleabharlannaí i Leabharlann Bhaile Locha Riach, ag seoladh Chomórtas Léitheoireachta Gaeilge an tSamhraidh. Tá tuilleadh eolais faoin gcomórtas ar fáil ar 091 870718.

Siúlóid Madraí agus Tóraíocht Bréagán

BEIDH Siúlóid Madraí agus Tóraíocht Bréagán ar mhaithe leis an eagraíocht MADRA ar siúl i gCoill Ros Cathail i nGaillimh ar an Domhnach seo, 17 Meitheamh ag 2in.

Siúlóid 3 mhíle atá i gceist agus cuirfidh lucht MADRA neart bréagán, i bhfoirm madraí, i bhfolach le linn na siúlóide do pháistí. Beidh ar na páistí a theacht ar na bréagáin agus iad a shábháil chun freagraí a bhaineann le madraí a mhúineadh dóibh. Is féidir clárú ar an lá ag Ionad Pobail Chill Aithnín nó roimh ré trí ríomhphost ar info@madra.ie.

Cuirfear bearbaiciú agus sólaistí ar fáil ag deireadh na siúlóide. Tá costas €20 ar an tsiúlóid do theaghlaigh, €10 ar dhuine aonair agus €5 ar pháistí. Ní bheidh aon chostas ar mhadraí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar 086 8149026. *KMG*

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

Tá an Coiste ainmnithe thuas ag earcú múinteoirí faoi láthair le haghaidh folúntais a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa seisiún acadúil 2012/2013.

Tá na ceapacháin seo faoi réir fhaomhadh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Stiúrthóir na Scéime Ath-Imlonnaithe (Redeployment).

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte:
4.00 i.n., Dé hAoine, 22 Meitheamh, 2012.

Chun sonraí iomlána na bpost seo a fháil, téigh chuig ár suíomh gréasáin www.countygalwayvec.com

Sínithe: Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla
Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh

Liatroim

Cearta teanga bainte amach sa Chluainín

THUG an Fheidhmeannacht Sláinte cártaí leighis agus fiaclóra lánGhaeilge do theaghlach as an gCluainín, i gCo Liatroma le deanaí. Ba i ndiaidh do Rossa Ó Snodaigh gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga a fuair a theaghlach an méid sin.

Dúirt Ó Snodaigh nach raibh na síntí fada in úsáid ar a ainm, ar ainm a mhná, ná ar ainmneacha a mbeirt mhac. "Ní raibh siad sásta leithéidí dátaí nó áiteanna breithe a thabhairt i nGaeilge," ar seisean.

De réir urlabhraithe Oifig an Choimisinéara Teanga, b'fhadhb le bogearra na Feidhmeannachta Sláinte ba chiontach leis an easpa sin.

Socraíodh an scéal faoi dheireadh ag tús na míosa seo caite. *AMC*

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Ceatharlach

Ciorcal Gaeilge na hAlban

TÁ sé fógartha ag Glór Cheatharlach go mbunófar Ciorcal Gaeilge na hAlban sa chontae. Tógadh an cinneadh seo de thoradh na gceardlann teanga a eagraíodh i rith na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach i gCeatharlach ag an gCáisc. Mheas Glór Cheatharlach go bhféadfadh éileamh a bheith ar a leithéid agus mar sin tionólfar an chéad Chiorcal Gaidhlig Dé hAoine beag seo ag 11.00 rn i mbialann Lennon@Visual. Tá Glór Cheatharlach ag iarraidh ar chainteoirí agus ar fhoghlaimeoirí Ghaeilge na hAlban tacú leis an tionscnamh seo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar 059 9158105 nó 085 1340047. *CÓB*

An Mhí

Comórtas Damhsa ar an Sean-Nós i mBaile Átha Buí

BEIDH Comórtas Chraobh na hÉireann don Damhsa ar an Sean-Nós ar siúl i rith Éigse Uí Ghramhnaigh i mBaile Átha Buí an tseachtain seo chugainn. Tosóidh an Éigse ar an Aoine, 22 Meitheamh, le turas rothaíochta ag 7.00 i.n. agus seisiúin traidisiúnta faoin aer le tine chnámh ag Margaí na Stáblaí i mBaile Átha Buí ag 9.00 i.n.

An bhfuil scéilín agat? Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

'Read for the World' le hÁras na Scríbhneoirí

Katie McGreal

BEIDH 111 scríbhneoir ag léamh óna saothar féin in Áras na Scríbhneoirí ar feadh 28 uair an chloig, ag tosú ar an Aoine seo, 15 Meitheamh ag 10rn go dtí 2in an lá dár gcionn, Dé Sathairn, 16 Meitheamh.

Tá lucht an Árais ag iarraidh an churiarracht dhomhanda a bhriseadh leis an ócáid seo. Táthar ag iarraidh go mbeadh an méid is mó scríbhneoirí ag léamh a saothar féin go comhleanúnach ar feadh na réimhse is faide riamh - 28 uair an chloig. Tá an churiarracht reatha ag Féile Idirnáisiúnta Litríochta Bheirlín le 75 scríbhneoir.

Osclóidh an tSeanadóir David Norris an ócáid ar an Aoine ag 2in agus ina dhiaidh sin, léifidh gach scríbhneoir píosa dá shaothar féin, ar feadh 15 nóiméad an duine. Cloisimid ó na scríbhneoirí Gaeilge, Áine Ní Ghlinn, Catherine Foley, Ríona Nic Congáil, Gabriel Rosenstock agus neart eile, agus léifidh John Boyne, Sarah Webb, John Maher, Kate Newman agus neart scríbhneoirí Béarla eile a saothar freisin. Táthar ag reáchtáil an imeachta seo mar chuid d'Fhéile Bloomsday atá ar siúl go dtí an Satharn seo, 16 Meitheamh.

Tá fáilte roimh an bpobal ag an ócáid seo agus beidh sé le feiceáil beo ar shuíomh an Árais ag www.writerscentre.ie.



Gabriel Rosenstock a léifidh a shaothar amach mar chuid de 'Read for the World' in Áras na Scríbhneoirí an Aoine seo.

Cuirfear tús le ceardlanna ceoil ag 11.00 r.n. Dé Sathairn le hoiliúint ar an gconsairtín, an veidhlín agus an fheadóg stáin. Beidh ceardlann damhsa ar an sean-nós le hEmma Ní Shúilleabháin ar siúl chomh maith.

Tosóidh an comórtas damhsa ar an sean-nós ag Margadh na bhFeirmeoirí ag 5.00 i.n. do dhamhsóirí faoi 12 agus faoi 18.

Beidh an comórtas sinsearach ar siúl ag 7.00 i.n. agus bronnfar duais €500 ar an mbuaiteoir. Tar éis an chomórtais beidh céilí leis an mbanna ceoil, Rise The Dust, i Halla Naomh Séamas ag 9.30 i.n.

An lá dar gcionn beidh siúlóid go dtí Láthair na nDraoithe ar Chnoc Thlachta ag 12.30 i.n. agus cuirfear deireadh leis an éigse le céilí a mbeidh Banna Chéilí Bhriain Bóarmhaag Margadh na bhFeirmeoirí ag 2.30 i.n. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin éigse agus faoin gcomórtas ag allirelandseannos@gmail.com agus 0863140507. *CÓB*

Beidh Éigse Uí Ghramhnaigh ar siúl i mBaile Átha Buí ó 22-24 Meitheamh.

BÁC

Ceoltóirí ó Chonamara sa Chlé Club

BEIDH ceoltóirí agus amhránaithe ó Chonamara ag seinm san Clé Club (thíos staighre san *Stag's Head*) i mBaile Átha Cliath anocht ag 9in.

Beidh an boscadóir, Johnny Connolly, an píobaire agus an t-amhránaí, Meaití Jó Shéamuis agus an t-amhránaí agus an giotáraí, Tom Gilblin ag seinm sa Chlub agus costas €5 an táille isteach.

Grúpa amhránaíochta agus ceoil thraidisiúnta ceardchumannach is ea an Clé Club agus tagann siad le chéile gach oíche Céadaoine. *KMG*

Seisiúin Cadhcanna

Thosaigh 'Kayak Fit', seisiúin cadhcanna, ar an Life i mBaile Átha Cliath ar an Luan seo caite agus beidh an chéad seisiún eile ar siúl tráthnóna inniu ag 6in.

Seisiún cadhcanna é seo do gach duine ina múintear na bunscileanna duit mura bhfuil siad ar eolas agat agus cuirtear fáilte roimh chách, daoine le taithí agus daoine gan taithí.

Beidh na seisiúin seo ar siúl gach Luan agus Céadaoin ar feadh uair an chloig ag 6in, ach tá sé ar intinn ag City Kayaking seisiúin eile a chur ar siúl má bhíonn éileamh orthu.

Tá costas €15 ar na seisiúin nó €50 ar chúig cinn agus tá tuilleadh eolais faoin scéim ar fáil ó 01 442 8234 nó ag info@citykayaking.com. *KMG*

BÁC

Díshealbhú 'stoptha' sa Chloigín Gorm

Colm Ó Broin

CHUIR slua stop le díshealbhú tí sa Chloigín Gorm i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite.

Dúirt Comhairleoir Cathrach ón ngrúpa Éirígí, Louise Minihan, gur bhailigh suas le 100 duine lasmuigh de theach a bhí le hathghabháil ag Banc Uladh Dé Céadaoin seo caite. Tháinig oifigeach ó Shirriaim Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí an teach in éineacht leis na Gardaí, ach níor thug siad an t-ordú athshealbhaithe do Darren Byrne atá ina chónaí sa theach lena chlann le 20 bliain. Dúirt Éirígí go raibh an morgáiste ar an teach beagnach íoctha ag Byrne ach go ndearna sé athmhorgáistiú air in 2006. Fuair an pluiméir tinn go gairid ina dhiadh sin agus ní raibh sé in ann obair a fháil ó shin i leith.

Thréaslaigh Minihan leis na daoine a chuir stop leis an díshealbhú.

"Bhailigh suas le 100 duine áitiúil le chéile chun tacaíocht a thabhairt do chlann Byrne agus léiríonn sé sin spiorad an phobail agus an t-ardmheas atá ag daoine ar chlann Byrne.

"Theith Sirriam Bhaile Átha Cliath ón áit de bharr na hagóide agus léiríonn sé sin an cumhacht a bhíonn ag pobal nuair atá siad eagraithe agus diongbháilte."

Bhí cruinniú ag úinéir an tí, Darren Byrne, le Banc Uladh Dé hAoine seo caite agus de réir Éirígí bheartaigh an banc deireadh a chur leis an bpróiséas athshealbhaithe. Tá socrú sealadach ó thaobh aisíocaíochtaí aontaithe ag an dá thaobh agus tá Byrne den tuairim go n-éireoidh leis.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge

Breandán Mac Gearailt

Is i gCorca Dhuibhne, nó níos cruinne is ar an mBuailtín [Baile an Fheirtéaraigh] agus i nDún Chaoin a bheidh Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge i mbliana ón Déardaoin 5 Iúil go dtí an nDomhnach an 8ú lá.

Tá pacáistí taibhseacha á dtairiscint ag an gConradh dóibh siúd a thabharfaidh a n-aghaidh ar Dhuibhneach, cibé acu dhá oíche nó trí oíche a bheidh i gceist. "Beidh fáilte agus féile rompu,", arsa Mícheál de Mórdha, Bainisteoir Ionad an Bhlascaoid Mhóir i nDún Chaoin, "mar ní amháin gur turasóirí den scoth iad ach is turasóirí le Gaolainn iad.

Beidh cuid d'imeachtaí na deireadh seachtaine ar siúl in Ionad an Bhlascaoid Mhóir. Cuirfidh Uachtarán an Chonartha, Donnchadh Ó hAodha fáilte roimh chách agus osclóidh an Fhéile/Tionól ar a 9 a chlog sa Mhúsaem ar an mBuailtín.

Beidh seimineár ar an Aoine ar a 8pm in Ionad an Bhlascaoid ina mbeidh Edel Ní Churráin, Ceannaire Raidió na Gaeltachta[RnG] ag caint faoi faoi thodhchaí RnG agus beidh súil siar ó 1972-2012 á dhéanamh. I measc an iliomad imeachtaí eile, beidh seoladh leabhair, 'Dán Oileáin', le Mícheál de Mórdha.

Seolfar é seo tar éis an tseimineáir.

Beidh dráma ar árdán ag Aisteoirí Bhréanainn in Ionad an Bhlascaoid Mhóir ag 7pm ar an Satharn.

Craolfar Aifreann an Domhnaigh ar RnaG ó Shéipéal Bhaile an Fheirtéaraigh. Beidh Club Rí-Rá do mhic léinn, siúlóidí, turas ar an mBlascaod, camchuairt timpeall na leithinse, tráth na gceist, ceol rince, dánta agus amhráin. Is mairg ná beadh ann," arsa Mícheál de Mórdha.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Ráiseanna Bhéal Bán

NÍ raibh gal ann den ghaoth ar Thrá Bhéal Báin ar an nDomhnach seo caite. "Ard-lá ab ea é," arsa Seamus Ó Caomhanaigh, ball den choiste eagair.

Bhí cathaoirleach an choiste, Seamus Ó Laoithe, ar aon fhocal. Go deimhin bhí an aimsir faoi dhóibh. Bhí slua mor i láthair agus an-ráiseanna ann, aon cheann deag ar fad. Bhuaigh Jeaic Ó Cinneide ón nDaingean, an gradam don mharcach ab fhearr; bhuaigh sé trí rás.

Bhí dá chapall ann ag a athair, Liam, agus bhí an bua ag an dhá cheann acu. Go Cill Dara a chuaigh duais an Ráis Mhóir, Dearbaí Bhéal Bán; capall le Seamus Ó Cuarnaigh a bhuaigh é.

Bhí capall le Daithí Grainbheal ón nDaingean sa dara hait agus capall le Garry Ó Baoill ón nDaingean sa tríú háit. Bhuaigh capall de chuid mhuintir Real ón nGairfeanach, an dara rás ba mhó.

Sa rás do phónaithe áitiúla, bhí an lá le pónaí le Tríona Ní Mhuircheartaigh ón Muiríoch.

Bhí an dara háit ag capall leis an gcathaoirleach, Seamus Ó Laoithe, ó Leataoibh.

I measc na sóláistí a bhí ann don slua, bhí teilifis breá mor le go mbeadh daoine ábalta freastal ar dhá thrá. Dhein a bhformhór, agus ní róshásta a bhíodar le toradh chluiche na teilifíse. Sólaiste eile ab ea na bannaí ceoil nuabhunaithe d'ógánaigh ón gceantar a bhí ag bualadh ceoil ó thus deireadh.

Liam Ó Muirthile le bheith i dTábhairne Uí Chatháin

BA é an file agus an t-údar, Liam Ó Muirthile, an t-aoi a bhí ag Aos Cró i 'Siar ó Thuaidh' i dTábhairne Uí Chatháin ar an mBuailtín [Baile an Fheirtéaraigh] an tseachtain seo caite. Bheadh aithne ag an saol ar Liam, go mór mhór iad siúd a bhfuil suim acu sa bhfilíocht, nó mar a deir daoine áirithe anseo, file na dea-Ghaolainne. Bhí lán mála leabhar ag Liam agus d'aithris sé scata Éireann de dhánta, mórán acu éagsúil óna chéile. Thagair Liam d'fhilíocht na Síne. Is annamh a bhíonn an dán Síneach géar ná pearsanta, ná dánta ag tagairt do bhean, nó d'fhear. Is í an timpeallacht, cibé acu fásra, agus an bhreáthacht a bhaineann leo, a bhíonn i gceist acu. "Is dócha," arsa duine acu siúd a bhí i láthair, "go mbíonn siad ag moladh na timpeallachta agus ag teacht timpeall ar a ngrá?" "D'fhéadfá san a rá," arsa Liam. D'aithris sé chuig nó sé dhán a chum sé ar mhúnla dhánta grá naSíne. Nuair a bhí an rabharta dánta curtha dhó ag Liam, labhair sé faoina shaol ach a raibh sé ina scoláire Ollscoile agus an leagan amach a bhí i réim san am, i gcás suirí na mban óg agus na bhfear óg. Léigh sé dán fíorghreannmhar faoi chailín a chuaigh go dtí na pictiúirí leis. Dúirt sé gur 'bean éisc' í ach go raibh éadach faoi leith aici le dul don chathair. Ba ó Bhaile na Leice in Iarthar Chorcaí, an cailín sa dán. Níorbh ghrá buan an grá úd, ní nach ionadh.

Mheasfá óna chuid cainte gur beag an gaol atá idir ag a leagan ar an saol inniu agus a thuiscint ar an saol agus an ceann a bhí ann agus é ina mhac léinn Ollscoile. San am sin, bhí sé coitianta ar an bpeann ag cumadh dánta taibhseacha d'irisí mar 'Innti.' Lean Liam ar aghaidh agus anois tá lóchrann láidir a chuid filíochta ón am úd beo beathach fós.

Gan amhras, tá an-mheas ar Liam mar scríbhneoir, cainteoir agus mar fhile foirfe i gCorca Dhuibhne. Chaith sé seal ag obair ann ina óige, obair saor in aisce ag piocadh cloch mar chuid de Champa Samhraidh do Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne a bhí san am ag míntíriú tailte bochta, atá inniu chomh glas le aon pháirc féir. Chaith sé seal ag cabhrú le cara dhó ón gceantar ag sábháilt fhéir, é féin agus a dheartháir Séamus agus Michael Davitt,. Bhí Liam gníomhach sa tsiúlóid ó Dhún Chaoin go Baile Átha Cliath, i mí Aibreáin na bliana 1971. Is ag cáineadh dhúnadh Bhunscoil Dhún Chaoin agus ag éileamh go dtabharfaí Údarás daonlathach don nGaeltacht a bhí an tsiúlóid úd. Sin dhá institiúid atá faoi bhagairt faoi láthair. Mhínigh sé cuid dá dhánta agus d'aithris sé cúpla ceann oiriúnacha le sólás a thabhairt do scoláirí ó Butte Montana, Mheiriceá a bhí tagtha chun éisteacht leis. Mar is gnách, bhí iarrachtaí ann freisin ó fhilí eile mar, Ceaití Bheildún, Peadar Ó hUalaigh agus Simon Ó Faoláin. Ag tagairt dá chulaith bhán, dúirt file áitiúil gur comhartha dearfach an chulaith úd go raibh aimsir bhreá the ag teacht. Tháinig!

Seán Ó Ceallaigh agus Cian Ó hÉafaigh - Ríméad ar fhoireann Ghaelscoil an Ghoirt Álainn, Corcaigh, agus a lucht tacaíochta nuair a bhronn Seán Ó Ceallaigh Corn Ghael Linn ar an gcaptaen, Cian Ó hÉafaigh, le déanaí!

Praghsanna Maithe ag Marglann an Daingin

CÉ go raibh sé á thuar go mbeadh titim ar phraghas stoic agus caorach sula bhfad, ní raibh san le braith ar Mharglann an Daingin ar an Satharn seo caite. Bhí bulláin 300kg ag dul suas le €900 agus chuaigh seanbhó, cé nár fhéach sí a blianta, agus a gamhain €1,630. Bhí aon chaora gurbh fhiú uisce na n-ubh í ag dul €100 agus cinn mhaithe ag dul €140. Ní hionadh ná fuil 'míog ná meadhg' le clos as feirmeoirí a bhíodh coitianta 'céasta cráite ag drochphraghasanna'.

Ach má tá airgead mór ar chaoire agus ar beithígh arís i mbliana, ní dócha go mbeidh mórán do phroifíd ag go leor feirmeoirí ar chúinsí áirithe, níor fhás an féar mar is gnáthach leis agus dá bharr san bhí ar dhaoine min a cheannach agus tá san amhlaidh go dtí an lá ata inniu ann i gcás uain don margadh agus beithigh agus ba. Dar le Pat Scanlon, ó Cheapach na gCloch, feirmeoir agus urlabhraí d'feirmeoirí, níl ábhar gearáin againn i gcás an bhainne, stoc ná caoire, ach de thoradh an ardaithe atá tagtha ar leasú talún agus a dhéanaí atá an bhliain, tá costais ann ná beadh orainn de ghnáth. Bhí daoine", ar sé, "ag 'leathleasú' luath sa bhliain ach de toradh drochaimsire agus síorbháisteach níor fhás aon fhéar gurbh fhiú trácht air, agus ní féidir le sadhlas ach dul cuid den tslí le hainmhithe a réiteach don margadh."

"Cé a déarfadh," arsa Pat go mbeadh daoine fós ag caitheamh mine ag a gcuid stoic sa Mheitheamh? "Bhí ardú de bhreis agus 20% ar mo bhille ón tréadlia agus suas le 25% d'ardú ar mhin de toradh na doininne fhada, agus 4% an t-ardú a bhí ar leasuithe talún." D'fhéadfadh cúrsaí a bheith níos measa, dar leis.

An Clár

Ceolchoirm Chathair Chonaill

BEIDH ceolchoirm thraidisiúnta laistigh de bhallaí Chathair Chonaill, i lár na Boirne i gContae an Chláir ar an Satharn seo, 16 Meitheamh ag 9.30in.

Beidh an seinnteoir consairtín, Chris Droney, na píobairí Michael O'Connell, Micky Dunne agus Pat Broderick ag seinm ar an oíche agus beidh an damhsóir cruthaitheach ar an sean-nós, Emma O'Sullivan, i láthair freisin. Is é an ceoltóir agus an craoltóir áitiúil, Pat Costello, a bheidh mar fhear an tí don oíche.

Tá Geopháirc na Boirne agus Aillte an Mhothair ag eagrú na ceolchoirme mar chuid d'imeachtaí na féile 'The Burren Rocks' atá ar siúl an mhí seo. Féile í seo a cheiliúrann geolaíocht agus tírdhreach na Boirne.

Is ea Cathair Chonaill ceann de na cathracha is fearr atá caomhnaithe in Iarthar na hÉireann agus í suite ciliméadar ó dheas de dholmain Pholl na Brón.

Costas €25 an ceann a bheidh ar thicéid don cheolchoirm agus is féidir iad a fháil ar 065 7089999. Tá tuilleadh eolais faoin bhféile féin ar fáil ar www.burren.ie. KMG

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

Foireann peile Ghael-Taca, Corcaigh. Tá Gael-Taca tar éis foireann phile a chur le chéile. Tá siad fós ag lorg peileadóirí a bhfuil Gaeilge acu, beidh siad ag cur isteach ar an gcomórtas 'Inter-Firm' i mbliana, agus is iad an chéad foireann lán-Ghaeilge atá chun páirt a ghlacadh sa chomórtas sin! Píosa craic a bheidh ann! Má tá tú bródúil as an teanga, bígí leo ar son na cúise! Is féidir níos mó eolais a fháil ar (021) 4310841 nó ar ár leathanach Facebook!

Uíbh Ráthach buartha faoina stádas Gaeltachta

Katie McGreal

TÁ Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh i mbun suirbhé faoi láthair chun tuairimí agus moltaí mhuintir an cheantair a fháil faoin nGaeilge.

Is cuid den Ghaeltacht oifigiúil roinnt mhaith d'Uíbh Ráthach. Tá 2000 duine ar an liosta vótála sa cheantar ach níl ach cuid acu sin ina nGaeilgeoirí ó dhúchas.

"Tá cuid acu ina nGaeilgeoirí ó dhúchas," a deir Caitlín Breathnach, bainisteoir an Chomhchoiste, ach níl figiúr cruinn acu de chainteoirí dúchais an cheantair.

Tá Breathnach buartha faoin stádas Gaeltachta atá sa cheantar.

"Níl an áit seo láidir mar Ghaeltacht," a deir sí, "Ach tá deathoil ag an bpobal (don Ghaeilge).

"Tá siad ag iarraidh an méid is féidir leo a dhéanamh ar son na Gaeilge.

Cuireann sí an lucht ar an inimirce agus ar dhaoine a bheith ag fágáil na háite.

"Nuair a thagann siad ar ais, bíonn siad pósta le daoine ó lár tíre agus ní bhoinn aon Ghaeilge acu sin," a dúirt Breathnach.

Tá meánscoil amháin sa cheantar, Coláiste na Sceilge, atá lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht i gCathair Saidhbhín.

Is scoil Bhéarla í ach tá Aonad Gaeilge inti a chuireann ábhair trí Ghaeilge ar fáil do na daltaí.

Is féidir leis na daltaí cuid de na hábhair don Teastas Sóisearach a dhéanamh trí Ghaeilge ach ní féidir leo iad uilig a dhéanamh.

Faoi láthair, tá stair, tíreolaíocht, eolaíocht, Fraincis, Gaeilge, matamaitic agus OSSP (Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil) suas go dtí an Teastas Sóisearach ar fáil san Aonad. Déantar iarracht ábhair eile a chur ar fáil nuair a bhíonn siad in ann agus cúpla ceann a chur ar fáil don Ardteist ach ní féidir sin go hiondúil.

Tá os cionn 500 dalta sa scoil ar fad agus tá 100 acu sin san Aonad Gaeilge.

Is as Gaeltacht Uíbh Ráthaigh iad an chuid is mó díobh sin, idir 60 agus 70%.

Caithfidh na daltaí scrúdú a dhéanamh sula dtéann siad isteach san Aonad chun a chinntiú go bhfuil an méid Gaeilge atá riachtanach acu.

Chuir lucht na scoile ranganna Gaeilge ar siúl gach maidin Sathairn i mbliana ar feadh 4 mhí do dhaltaí i rang a sé sa bhunscoil. ,. Bhí na ranganna dírithe ar dhaltaí narbh as an nGaeltacht iad.

"D'éirigh go maith leis na ranganna," a deir O'Connor, "Bhí thart ar 30 dalta ann gach seachtain."

Tá an Comhchoiste ag obair ar son na Gaeilge sa cheantar ó bunóidh iad in 1998. Cuireann siad neart imeachtaí Gaeilge ar siúl go leanúnach sa cheantar. Bíonn ranganna Gaeilge, campaí samhraidh, saoirí Gaeltachta do dhaoine fásta agus grúpa Comhluadair ar siúl acu. Ach táthar ag lorg moltaí agus tuairimí mhuintir na háite anois tríd an suirbhé seo.

Is féidir an suirbhé dátheangach a líonadh isteach ar Survey Monkey ach dul chuig www.uibhrathach.ie, nó tá cóipeanna ar fáil san Ionad Pobail i gCeann Eich i gCathair Saidhbhín.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Gaoth Dobhair

Ord Ársa na nIbeirneach

TÁ Nóibhéine eagraithe ag Ord Ársa na nIbeirneach ar fud na tíre in onóir Mhuire Máthair Fatima agus ar an 13ú de gach mí i nGaoth Dobhair beidh Aifreann ar siúl i dTeach Pobail Mhuire ar a 7i.n., agus fáilte roimh achan nduine. Leanfaidh sin ar aghaidh go dtí an 13ú lá de mhí Dheireadh Fómhair nuair a bhéas teacht le chéile mór, ar lá Ord Ársa na nIbeirneach, i gCnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo.

Tá sé i gceist go ndéarfaí an paidrín ar na laethanta thuasluaite do dhaoine tinne, daoine a chur lámh ina mbás fhéin, daoine a cailleadh ar an fharraige nó a maraíodh i dtaismí bóthair, iad sin atá sna hospidéil, daoine atá uaigneach, bocht nó gan dídean agus do pháistí atá ocrach ar fud an domhain agus do shíocháin ar fud an domhain.

Cúlú eacnamaíochta ag brú daoine isteach sna leabharlanna

TÁ an meathlú ó Thuaidh ag spreagadh daoine chun úsáid a bhaint as na leabharlanna.

Tháinig méadú 5% ar an sciar den phobal a bhain úsáid as leabharlann, ó thiontaigh an geilleagar.

Sa bhliain 2007/8, bhain 27% den phobal úsáid astu ach faoin mbliain 2010/11, ba 32% a bhí i gceist.

Thug an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Cearál Ní Chuilín, an t-eolas i bhfreagra scríofa sa Tionól.

Ba í Michelle McIlveen ón bPáirtí Aontachtach Daonlathach (DUP) a chuir an cheist. *AMC*

Laura Mc Aree, 20, ar chlé, as Leitir Mhic a' Bhaird, Tír Chonaill, a roghnaíodh an tseachtain seo mar ionadaí don Chlochán Liath ag Féile Mháire an Chlocháin Léith i mbliana in éineacht le buaiteoir na bliana seo caite, Debbie Rodgers [PIC : EOIN MC GARVEY]

Baile na Finne

Naíonra ag iarraidh spáis spraoi

CHUIR Naíonra Bhaile na Finne isteach ar chead pleanála ó Chomhairle Contae Dhún na nGall do limistéar súgartha lámh leis an naíonra. Tá fál 2.4 méadar (seacht dtroigh deich n-orlaí) le bheith thart ar an gclós. Tá an Naíonra ag déanamh oibre mhóir leis an Ghaeilge a choinneáil sa cheantar agus is trí Ghaeilge amháin atá sé á reáchtáil. Tá ochtar páistí ag freastal ar an Naíonra faoi láthair, ach dúirt urlabhraí thar a cheann gur 13 nó 14 dhuine a bheidh ann sa bhfómhar. *AMC*

Déanann 310 Ardleibhéal Gaeilge

Anton Mac Cába

CHUIR 310 duine isteach ar an scrúdú Gaeilge ag Ardleibhéal an GCE ó Thuaidh i mbliana, sin laghdú ón 329 a chuir isteach air anuraidh.

Mar sin féin, ní cosúil gur fianaise ar thitim fadtéarmach é sin. Is méadú é ón 281 a rinne an scrúdú in 2007, mar shampla. Dúirt leasphríomhoide amháin le Gaelscéal go raibh laghdú beag ar líon na ndaltaí i meánscoil s'aici a bhí ag dul don Gaeilge ag an Ardleibhéal.

B'shin mar go bhfuil sé amuigh ar theangacha go bhfuil siad 'deacair': agus go bhfuil rogha níos leithne ábhar ann. Is ionann Ardleibhéal an GCE agus an Ardteistiméireacht.

RTÉ agus TG4 ar fáil sa Tuaisceart le Saorview

BEIDH TG4 agus RTÉ ar fáil sa Tuaisceart nuair a dhéantar an t-athrú digiteach go Saorview ar an 24 Deireadh Fómhair 2012. Tarlóidh an t-athrú sa Deisceart agus sa Tuaisceart ag an am céanna, cinneadh a rinne an dá rialtas de bharr rudaí atá ceangailte le chéile sna córais theilifíse. Íocann muintir an Tuaiscirt £145 chuile bhliain leis an BBC, an craoltóir náisiúnta, do cheadúnas teilifíse agus íocann muintir an Deiscirt €160 le RTÉ gach bliain. Ní bheidh costas sa bhreis ag baint leis an gcóras nua seo. D'oibrigh na rialtais sna Sé Chontae agus sa Phoblacht le chéile chun a theacht ar an réiteach seo. "Tá an-áthas orm go bhfuil todhchaí dhigiteach níos láidre ag TG4, RTÉ a hAon agus RTÉ a Dó," a deir Aire Cumarsáide Shasana, Ed Vaizey. *KMG*

€187,901 caillte ag an 'Seaview'

Anton Mac Cába

CLÁRAIGH Airtricity breithiúnas €7,770.00 in éadán an chomhlachta ar leo an t-ostán is fadbhunaithe i gceantar Gaoth Dobhair. Sin iad Boyle Entertainments, an dream ar leo Óstán Radharc na Mara ar an mBun Beag.

Is leis an chomhlacht seo an tábhairne, The Brewery, i Leitir Ceanainn chomh maith.

Is iad stiúrthóirí na comhlachta ná James, Charles agus Phyllis Boyle, a bhfuil seoltaí acu uilig ar an Bhun Beag.

De réir na gcuntas is déanaí a cláraíodh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, rinne an chomhlacht caillteanas de €187,901 sa bhliain go dtí an 30 Aibreán 2010.

B'athrú mór é sin ón mbliain roimhe, nuair a rinne an comhlacht brabach €64,024.

Staisiún Raidió Dátheangach beartaithe do Dheisceart Dhoire

Gaeil óga an cheantair ag foghlaim faoi na leamhain i dTír Chiana, Co Dhoire, an Déardaoin seo caite - an mbeidh raidió dá gcuid féin acu amach anseo?

Anton Mac Cába

TÁ súil go mbeidh raidió pobail dátheangach ag craoladh i ndeisceart Dhoire go luath. Chuir Cumann Forbartha Charn Tochair isteach ar cheadúnas do raidió phobail le gairid. Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair, beidh a fhios acu an mbeidh cead acu toiseacht ar an chraoladh.

Tá OFCOM (an rialtóir teileachumarsáide sa Ríocht Aontaithe) ag measúnú iarratas faoi láthair.

Dúirt Leonne Ní Loinsigh ón gCumann, gur do réime ceantair 10 gciliméadar a bheadh an stáisiún ag craoladh agus is é Machaire Rátha an baile is mó a clúdófaí. "Toisc gur raidió pobail é, tá na coinníollacha teoranta," arsa Leonne.

"Tá sé de rún againn go mbeadh sé dátheangach ón dtoiseacht, caoga fán gcéad Gaeilge agus caoga fán gcéad Béarla."

Tá an Cumann ag plé an togra le cúpla bliain. Chuir siad daoine ón gceantar go Raidió Fáilte i mBéal Feirste le scileanna a fhoghlaim. Fágann sin go bhfuil gréasán daoine le scileanna ar fáil.

San achoimre a chuir siad chuig OFCOM, dúirt siad go gcuirfeadh an stáisiún amach réimse leathan ceoil, spórt Gaelach, cúrsaí reatha agus pobail, fógraí báis, imeachtaí agus gníomhaíochtaí phobail, agus irischláracha speisialta, cuid acu díríthe ar oidhreacht na Gaeilge sa cheantar. Tá Leonne den bharúil go mbeidh an stáisiún ann. "Táimid dóchasach, tá an obair curtha isteach againn," A dúirt sí.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Queen's University Belfast

Ollscoil na Ríona, Béal Feirste

MA Aistriúchán

MA Léiriú Scannán agus Scríbhneoireacht Scripte

Cúrsaí feidhmeacha, lán-aimseartha agus páirt-aimseartha

Eolas: **(0044) 28 9097 5366** nó **www.qub.ac.uk/irish-celtic**

BEATHA

'Croí a Mhúscailt – Awakening a Heart'

Dráma do pháistí agus do theaghlaigh ón gcomhlacht amharclannaíochta, Branar

Katie McGreal

"Lá amháin, Daideo was no longer in his chair."

Tús láidir agus brónach atá ag an dráma, 'Croí a Muscailte – Awakening a Heart'. Cruthaíonn sé codarsnacht láidir mar, díreach ina dhiaidh sin, ritheann cailín óg, gealgháireach ar an stáitse. Go tobann, feiceann sí cathaoir Dhaideo, folamh. Athraíonn meon agus rithim an dráma ansin.

Insíonn an dráma seo scéal cailín óg atá i ndiaidh a Daideo a chailliúint agus atá ag iarraidh é a thuiscint agus ag iarraidh éirí cleachtach leis. Is puipéid iad an dá charachtar.

Tá an cailín ag iarraidh cuimhneamh ar Dhaideo agus ar a chuid rudaí ach tá a Mamó ag iarraidh fáil réidh leis na cuimhní sin. Tá sí ag iarraidh gach rud a chuir as radharc i málaí.

Feicimid an caidreamh idir an cailín óg agus a Mamó agus an bealach ina bhfuil an bheirt acu ag iarraidh déileáil leis an rud céanna, ach ar bhealaí éagsúla.

Cabhraíonn rithim an dráma go mór leis an scéal a insint. Tosaíonn sé leis an gcailín ag rith agus nuair a fheiceann sí cathaoir Dhaideo folamh, stopann sí. Thaispeánann sé don lucht féachana go bhfuil moilliú ag teastáil uaireanta i ndiaidh báis, rud nach ndéanaimid go hiondúil.

Úsáidtear rudaí áirithe chun pictiúr de Dhaideo a chruthú don lucht féachana. Bíonn an cailín ag súgradh le bróga agus le hata Dhaideo, mar a dhéanfadh páiste ar bith.

Cruthaítear greann sa dráma ar an mbealach sin chomh maith le láithreacht (*presence*) a thabhairt do Dhaideo le linn an dráma ar fad. Mothaíonn an lucht féachana é an t-am ar fad, cé nach bhfeicimid é.

Chruthaigh Suse Reibisch an dá phuipéad, Mamó agus an cailín óg, a úsáidtear sa dráma agus tá cuma iontach orthu! Rinne sí an-jab leo. Tá puipéadóireacht agus puipéadóirí iontach maith ann freisin.

Uair nó dhó le linn an dráma, rinne mé dearmad gur puipéid a bhí iontu agus nach fíordhaoine.

Cruthaíodh atmaisféar don dráma dúinn chomh luath agus a chuamar isteach san amharclann. Bhí an áit dorcha agus bhí ceol ciúin á sheinm ar an bpianó.

Chruthaigh an cumadóir, Morgan Cooke, an ceol ar fad don dráma agus cruthaíonn sé atmaisféar iontach le linn an dráma. Cabhraíonn an ceol go mór le hinsint an scéil, léiríonn sé dúinn céard atá ag tarlú ar an stáitse agus céard atá ag dul trí chloigeann na gcarachtar.

Is iad Marc Mac Lochlainn agus Bjarne Sandborg stiúrthóirí an dráma. Is as comhlacht amharclainne sa Danmhairg é Bjarne agus tá sé ag obair le Branar ar an seó seo mar stiúrthóir agus mar chomhairleach ealaíne.

Is stiúrthóir le Branar é Marc agus tá sé an-sásta leis an dráma. Faoi láthair, is scéal an-ghar don a chroí é freisin, toisc gur chaill a pháistí a nDaideo féin le déanaí agus breathnaíonn sé orthu agus iad ag dul tríd an rud céanna is atá an cailín beag sa scéal.

"Tá mé in ann a rá go bhfuil siad ag dul tríd an rud céanna," a deir Marc, "Taitníonn (an dráma) thar cionn liom."

Deir Marc go gcuireann sé iontas ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí nuair a fheiceann siad go bhfuil daltaí scoile chomh ciúin le linn drámaí de chuid Bhranair.

"Is breá liom atmaisféar agus is breá liom an chaoi go ndéanaimid rudaí ciúine," a deir Marc.

Bhí an ciúnas ar cheann de na rudaí ba mhó a thaitin liom faoin dráma seo. Tá thart ar 3 nó 4 abairt i meascán de Bhéarla agus Gaeilge, sa dráma seo agus seachas sin, níl aon chaint ann. Cuireann an ciúnas seo go mór leis an dráma agus an scéal agus sin ceann de na fáthanna go bhfuil an ceol chomh tábhachtach sin.

Faighimid amach céard atá daoine ag smaoineamh tríd an gceol in ionad tríd an gcaint.

Tháinig an smaoineamh don dráma ó phictiúr sa leabhar 'The Heart and the Bottle' le hOliver Jeffers agus tá lucht Bhranair ag obair air le bliain anuas.

Táthar ag siúl le go mbeidh páistí ó 8 mbliain d'aois ar aghaidh in ann sult a bhaint as an dráma, chomh maith le teaghlaigh iomlána. Dráma 50 nóiméad atá ann ina iomláine.

Tá Marc ag siúl le go mbeidh an dráma i bhFéile Ealaíne Baboró i mí Dheireadh Fómhair agus beidh sé ar cheann de na drámaí a dhéanfar le linn na camchuairte a dhéanfar timpeall na tíre i mí Aibreán 2013. Tabharfar cuairt ar 15 amharclann éagsúla le linn na camchuairte sin.

Is comhlacht amharclannaíochta oideachasúil é Branar atá lonnaithe i mBearna i gCo. na Gaillimhe. Bunaíodh an comhlacht in 2001 agus ó shin, tá neart ceardlanna agus drámaí curtha ar fáil acu do pháistí.

Tá tuilleadh eolais faoin gcomhlacht agus faoin dráma seo ar fáil ar suíomh Bhranair ag www.branar.ie nó is féidir glaoch a chur orthu ar 091-590999.

An príomhcharachtar

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

'The Begrudgers' - buaiteoirí RTÉ Storyland 2012

Léirmheas ar an tsraith Idirlín atá le feiceáil ar www.rte.ie/storyland

BHUAIGH an tsraith grinn, *'The Begrudgers'*, an comórtas RTÉ Storyland 2012 an tseachtain seo caite agus bhí an bua tuilte go mór acu.

Dúghreann an cineál grinn a úsáidtear sa tsraith seo. Tosaíonn an tsraith le príomhcharachtair *'The Begrudgers'*, Nobby agus Snout ina shuigh ag beár i ngnáth-theach tábhairne in Éirinn.

Tuigimid go luath gur custaiméirí rialta iad sa phub seo agus nach mbíonn siad sásta riamh. Is breá leo a bheith ag magadh faoi dhaoine eile, nó fúthu féin. Bíonn siad ag magadh faoi Tommy, úinéir an bheár, toisc go bhfuil léine dheas air agus bíonn siad ag troid agus ag tabhairt amach dá chéile freisin.

Mar a deir Nobby, "*There's nothing I hate more in this world then happy f*****s.*"

Nuair a thagann Gemma as Meiriceá agus George ó Shasana isteach sa phub cruthaíonn siad codarsnacht láithreach sa scéal. Is daoine gealgháireacha, sásta agus beomhara iad an bheirt seo agus tá siad thar a bheith sásta a bheith "in a real Irish pub".

Déanann siad iarracht labhairt leis na fir ach ní éiríonn ró-iontach leo. Ní féidir leis na Begrudgers aon rud deas a rá faoin áit ina mbíonn siad ina shuí chuile lá beo, nó faoi rud ar bith eile.

Na príomhcharachtair, Snout (Ray Fitzsimons) agus Nobby (Shane Carroll)

D'éirigh go hiontach le luch na sraithe chun uafás na leaids a léiriú nuair a chloiseann siad an nuacht is measa riamh - beidh an Meiriceánach gealgháireach agus an Sasanach beomhar i gceannas ar an teach tábhairne amach anseo. Tógtar seatanna ceamara gar-amhairc (*close-up shots*) d'aghaidheanna Tommy, George agus Gemma agus iad ag gáire agus feicimid Noddy agus Snout trína chéile agus buartha. Déantar cúpla seat ceamara mallghluaiseacht agus tá cuma scannáin uafáis air, is brionglóid uafáis é do Noddy agus Snout - beidh orthu cur suas le daoine atá sásta agus gealgháireach, gach lá!

Feicimid pearsantacht 'na Begrudgers' go luath sa dara clár nuair atá Snout ag léamh carta poist ó Tommy, sean-úinéir an phub, atá ag taisteal san India. Bíonn an-díomá ar an mbeirt acu nach bhfuil drochscéal aige, ní fiú go bhfuil an bhuinneach air.

Úsáideann na príomhcharachtair neart eascaine agus cuireann sé go mór leo mar charachtair. Cruthaíonn sé tuilleadh codarsnachta idir iadsan agus George agus Gemma.

Is carachtar iontach é Jim, an seanfhear dall. Tagann sé amach le rudaí aisteacha ag amanna éagsúla le linn na sraithe. Casaimid leis sa chéad chlár agus é ag teacht amach as an leithreas ag rá le Tommy go mbeadh air na leithris a ghlanadh, arís. Nuair a chloiseann sé faoi na daoine nochta a bhíodar a tharraingt ag an rang ealaíne, bíonn sé ag iarraidh freastail ar an rang chun boladh na gcailíní nochta a fháil. Cuireann carachtar Jim go mór leis an scéal agus le greann an scéil.

Tá ceithre chlár sa tsraith agus tá gach ceann 5 nó 6 nóiméad ar fhad. Tá sé suite i gCo. an Chabháin. Scríobh Philip Doherty an tsraith agus stiúraigh Finn Keenan é. Bhí Philip an-sásta leis an gcomórtas agus síleann sé gur deis iontach atá ann do dhaoine óga.

"Is brionglóid é seo dúinn," a deir Philip faoin mbua. "Taithí iontach a bhí ann dúinn."

"Bhí an-ádh orainn toisc go raibh foireann iontach maith againn," a deir Áine Corby, duine de lucht na sraithe. "Fuaireamar an-chuid tacaíochta i gCabhán agus ó na daoine áitiúla. Táimid fíorbhuíoch faoi sin."

Beidh an tsraith le feiceáil ar shuíomh idirlín RTÉ, www.rte.ie/storyboard ar feadh tamaill eile, in éineacht leis na sraitheanna eile a bhí sa chomórtas.

Féach ar :

TG4: Feis + Blood
Sa chlár deireanach den tsraith, rachaidh na clanna atá fágtha sa chomórtas ar an stáitse den uair dheireanach agus gheobhaidh an buaiteoir an teideal mar chlann is mó tallainne in Éirinn. Cuirfidh Pádraig Ó Sé an clár i láthair. Dé Domhnaigh @ 8in.

RTÉ a haon: The Science Squad Breathnaíonn an clár nua seo ar thaighde eolaíochta tábhachtach atá ar siúl in Éirinn faoi láthair. Sa chéad chlár, breathnófar ar bhraiteoirí (sensors) atá á gcur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas fisiceach ionas gur féidir leo ceol a chumadh agus a sheinm lena súile. Amárach @ 7in.

RTÉ a dó: Revenge Sa tsraith nua seo, is é Emily Thorne an cailín nua sna Hamptons. Ceapann muintir na háite, gur cailín deas, cairdiúil atá inti ach tá plean rúnda aici. Tá díoltas uaithi, ar son a hathar. Dé Máirt @ 10.10rn.

Jonathan McCrea, Aoibhinn Ni Shuilleabhain agus Kathriona Devereux

Éist le :

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Reacaireacht an Tráthnóna
Gheobhaimid neart tuairiscí agus tráchtaireachtaí ar chluichí an tSathairn ó cheann ceann na Gaeltachta ón láithreoir, Dara Ó Cinnéide le linn an chláir seo, chomh maith le neart ceoil, anailís agus agallaimh. Dé Sathairn @ 6in.

Shannonside Northern Sound: Bígí ag Caint
Pléann an láithreoir, Mairéad Ní Loideáin, imeachtaí agus féilte atá ag tarlú i gcontaetha Liatroma, Ros Comáin agus Longfort i meascán de Bhéarla agus Gaeilge le linn an chláir nua seo. Gach Domhnach @ 6in.

RTÉ Raidió a haon: Today with Pat Kenny live from Gdansk
Tabharfaidh Pat réamhamharc ar an gcluiche a bheidh ag Éire in aghaidh na Spáinne, beo ó Gdansk sa Pholainn le linn an chláir seo. Labhróidh sé faoi pháirt na bPolannach sa Dara Cogadh Domhanda freisin agus cuirfidh sé neart daoine faoi agallamh. Amárach agus Dé hAoine @ 10rn.

Dara Ó Cinnéide

NUACHT Litríochta

Leabhar taistil fileata agus fealsúnach

Léirmheas le Meadhbh Ní Eadhra

Ólann mo Mhiúil as an nGainséis
Gabriel Rosenstock
€15.00,
Cló Iar-Chonnachta



Gabriel Rosenstock

Is rud annamh go leor fós i litríocht na Gaeilge é an leabhar taistil, agus sa leabhar 'Ólann mo Mhiúil as an nGainséis' insítear scéal aistear Gabriel Rosenstock agus a bhean go Dubai, an India, Hong Cong, an tSeapáin, an Astráil, an tSile agus na Stáit Aontaithe.

Foilsithe ag Cló Iar-Chonnachta, tá cuma snasta, ildaite ar an leabhar agus tá an clúdach tarraingteach don léitheoir. Tá sé spéisiúil gur foilsíodh an leabhar seo siar sa bhliain 2003, mar i ndáiríre tá cuma nua-aimseartha agus proifisiúnta ar an bhfoilseachán seo.

Tarraingíodh aird ar an leabhar arís le déanaí mar go bhfuil aistriúchán Béarla air tagtha ó Academica Press, San Diego, i mbliana, agus tá an leabhar roghnaithe mar leabhar na míosa ag clubleabhar.com chomh maith. Tá teideal an leabhair suimiúil ann féin agus is cinnte go gcuireann sé ag smaoineamh thú faoi cad atá le theacht sa leabhar.

In ionad é a bheith roinnte ina chaibidlí éagsúla, tá leagan amach difriúil ar fad in úsáid ag an údar. Síos tríd an leabhar ar fad, baineann sé úsáid as athfhriotail agus nathanna cainte chun an scéal agus an t-aistear a bhriseadh ina chodanna éagsúla, agus gach cúpla leathanach feicimid go bhfuil ráiteas fileata éigin le léamh.

Tá cáil ar Rosenstock as na *haiku*-anna a scríobhann sé, agus tá neart dánta Haiku a scríobh Rosenstock le linn an turais le léamh sa leabhar, mar aon le smaointe an lae agus tagairtí do litríocht agus do stair na dtíortha a dtugtar cuairt orthu.

Cuireann siad seo leis an leabhar agus braithim go bhfuil stíl ar leith ag baint le hinsint an scéil seo; stíl fileata, fealsúnach a mheallann an léitheoir agus a chabhraíonn leat dul ar thuras na samhlaíochta agus an leabhar á léamh agat. Níl aon amhras ach go dtugann an leabhar seo léargas dúinn ar chreideamh an údair féin, chomh maith lena chuid fealsúnachta agus a shaol intleachtúil.

Ní hamháin sin, ach úsáidtear go leor athfhriotail de chuid athar Gabriel, Eugene Rosenstock-Huessy, sa leabhar, rud a chiallaíonn go bhfaighimid léargas ar smaointe agus ar fhealsúnacht Eugene chomh maith.

In amanna, bhrath mé go raibh an leabhar ag éirí ró-fhealsúnach agus ró-fhileata, ach is rud é sin a thaitneoidh le roinnt léitheoirí agus nach mbeidh an oiread sin dúile ag léitheoirí eile ann. Ceist stíle atá ann agus gach seans gur shocraigh Rosenstock dul síos an bóthar sin mar gurb é sin an rud a dhéanann sé go nádúrtha.

Tá an-ghreann ag baint le cuid de na heachtraí sa leabhar, cosúil leis an scéal faoin fhear díolta seodra agus a aimitis álainn, miúil a chuireann crúb ina bhás fhéin agus 39 milliún déithe Mhumbai.

Tugann Rosenstock le fios dúinn go ndéanfaidh mún asail maitheas dóibh siúd a bhfuil galar meabhrach orthu, fiafraíonn sé dínn an treise an badhró ná an khanjar (miodóg fhada ghéar) agus cuireann sé síos ar mhuc ardnósach in Mumbai a shíleann gur bó bheannaithe í!

Maíonn an t-údar go gcaithfear soiscéal na síochána a scaipeadh, agus ní dhéanann a thuras go Hiroshima ach an creideamh sin a áiteamh air a thuilleadh. Déantar machnamh chomh maith ar an gcomparáid idir chultúr na hÉireann agus chultúir na dtíortha eile atá faoi chaibidil, go háirithe na cosúlachtaí idir chultúr na hIndia agus chultúr na tíre seo.

Is trua nach bhfuil grianghraf ar bith le feiceáil sa leabhar, mar bheadh sé deas cúpla pictiúir a fheiceáil den údar agus dá bhean agus iad ag taisteal, nó fiú cúpla grianghraf de chuid de na hainmhithe a ndéantar cur síos orthu sa leabhar.

Cineál téama a bhí sna hainmhithe seo i gcaitheamh an leabhair, agus rinne an t-údar tagairt d'ainmhithe éagsúla go minic agus é ag scríobh.

Ba é seo an chéad uair ag Gabriel a bheith san India ná sa tSeapáin agus bhí a fhios aige gur mó an seans go dtabharfadh sé rudaí faoi deara níos grinne dá mbeadh dialann taistil á coimeád aige. Cur síos ar rudaí seachtracha agus ar rudaí inmheánacha atá sa leabhar taistil seo, dar leis. Aontaím go hiomlán leis sin, agus is cinnte nach ar an turas fisiceach féin atá an leabhar bunaithe, ach ar an turas spioradálta chomh maith. Bhí fealsaimh na hIndia léite aige sular scríobh sé an leabhar agus theastaigh uaidh a fháil amach an aithneodh sé an India a bhí ina intinn istigh ón tuiscint a fuair sé ó na saoithe seo go léir.

"Níor aithin", a deir sé. "Tá an India míorúilteach ar fad - agus chomh mór sin! Is deacair a chreidiúint gur aon tír amháin í. Tá an difríocht idir Kerala ó dheas agus na Himiléithe ó thuaidh dochreidte," ar seisean.

Bhuaigh Gabriel Rosenstock turas timpeall an domhain do bheirt thart ar dhá bhliain sular foilsíodh an leabhar, agus mar thoradh air sin, chaith sé féin agus a bhean Eithne cúpla mí ag taisteal agus thug siad cuairt ar shé thír éagsúla san Áis, i Meiriceá Thuaidh agus Meiriceá Theas.

Ó shin i leith, tá an bheirt acu tar éis filleadh ar an India go minic agus is léir go bhfuil an-cheangal acu leis an áit anois.

Ar an iomlán, is leabhar sainiúil é seo is fiú a léamh má tá spéis agat sa taisteal agus i saol agus deasghnátha daoine agus tíortha eile, nó fiú má tá fonn ort gáire a dhéanamh faoi chuid de na heachtraí greannmhara atá sa scéal.

Leanann muid Gabriel agus a bhean agus iad ag taisteal, agus ar bhealach, téann muid féin ar aistear na samhlaíochta agus an leabhar á léamh againn. Tá Gaeilge shaibhir in úsáid sa leabhar agus cé go bhfuil an teanga dúshlánach go leor in áiteanna, ní gá gach uile fhocal a thuiscint chun croílár an leabhair a aimsiú agus an scéal a thuiscint.

Seans go mbeadh fonn ar dhaoine an leabhar seo a léamh anois agus muid i lár an tsamhraidh, go háirithe má tá sé i gceist acu féin dul ar saoire thar lear.

'Luaithreach Angela Cuimhní Óige'

Léirmheas le Panu Höglund

Frank McCourt, aistrithe ag Pádraic Breathnach.
Ionad Scríbhneoirí Luimnigh, Luimneach



Mar rabhadh don léitheoir, caithfidh mé a admháil nach raibh róluiteamas agam leis an leabhar sa bhunteanga ach an oiread, agus ba chúis mhíchompoird dom a chloisteáil go raibh leagan Gaeilge de ar na bacáin.

Nó nuair a thagas an crú ar an tairne is ar éigean a bhí mórán úimléide ann do mhuintir na hÉireann riamh mar leabhar, cé go ndearna sé a súile dá lán Meiriceánach agus iad ag síleadh go nuige sin nach raibh bochtanas uirbeach in Éirinn sna fichidí. Inniu, is bunadh bailte móra iad formhór mhuintir na hÉireann, agus tá a fhios acu go rómhaith go bhfuil plódcheantair uirbeacha – slumanna – ina dtír dhúchais le fada.

Thairis sin, chardáil scríbhneoirí na hÉireann, ó Sheán Ó Cathasaigh go Roddy Doyle, saol na bplódcheantar sin go cuimsitheach. Mar sin, má bhí ábhar adhnua i leabhar McCourt do na Meiriceánaigh ar chúiseanna intuigthe, ní chreidim go raibh call riamh le seó bóthair a dhéanamh de in Éirinn.

Shíl na Meiriceánaigh an domhan den leabhar, áfach, agus ní díol iontais é, nó tá insint McCourt ar maos le tírghrá – do na Stáit Aontaithe, arbh iad tamhnach an tsonais iad i gcomparáid le hÉirinn, mar a chuaigh sí i bhfeidhm ar Frainc beag bocht.

Tírghrá ionraic atá ann, agus tuigeann an léitheoir cás mo dhuine go furasta, i bhfianaise an anró a d'fhulaing sé ina bhrín óg in Éirinn. Uaireanta bíonn blas na bolscaireachta agus na siúcrúlachta ar an Meiriceánachas sin, áfach, rud nach dtéann chun leasa don leabhar mar shaothar litríochta.

Tríd is tríd, is é an locht is mó a gheobhainn ar an leabhar seo ná nach bhfuil sé – ná a aistriúchán – de dhíth ó lucht na Gaeilge mar "fhíric liteartha", mar a déarfadh an foirmiúlaí Rúiseach.

Scéal é a hinsíodh cheana, go bunúsach, i litríocht na Gaeltachta, agus déarfainn go bhfuil litríocht imirce na Gaeltachta ag teastáil níos géire ná an leabhar seo ó aon duine ar suim leis intinn agus meon an imirceánaigh Éireannaigh idir dhá dtír. Iad siúd in Éirinn agus i Meiriceá araon ar mhaith leo leabhair Ghaeilge a léamh a chardálas an t-ábhar áirithe seo, b'fhearr liom iad a bheith ag léamh bunsaothar le scríbhneoirí Gaeltachta (Pádraic Breathnach go mór mór san áireamh) seachas aistriúcháin ar leabhair lagmheasartha Béarla.

Maidir leis an aistriúchán féin, mar Ghaeilge, caithfidh mé a rá nach mó ná sásta a bhí mé leis, ach an oiread. Nuair a chuala mé gurbh é Pádraic Breathnach a bhí i mbun na hoibre seo, ghlac mé leis gurbh fhéidir gur rud maith a bheadh ann don Ghaeilge i ndiaidh an iomláin, nó bhí a lán de bhunsaothar an scríbhneora léite agam, chomh maith leis an díolaim bhéaloidis ó Mhaigh Cuilinn a chuir sé in eagar.

Le fírinne thaitin a úrscéal "As na Cúlacha" go mór liom, i bhfad ní ba mhó ná "Angela's Ashes" in aon teanga. Ar an drochuair, bhain an t-aistriúchán stangadh asam, nó ní raibh súil agam le saothar chomh dona ó scríbhneoir chomh cumasach.

Nílim a rá nach bhfuil iarracht ar fónamh déanta ag Pádraic in áiteanna, agus is é mo thuairim go mbeadh saothar réasúnta maith ann dá n-athléifeadh mo dhuine oiread is aon uair amháin é chun an chuid ba mheasa den Bhéarlachas a bhaint de.

Ar an drochuair níor athléigh, agus mar sin tá cuid mhaith rudaí fágtha sa téacs nach féidir a mhaitheamh don aistritheoir. Lena cheart a thabhairt dó, chonaic mé aistriúcháin i bhfad níos measa ó tháinig an chéad chiall agam ar an rud is dea-Ghaeilge ann, agus in áiteanna aithním go bhfuil blas deas na dea-Ghaeilge sin ar an comhréir agus ar dhul na bhfocal.

Caith súil ar thús an leabhair mar shampla: "M'athair agus mo mháthair bhí acu fanacht i Nua-Eabhrac áit ar casadh agus ar pósadh ar a chéile iad..."Is é an t-aon locht amháin a gheobhainn ar an méid sin ná go bhfuil na focail úd "ar a chéile" in áit cineál míloighciúil ansin – cé air a bpósfaí iad ach ar a chéile, meas tú? – ach is maith liom an dóigh ar chuir Pádraic "m'athair agus mo mháthair" i dtús na habairte, díreach ar nós chaint nádúrtha na Gaeltachta, in áit an leagan "bhí ag m'athair agus mo mháthair fanacht i Nua-Eabhrac..." a bheadh ag Gaeilgeoir na scoile: bheadh sé ceart de réir na bunghramadaí, ach mar sin féin ní bheadh an bheogacht chéanna ann.

Ar an drochuair, is éard a fheiceas muid i ndeireadh an chéad mhír ná "básaithe agus imithe", mar aistriúchán ar "dead and gone" an Bhéarla. Bhuel is teilgean dúchasach cainte é "dead and gone" sa Bhéarla, agus ba chóir é a aistriú le teilgean dúchasach cainte de chuid na Gaeilge, ar nós "ar shlí na fírinne", "tar éis bháis", nó fiú "ag déanamh créafóige", ach ina áit sin roghnaigh Pádraic an Béarla a aistriú focal ar fhocal, rud a chuireas isteach go mór mór ar an léitheoir atá i dtaithí stíl na scríbhneoirí dúchasacha.

Thairis sin ba chóir an t-"agus" sin a fhágáil ar lár sa Ghaeilge pé scéal é.

Níl anseo ach sampla amháin, ach ar mhí-ámharaí an tsaoil bíonn lomaistriúcháin amscaí den chineál chéanna rófhlúirseach sa chuid eile den leabhar, agus is féidir tionchar an Bhéarla ar úsáid an ailt a aithint go rómhinic.

Ar ndóigh, tá an chuid is mó den leabhar scríofa san aimsir láithreach, agus is modh inste é sin nach bhfuil leath chomh nádúrtha sa Ghaeilge agus sa bhunteanga. Is dócha gur mhothaigh Pádraic gurbh é an modh inste sin an peaca ba mhó in aghaidh cheart na Gaeilge, agus go raibh cead aige a rogha sceanairt a dhéanamh ar an teanga ina dhiaidh sin.

Déanta na fírinne, dá bhfaighinn féin an leabhar áirithe seo le haistriú, is dócha go n-athróinn an aimsir láithreach sin go haimsir chaite scun scan leis an ngaiste seo a sheachaint.

Lena cheart a thabhairt do Phádraic: ní hionann mar scileanna iad aistritheoireacht agus bunscríbhneoireacht, agus i ndiaidh na blianta fada a chaitheamh i m'aistritheoir proifisiúnta tá gach tuiscint agam do na deacrachtaí a bhíos ag daoine i mbun na ceirde seo. Is dócha go raibh brú mór ama ar mo dhuine, ionas nach raibh sé ábalta deireadh ceart a chur ar an aistriúchán.

Na seanaistriúcháin a rinneadh faoi choimirce an Ghúim fadó, níl cuid acu féin thar moladh beirte, agus is féidir a rá gur tháinig cuid de na cinn ba mheasa acu ó pheann scríbhneoirí maithe ar chainteoirí dúchais iad.

Is é an rud is mó a chuireas isteach orm ná go mbeidh an t-aistriúchán seo á léamh ag foghlaimeoirí feasta, foghlaimeoirí arbh fhearr dóibh ar gach bealach staidéar a dhéanamh ar bhunsaothair le scríbhneoirí Gaeltachta. Beidh siad ag foghlaim droch-Ghaeilge as an leabhar seo, agus mar sin, ní rachaidh sé chun leasa don teanga ar aon nós.

Ach an rachadh, dá mbeadh an t-aistriúchán ní b'fhearr? Ar éigean. Bheadh sé i bhfad ní ba thábhachtaí, abair, Gaeilge a chur ar úrscéalta ficsin eolaíochta, lena thaispeáint go bhfuil sracadh i seanteanga na Gaeltachta i gcónaí le scéalta den chineál sin a insint.

Ach maidir leis an imirce, tá an téama sin pléite le máistreacht ag scríbhneoirí na Gaeltachta cheana, níos fearr ná ag Frank McCourt.

Scríbhneoir Gaeilge ón bhFionlainn é Panu Petteri Höglund.

Crosfhocal 13.06.2012



NODA

TRASNA

1 Teaghlach agus gaolta go léir (5)
3 Bord (5)
6 I gceannas ar an teach: Bean an _ (2)
7 Duine a thugann tacaíocht do bhaill agus do chraobhacha an eagrais (6)
9 Ó seo amach (6)
12 Sagart i Mainistir (6)
14 I ndiaidh an chéad áite: bonn airgid mar shampla (4)
15 Coinníonn sé nó sí an trácht ag bogadh (4)
16 Áit ard carraigeach os cionn gleanna (4)
18 Scéal a dhéanamh fonóid faoi dhuine (4)
19 Ann (2)
20 Teach ina bhfuil Mícheál D ina chónaí anois (4)
24 An ceathrú mí den bhliain (7)
26 Dearadh, pictiúr (5)
27 Píosa filíochta (3)
28 Teachta Dála atá páirteach sa rialtas (4)
29 Duine páirteach i dtroid (6)

SÍOS

2 Uile, go ---- (4)
4 Go deo (4)
5 Sliocht as scéal nó scéal i nuachtán (3)
6 Aighneas idir daoine (7)
8 Rámhaíocht (6)
9 Tá an leathanach seo lán díobh: clóite nó labhartha (5)
10 Dabht, easpa creidiúna faoi rud a chuala tú (6)
11 Duine a chreideann i bhfís thar cheann a shaol féin (7)
13 Daoine a mbíonn tú mór leo (6)
17 Miotal coitianta (6)
21 Céim, marc i scrúdú (4)
22 Deir, inis (5)
23 Dabhach (4)
25 Dubhlinn, Baile ---- Cliath (4)

Crosfhocal
06.06.2012



Buaiteoir na Seachtaine seo:

Seán Ó Cléirigh
Co Chorcaí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 18.06.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Na Lig do Rún!

Léigh mé an lá cheana go bhfuil trí shaol againn ar fad. Ní hé go dtagann muid ar ais ar an saol seo trí huaire ach go maireann muid trí shaol gach lá.

Saol Pearsanta nó Príobháideach, Saol Poiblí agus an triú ceann, An Saol Rúnda. Ar dtús báire, is éard atá sa Saol Pearsanta ná an bealach ina mbíonn tú agus tú sa mbaile i do zón sábháilte.

Bíonn muid uilig ar ár gcompord agus muid sa mbaile thart ar na daoine is mo a bhfuil aithne acu orainn. Tá nósanna beaga againn ar fad ab fhearr linn gan a roinnt leis an saol uilig; rudaí beaga simplí, ach fós fhéin is linne na rudaí beaga sin.

Is é an Saol Poiblí ann ceann is suimiúla mar gur anseo a fheictear an t-athrú mór a thagann ar dhaoine agus ar an mbealach a n-iompaíonn siad iad fhéin.

Fiú mura raibh tú sásta faoi rud éigin sa mbaile cúpla nóiméad níos tuisce, tá sé de nós againn meangadh gháire a chuir ar ár n-éadan chun an fearg nó an drochghiúmar a chur i bhfolach.

Tarlaíonn sé seo ó am go chéile i ngan fhios dhúinn féin mar gur fearr linn nach mbeadh a fhios ag an domhan mór céard atá ag cur as dúinn.

Tá muid seasta ag iarraidh muid fhéin a chosaint mar go gcuireann tuairimí daoine eile isteach orainn, fiú na tuairimí a bhoinn ag an gcara is fearr atá againn sa saol.

Is é an Saol Rúnda an saol is deacra a mhaireachtáil agus is easca le tuiscint cén fáth. Má tá rún ag duine, rún faoi rud ar bith faoin spéir, mas fút fhéin atá sé nó faoi dhuine eile ní féidir leat é a insint do dhuine ar bith!

Níl sé seo éasca. Fiú agus muid seasta á gcosaint fhéin go poiblí agus ag coinneáil ár gcuid nósanna beaga pearsanta againn fhéin, is breá linn rúin.

Níl a fhios ag aon duine eile faoin spéir an scéal áirithe seo ach agatsa, agus go hiondúil, duine amháin eile.

Nó, b'fhéidir go bhfuil saol iomlán éagsúil á chaitheamh agat nach mbeidh ar eolas ag do chomharsana go brách. Ach is leatsa an rún sin agus is ábhar bród dhuit a bheith in ann é a choinneáil go ciúin rúnda.

Ach nach iontach an bealach atá againn chun muid fhéin a athrú, ag braith ar an áit ina bhfuil muid agus ar an gcomhluadar ina bhfuil muid!

Agus nuair a smaoiníonn tú ar na trí shaol atá agat fhéin go laethúil, smaoinigh go bhfuil trí shaol den chineál céanna ag cuile dhuine eile atá thart ort. Is as sin a thagann na scéalta a inseofar don chéad ghlúin eile.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas Agat ar do Chearta: Cártaí leighis a choinneáil

Ceist : Beidh mé ag filleadh ar an obair i ndiaidh tréimhse dhífhostaíochta. An féidir liom mo chárta leighis a choinneáil?

Freagra : Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat agus má fhilleann tú ar an obair (cibé acu go lánaimseartha nó go páirtaimseartha) is féidir leat do chárta leighis a choimeád ar feadh 3 bliana ar a mhéid fiú má sháraíonn d'ioncam na teorainneacha. Ní mór go raibh ceann amháin de na híocaíochtaí mar a leanas á bhfáil agat ar feadh 12 mhí nó níos faide:

- Sochar Cuardaitheora Poist
- Liúntas Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Sochar Breoiteachta
- Liúntas Míchumais
- Pinsean na nDall
- Nó bheith ar scéim dreasacht fostaíochta nó scéim um dheiseanna oideachais

Má ghlacann tú le fostaíocht lánaimseartha coinneoidh tú do chárta leighis ar feadh 3 bliana ón dáta a thosaíonn tú ag oibriú. Má ghlacann tú le fostaíocht pháirtaimseartha, tosóidh an tréimhse 3 bliana ón dáta a sháraíonn d'ioncam an teorainn chuí um chárta leighis.

Tá an socrú seo i gceist le daoine ag a bhfuil baint i scéimeanna faoi urraíocht an Rialtais chomh maith, lena n-áirítear an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, JobBridge (an scéim náisiúnta intéirneachta), an Scéim Shóisialta Tuaithe, scéimeanna Tús agus Fostaíochta Pobail.

Tá breis faisnéise ar fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos. Chuir an tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' lé chéile a chuireann seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal. Tá faisnéis ar fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 074000.

Gailf

US Open ag Tosú i San Francisco

Gráinne McElwain

BEIDH Rory McIlroy ag iarraidh an US Open a bhuachan don dara huair as a chéile nuair a chuirfidh sé tús lena bhabhta tráthnóna Déardaoin ar chúrsa an Olympic Club in San Francisco. Feicfear McIlroy, Luke Westwood agus Luke Donald ag imirt sa ghrúpa céanna don chéad dhá bhabhta le Tiger Woods, Phil Mickelson agus Bubba Watson ag imirt i ngrúpa eile. Is ag 7.22in a bheas grúpa Tiger ag tosú agus ina dhaidh sin ag 11.25in a bheas grúpa McIlroy ag tabhairt faoin chúrsa.

Is ar an éasclíne San Andreas atá an cúrsa seo suite, tá timpeall 30,000 crann ann agus ní féidir a bheith ag braith ar an aimsir mar nach bhfaigheann siad mórán gréine os rud é go mbíonn aimsir San Francisco an-aisteach. Tá an cháil ar an áit mar gheall ar na torthaí a bhíonn ann, torthaí nach mbíonn duine ar bith ag súil leo. Le blianta, ní hiad rogha na n-údár a bhuann na comórtais mar tagann imreoir éigin aniar aduaidh ar gach éinne eile chun an corn a chrochadh leis. In 1955 labhair an t-imreoir gailf, Sam Snead, tar éis babhta uafásach a bhí aige ar an gcúrsa agus dúirt sé "nach galfchúrsa é seo ar chor ar bith ach reilig do na Seaimpíní," agus tugann roinnt mhaith Reilig na Seaimpíní air ó shin. Ach an oiread le gach comórtas eile, tá na saineolaithe ag caint ar Tiger arís ach tá cúis mhaith leis an uair seo. Tá trí bliana go leith caite Woods sa bhfásach ach tá sé ag imirt go maith arís agus é bogtha in airde ar liosta ord fiúntais an domhain ó 58 go dtí 4. Bhuaigh sé dhá chomórtas i mbliana, ina measc an Jack Nicklaus' Memorial an deireadh seachtaine seo caite. Beidh an clúdach le feiceáil beo ar Sky Sports 1 leis an aicsean ag tosú ag a cúig a chlog.

Rory McIlroy [Pic : Matt Browne / SPORTSFILE]

Sacar na mBan

An mbeidh Mná na hÉireann ag cáiliú don Euro 2013?

Gráinne McElwain

TRÍ chluiche atá fágtha ag foireann sacair ban na hÉireann agus iad ag iarraidh cáiliú do Chraobhacha na hEorpa 2013 sa tSualainn.

Bhí an-díomá ar an bhfoireann nuair a chaill siad in aghaidh na hAlban dhá mhí ó shin (2-1) agus tá siad sa tríú áit faoi láthair i ngrúpa a ceathair. Beidh na foirne a chríochnóidh in uachtar gach grúpa ag dul go dtí na craobhacha chomh maith leis an dá fhoireann is fearr a chríochnóidh sa dara háit sna grúpaí.

Tá dhá chluiche fíorthábhachtacha ag teacht ar an Satharn agus ar an Déardaoin dár gcionn nuair a chasfaidh foireann na hÉireann ar an mBreatain Bheag agus ansin ar Alba. Beidh an cluiche deireanach acu i Meán Fómhair in aghaidh Iosrael.

D'éirigh le foireann na hÉireann an lámh in uachtar a fháil ar an mBreatain Bheag cheana 2-0 agus beidh buntáiste baile acu an uair seo. Níl Alba ach pointe amháin chun tosaigh orthu sa ghrúpa agus caithfidh Éire an dá chluiche sin a bhuachan chun an seans is fearr a thabhairt dóibh féin.

Beidh captaen na foirne, Ciara Grant, ag imirt don 102ú uair i ngeansaí na hÉireann agus cuirfear fáilte ar ais roimh Emma Byrne a bhí gortaithe don chluiche dúshláine in aghaidh na hÉilbhéise le déanaí. Is i gCrois an Tornóra i gCorcaigh a bheas an dá chluiche.

Tósóidh cluiche an tSathairn ag a 5.00in agus ar an Déardaoin ag 7.30in.

Ciara Grant, Poblacht na hÉireann
[PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

An bhfuil Giovanni Trapattoni, ar dheis, cliste go leor chun Éire a tharraingt amach as an fhaopach ina bhfuil siad? Sa phictiúr seo, a glacadh ag seisiún traenál in Gdynia, An Pholainn, inné, tá sé á míniú féin d'oifigeach trealaimh na fóirne, Mick Lawlor
[PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh, 2012

Ar an gclaí

Le John Allen

"An bhfuil peileadóirí na Gaillimhe cosúil le hiománaithe an Chontae, lá amháin go hiontach agus lá eile go hainnis?"

An Domhnach beag seo, beidh an chéad ceann de chluichí leathcheannais iomána na Mumhan ar siúl nuair a imreoidh Port Láirge agus an Clár a chéile i nDúrlas.

Bhí fíor-dhrochthosú ag fir na nDéise in 2012 agus an chuma ar an scéal, le dhá chluiche sraithe fágtha, gurb iad a bheadh sa chluiche dícháilithe ach ní mar sin a tharla agus nuair a bhí deireadh déanta i sraith Allianz bhí a n-áit cinntithe sa phríomhroinn don chéad bhliain eile.

A mhalairt de scéal a bhí ag an gClár agus iad ag dul ó neart go neart ón tosach. Ar ndóigh, bhuadar Roinn 1b ach theip orthu sa chluiche leathcheannais i gcoinne Chill Chainnigh.

Ach tríd is tríd, caithfidh go bhfuil Davy FitzGerald agus a chuid roghnóirí thar a bheith sásta leis an dul chun cinn atá déanta acu.

Ach seo comórtas eile, cluiche amháin chun áit a fháil i gcluiche ceannais na Mumhan agus, ar a laghad, áit i gcluiche ceathrú ceannais na hÉireann. Mar sin is fiú é a bhuachaint.

D'imir Luimneach i gcoinne Phort Láirge i gcluiche cleachtaidh ar an Aoine seo caite agus don chéad leath ní raibh na Déise istigh sa chluiche in aon chor.

Bhí an chuma ar chuid den imirt uathu go raibh tuirse orthu. Sa dara leath bhíodar níos fearr ach don chuid is mó den dara leath sin ní raibh ach leath den chúigear déag is fearr ag Luimneach ar an bpáirc.

Bunaithe ar an fhianaise sin, ceapaim go mbeidh sé deacair ar Phort Láirge cluiche an Domhnaigh seo a thabhairt leo.

D'imir an Clár i gcoinne Chorcaigh an tseachtain seo caite freisin agus chuala mé go rabhadar maith go leor. Is cinnte go mbeidh siad ullamh ag Davy Fitz.

Tá an t-uafás déanta acu ó thosach na bliana agus ba cheart go seasfadh an dea-dobair sin dóibh, is é sin mura bhfuil barr sroichte acu róluath sa bhliain. Is dócha go mbeidh sé cothrom go leor ach ag an deireadh is dóigh liom go mbeidh an lá ag na hóganaigh ó Chontae an Chláir.

I gCúige Laighean, tá seans gleoite ag Gaillimh áit a fháil sa chraobhchluiche mar níl aon dabht ach go bhfuil siad ar an taobh éasca den tarraingt.

Is dóigh go gcuirfidh Uíbh Fhailí ceisteanna orthu ach ba cheart go mbeadh fhir an iarthair róláidir agus ró-oilte dóibh.

D'fhoghlaim an Ghaillimh mórán sa dá cluiche i gcoinne Bhaile Átha Cliath ag deireadh na sraithe agus seasfaidh sé sin dóibh. Scaoileadar isteach 4-12 i gcoinne na hIarmhí agus is cinnte nach raibh an bainisteoir, Anthony Cunningham, róshásta leis sin, ach is dóigh, má bhíonn Joe Canning ag imirt, go mbeidh siad rómhaith d'Uíbh Fhailí.

Thóg cúrsaí peile lár stáitse an deireadh seachtaine seo caite. Cheapas go mbeadh an bua ag Gaillimh i gcoinne Shligigh ach a mhalairt de scéal a bhí ann.

Chríochnaigh Adrian Marren le dhá chúl agus sé chúilín agus ar an dtaispéantas sin beidh fir Kevin Walsh lán de dhóchas ar lá an chraobhchluiche.

An bhfuil peileadóirí na Gaillimhe cosúil le hiománaithe an Chontae, lá amháin go hiontach agus lá eile go hainnis?

Bhí sliabh le dreapadh ag Luimneach sa dara leath de chluiche leathcheannais na Mumhan ar an Satharn. I ndiaidh fíordhrochthosú, a d'fhág iad naoi gcúilín chun deiridh ag an bhfeadóg ghairid, thosaíodar ag imirt agus ag druidim le deireadh bhíodar chun tosaigh.

Ach chríochnaigh an Clár le dhá chúilín ó David Tubridy sna trí nóiméad dheireanacha a chinntigh an bua dóibh. Seo an chéad uair ó 2000 a mbeidh an Clár ag imirt sa chraobhchluiche ach beidh sé deacair orthu a theacht as an gcluiche sin le bua.

Cad d'fhoghlaimíomar ó chluiche an Domhnaigh seo caite i bPáirc Uí Chaoimh? Bhuel cheapas go raibh imreoirí na Ríochta tuirseach.

Chomh maith leis sin, ní raibh an dúil céanna acu don choimhlint agus a bhí ag Corcaigh, agus cé nach raibh ach cúpla cúilín eatarthu ar chlár na scór don chuid is mó den cluiche, bhí i bhfad níos mó den liathróid ag Corcaigh agus iad ag obair i bhfad níos díograisí chun seilbh a fháil.

Bliain eile, bheinn ag rá go bhfeicfimis níos mó de Chiarraí sula mbeadh deireadh déanta, ach nílim róchinnte i mbliana.

Beidh sé deacair Corcaigh a bhualadh nuair a bheidh níos mó déanta ag Goulding agus ag Sheehan. Bhí siad gan Fintan Gould agus Pierce O'Neill freisin ar an Domhnach. Cinnte tá siad ar ghearrliosta an-ghearr le Baile Átha Cliath chun a bheith i láthair nuair a thosóidh an taobh gnó den séasúr.

I ndiaidh na deireadh seachtaine seo chughain, cén praghas a gheobhaimid ó na geallghlacadóirí ar an gClár chun an dá chraobh sinsir Mumhan a thabhairt leo ? An Banner abú !

Cá bhfuil an liathróid? Seamus Scanlon, Ciarraí, in iomaíocht le hAlan O'Connor, Corcaigh i gCraobh na Mumhan Dé Domhnaigh. Bhain Corcaigh an cluiche i bPáirc Uí Chaoimh, 0-17 le 0-12 [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Anthony Cunnigham réasúnta sásta go dtí seo

Bainisteoir Iomána na Gaillimhe, Anthony Cunningham [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]

LABHAIR **Gráinne McElwain** le hAnthony Cunningham, bainisteoir Iomána na Gaillimhe, i rith na seachtaine agus é ag réiteach a fhoireann do chluiche leathcheannais Chúige Laighean in aghaidh Uíbh Fhailí Dé Domhnaigh.

Cad a cheap tú faoi Ghaillimh sa chluiche Craoibhe in aghaidh na hIarmhí?

Táim sásta leis an gcaoi a d'imir muid. Níor dhírigh muid go hiomlán ar an gcluiche i dtreo an deiridh ach bhí sé iontach cluiche maith a fháil agus táim sásta leis an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo. Tuigeann muid ar fad go bhfuil cluichí níos crua amach romhainn.

Cé chomh buartha is atá tú faoi líne lánchúil na Gaillimhe agus an bhfuil deacracht faoi leith ann leis an liathróid ard?

D'imir an líne lánchúil go maith sa tsraith in aghaidh Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus cinnte bhí drochlá againn in aghaidh Chill Chainnigh (chaill siad le 25 cúilín). Ach in aghaidh na hIarmhí cuirim an locht ar mheon aigne na leaids uilig i dtreo dheireadh an chluiche agus ní ar an líne lánchúil go hiomlán. Tháinig ar a laghad dhá nó trí chúl ón liathróid ard agus is cosúil go raibh fadhb againn ansin ar an lá ach tá go leor moladh tuillte ag an Iarmhí as an dóigh a d'imir siad.

I do bharúil, cé é mar a d'éirigh leis na leaids óga i ngeansaí na Gaillimhe a d'imir den chéad uair?

Bhí cúigear acu ann agus rinne siad go maith cé go bhfuil go leor le déanamh fós. Fergal Flannery sa chúl, Niall Donoghue sa líne lánchúil, Paul Gordan mar leathchúlaí, Niall Burke leatosaí agus Conor Cooney ar imeall na cearnóige. Tháinig Jonathan Glynn ó Ard Raithin isteach agus gan é ach 19 bliana d'aois agus d'imir sé go maith freisin.

Cad é an scéal is déanaí leis na gortuithe ar an bhfoireann?

Níor imir Joe Canning in aghaidh na hIarmhí mar gheall ar ghortú gualainne ach táim muiníneach go mbeidh sé ar ais in aghaidh Uíbh Fhailí. Tá seans maith ann go mbeidh David Collins ar ais ó ghortú rúitín freisin.

An bhfuil brú speisialta ar Ghaillimh chun Craobh na hÉireann a bhuachan?

Níor shroich Gaillimh amach Cluiche Leathcheannais na hÉireann ó 2005 agus caithfidh muid a bheith réalaíoch faoi sheansanna na foirne. Níl muid chun Craobh na hÉireann a bhuachan go furasta agus caithfidh lucht tacaíochta na Gaillimhe glacadh leis sin chomh maith. Tá an lucht leanta an-tábhachtach mar spreagann siad misneach agus ba mhaith liom muintir na Gaillimhe a fheiceáil ag teacht go dtí na cluichí agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann óg seo.

Cad chuige nach bhfuil dul chun cinn déanta ag Gaillimh i ngrád na sinsir go háirithe leis an méid atá buaite acu faoi aois?

Is iomaí cúis atá leis sin agus seans maith go raibh roinnt imreoirí ró-óg nuair a thosaigh siad i ngrád na sinsear. Níor chabhraigh sé go raibh go leor athruithe ag leibhéal na bainistíochta agus ar modhanna traenála difriúla ag na bainisteoirí sin. Is féidir le foireann mhaith Craobh Mhionúir na hÉireann agus F-21 a bhuachan ach amanntaí ní thagann ach triúr nó ceathrar imreoirí ó na grádanna sin aníos chomh fada le grád na sinsear mar nach bhfuil sé éasca an t-ardú céime sin a thógail. Caithfidh imreoir idirchontae go leor tréithe a bheith aige, ar nós luas, láidreacht, neart scileanna, airde, fisicúlacht agus mura bhfuil an chuid is mó de na tréithe sin ag imreoir beidh sé i bponc.

Tá díospóireacht ann faoi láthair faoin ról atá ag an bhfear "beag" sa rugbaí. An bhfuil tú ag rá nach bhfuil áit ann níos mó dó san iomáint?

Tá áit ann d' fhir atá níos lú sa chúinne ar an líne lántosach agus sa líne lánchúil ach caithfidh tú a bheith fíormhaith san aer ar nós Tommy Walsh nó Richie Hogan.

An mbeidh mórán athruithe ar an bhfoireann don chluiche in aghaidh Uíbh Fhailí?

Ní féidir liom a rá anois cén fhoireann a bheas ag dul chun páirce mar tá seans maith ann nach mbeidh an fhoireann chéanna ag tosú Dé Domhnaigh agus a thosaigh in aghaidh na hIarmhí. Táim ag súil go mbeidh an chuid is mó de na leaids a bhí gortaithe ar ais ar an bpainéal, ach braitheann gach rud ar an gcaoi a n-imreoidh siad ag traenáil agus is iad na leaids atá ag imirt go maith sa traenáil a bheas ar an fhoireann in aghaidh Uíbh Fhailí.

Dé Domhnaigh @ 2.00 i bPort Laoise - Gaillimh v Uíbh Fhailí

Traenáil déanta ag Richard Dunne

BHÍ dea-scéal ag foireann sacair na hÉireann inné nuair a ghlac Richard Dunne páirt i dtraenáil in Gdynia. Ní dhearna an cosantóir traenáil Dé Luain de bharr clog a bheith ag cur as dó. Is cinnte go mbeidh taithí an imreora ríthábhachtach nuair a thabharfaidh Éire aghaidh ar Churaidh an Domhan agus na hEorpa, an Spáinn, san oíche amárach.

Ní raibh an fear lár páirce, Darren Gibson, i mbun traenála Dé Luain de bharr gortaithe leise, ach bhí sé tagtha chuige féin inné agus ghlac sé páirt sa traenáil inné chomh maith. D'imir Jonathan Walters chun tosaigh le Robbie Keane le linn na traenála, seachas Kevin Doyle.

Idir an dá linn, tá fiosrú curtha ar bun ag UEFA faoin tríú eachtra ciníoch a tuairiscíodh le seachtain anuas.

Deir grianghrafadóirí a bhí i láthair ag an gcluiche idir an Spáinn agus an Iodáil ar an Domhnach gur tugadh drochíde ciníoch do Mario Balotelli.

Deir siad go ndearna suas le 300 de lucht leanta na Spáinne aithris ar fhuaim mhoncaí nuair a bhí an tosaí Iodálach i seilbh na liathróide. Dheimhnigh Thomas Herzog ón rannóg Spáinneach den Fans' Embassy of Football Supporters Europe, gur tharla an drochíde ciníoch, agus go ndearna leantóirí eile de chuid na tíre sin iarracht stop a chur leis.

Rinne roinnt leantóirí de chuid na Rúise 'rosc moncaí' nuair a bhí imreoir de chuid Phoblacht na Seice, Theodor Gebre Selassie, ar an liathróid le linn chluiche na hAoine agus dúirt imreoirí de chuid na hÍsiltíre gur tugadh drochíde ciníoch dá gcuid imreoirí le linn seisiún traenála in Krakow an tseachtain seo caite.

Richard Dunne, ar dheis, in éineacht le hiarpheileadóir Phoblacht na hÉireann, Jason McAteer le linn seisiún traenála Dé Luain na seachtaine seo [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Athbheochain na hIomána sa Chlár

Labhraíonn **Cillian Ó Conchúir** le **Fergal Lynch**, an Clár

Is fada an lá ó bhí an Clár i mbarr a maitheasa agus iad ag tabhairt Chorn Liam Mhic Cárthaigh leo. Bhí Fergal Lynch in Ardán Uí Chíosóig in 1995 nuair a bhuaigh siad ar Uíbh Fhailí, 1-13 in aghaidh 2-8.

Bhí sé sa seastán céanna in 1997 nuair a fuair foireann Ger Loughnane an bua ar Tiobraid Árainn, le pointe amháin, 0-20 in aghaidh 2-13.

Laistigh de cheithre bhliain sna nóchaidí bhí trí Chraobh na Mumhan agus dhá Craobh Uile-Éireann buaite ag Anthony Daly, Jamesie O'Connor, Ger 'Sparrow' O'Loughlin agus Davy Fitzgerald, atá i mbun bainistíochta orthu ar an Sathairn.

Ach tá iomáint sa Chlár tar éis dul i léig, gan Craobh na Mumhan buaite acu ó 1998. Bhí Lynch ina chéad bliain i gColáiste iomána Fhlannáin i '95, nuair a bhí Jaimsie O'Connor ag déanamh scrios ar chosantóirí, suas, síos na tíre, ar a bhealach chuig dhá Chraobh na hÉireann a bhuachan leis an gClár.

Seans mar sin nach raibh roghanna níos fearr chun rath a thabhairt ar ais chuig an Chlár ná na himreoirí a thóg Craobh na hÉireann leo den chéad uair le 81 bliain in 1995.

Agus cén bhfoireann gur fearr foghlaim uaithi ach an fhoireann is mó buanna i stair an chomórtais, Cill Chainnigh. Chuaigh muintir an Chlár go Cill Chainnigh chun foghlaim faoin struchtúr iomána faoi aois a bhí ann agus thógadar é ar ais é chuig an gClár.

"Rinneamar an treoirphlean a bhí ag Cill Chainnigh a chóipeáil. Bhunaigh iarimreoir an Chláir, Seanie McMahon, Brian Quinn, Jim McInerney agus Jamesie O'Connor scuaid forbartha timpeall ceithre bliana ó shin. Tá na himreoirí sin ag teacht isteach sa bhfoireann mionúir faoi láthair.

Roinneamar an chontae suas lena chinntiú go mbeah na scileanna cearta á gcóitseáil do na ógánaigh chun muid féin a thabhairt suas chuig an ngrád céanna ina bhfuil Cill Chainnigh.

"Tá cuma ar an iomáint gur cluiche í atá ag fáil bháis. Tá na foirne láidre ag fáil níos láidre agus go bhfios dom tá na foirne laga ag éirí níos laige. Is faoi na struchtúr faoi aois atá sé cén toradh a bhéas air.

Tá siad tar éis féachaint air sin sa Chlár agus é a mheasúnú agus is féidir an toradh a fheiceáil ag teacht tríd sna foirne mionúir agus faoi 21 le roinnt blianta.

"Ach ní féidir brath air sin an t-am ar fad. Tá Gaillimh tar éis Craobh na hÉireann mionúir agus faoi 21 a bhuachan le roinnt blianta, ach níl siad tagtha tríd chuig an bhfoireann sinsir. Is rud mór é chun na himreoirí sin a bhrú ar aghaidh don chontae."

Fergal Lynch, an Clár, faoi bhrú ag Shane McGrath agus Lar Corbett, Tiobraid Árann, i gCluiche Leathcheannais na Mumhan san Iomáint. [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

"Dírigh muid air sin sa Chlár toisc gur féidir linn a fheiceáil gur brat dearg atá ann. Mura réitíonn muid é ní bheidh aon ní againn i gceann cúpla bliain.

Táimid ag féachaint air faoi láthair agus tá súil againn go mbeimid in iomaíocht sna sraitheanna agus sna craobhchomórtais seachas a bheith á ndíbirt astu."

Bíodh sin mar atá, ach le Port Láirge ag tabhairt aghaidh ar an gClár an deireadh seachtaine seo i Durlas, beidh lucht tacaíochta an Chlár ag iarraidh filleadh ar laethanta na nóchaidí.

Agus tar éis dóibh Roinn a hAon B na Sraithe a bhuachan, agus bua faoi dhó faighte acu ar fhoireann láidir as Luimneach, is cinnte go bhfuil daoine ag tnúth le rudaí móra ó fhoireann Davy Fitzgerald. Ach dar le Lynch, ní chóir dul thar fóir.

"Nílimid tar éis na foirne is fhearr a imirt, sa tsraith is fearr. Bíonn sé deacair ullmhú dá bharr sin. Imríonn tú i gcoinne na bhfoirne atá ar aon chaighdeáin leat féin, ach an t-aon slí go bhfaighidh tú níos fearr ná trína bheith i measc imreoirí níos fearr.

"Tá sé mar sprioc againn an bua a fháil ar Phort Láirge agus áit a ghnóthú i gCraobh na Mumhan i gcoinne Tiobraid Árainn nó Corcaigh. Is cuma linn cé acu, ach caithfimid an ceann is fearr a fháil ar Port Láirge ar dtús.

Ach cé go luann Lynch leithéidí Tony Browne, na deartháireacha Prendergast, agus John Mullane, tá sé den tuairim gur féidir leo an ceann is fearr a fháil orthu.

"Táimid níos óige agus níos tapúla. Más féidir leis an líne lán tosaigh an liathróid a bhuachan, tá seans iontach againn. Tá aithne ag Davy orthu agus b'fhéidir go mbeidh sé sin úsáideach nuair a tagann an cluiche."

Ach mar a léirigh an dá cluiche i gcoinne Luimnigh, tá talainn sa bhfoireann agus tá Lynch ag súil le samhradh sona fada i mbliana, cé go bhfuil deacrachtaí ann chomh maith.

"(Táimid ag caint faoi) Craobh na Mumhan agus Craobh na hÉireann, ach an chéim is tábhachtaí faoi láthair ná an bua a fháil ar Phort Láirge. Tá sé deacair ar leithéidí an Chláir, Luimneach, Uíbh Fhailí agus Loch Garman atá ag imirt i sraith níos ísle. Níl sé de chumas agat a theacht amach agus imirt ag luas na craoibhe ón tús agus leanúint leis an luas sin."

Cé gur imir sé den chéad uair in 2002, nuair a tógadh Lynch isteach i bpainéil traenála don bhliain, is sa cluiche leathcheannais i gCraobh na hÉireann 2005 i gcoinne Corcaigh a d'imir sé ina chéad cluiche sa craobhchomórtas agus is mothúcháin é nach dteastaíonn uaidh a fháil arís. "Chailleamar le pointe," a dúirt Lynch.

"Bhí sé ar ceann de na cailliúintí is mó briseadh croí riamh. Cheapamar go raibh muid maith go leor chun Craobh na hÉireann a bhuachan agus mar a tharla sé, ba iad Corcaigh a chuaigh ar aghaidh chun Craobh na hÉireann a bhuachan an bhliain sin." Ach le teacht samhraidh úir, tá deis eile ag Lynch agus ag an gClár cúrsaí a chur ina gceart agus mian a gcroí a bhaint amach.

"Is é mian mo chroí é," a dúirt Lynch faoi imirt i gCraobh na hÉireann.

"Nuair atá tú thuas san ardán ag féachaint ar an gcluiche, mothaíonn tú an t-atmaisféar mórthimpeall ort. Níl áit níos fearr le bheith mar iománaí. Fanann sé leat i d'aigne agus teastaíonn uait a bheith ann.

"Tá cluichí a imríonn tú i bPáirc an Chrócaigh sa bhabhta ceathrú ceannais agus sa bhabhta leathcheannais iontach, ach seans nach féidir le haon cluiche an ceann is fearr a fháil ar imirt i gCraobh na hÉireann."

Tosaíonn an bhrionglóid sin i gcoinne Phort Láirge an tseachtain seo agus más féidir leo an ceann is fearr a fháil ar Phort Láirge, ca bhfios cén tráth a gcríochnóidh an bhrionglóid chéanna